

# Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Gaeilgeachta Láir



Bealtaine 2021



# Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir Contae Dhún na nGall

*Language Plan for the Central Gaeltacht Language Planning Area, County Donegal*

*Please note: An English-language summary can be found on page 133*

## Fís agus Sprioc an Choiste

D'obair an Coiste Pleanála Teanga go dlúth le pobal na Gaeltachta Láir ag gach céim d'ullmhúchán an Phlean Teanga seo agus aithníonn an Coiste gur gá leanstan ar aghaidh leis an chomhoibriú sin chun go mbeidh toradh dearfach ar bhearta an Phlean. Tuigtear don Choiste an gá atá le comhpháirtíocht le heagraíochtaí agus grúpaí pobail chun a chinntíú go mbeidh rath ar a n-iarrachtaí.

Tá sé mar phríomhsprioc ag Coiste Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir dul i bhfeidhm ar chleachtais teanga an phobail ar bhealach dearfach d'fhonn líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú de 10% thar thréimhse seacht mbliana an Phlean. Féachfaidh an Coiste leis an titim sheasta i líon na gcainteoirí Gaeilge a chobhsú sa cheantar agus iompar fabhrach i dtaobh na Gaeilge a bhuanú.

**Curtha le chéile ag Barra Ó Scannláin i gcomhar le  
Coiste Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir agus Gleann Fhinne CFT**

# Clár na nÁbhar

<i>Focal ón larchathaoirleach</i> .....	v
<i>Focal ón Chathaoirleach</i> .....	vi
<b>1 Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga</b> .....	<b>1</b>
1.1 Réamhrá.....	1
1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 .....	1
1.3 Acht na Gaeltachta 2012 .....	1
1.4 Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022.....	2
1.5 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 .....	2
<b>2 Sonrai na Ceanneagraíochta</b> .....	<b>3</b>
2.1 An Ceanneagraíocht.....	3
2.2 An Coiste Stiúrtha .....	3
<b>3 Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga</b> .....	<b>6</b>
3.1 Réamhrá.....	6
3.2 Toghranna an LPT .....	7
3.3 Topagrafaíocht an LPT.....	7
3.4 Daonra an LPT.....	8
3.4.1 Daonra .....	8
3.4.2 Staid na Gaeilge sa LPT .....	9
3.5 Seirbhísí agus Tacaíochtaí.....	11
3.5.1 Áis Réamhscoile an Chlocháin .....	11
3.5.2 An Córas Oideachais .....	11
3.5.3 Seirbhísí Teanga .....	13
3.5.4 Coistí Áitiúla .....	13
3.5.5 Caitheamh Aimsire.....	14
3.5.6 Fostaíocht .....	14
3.6 Saothair Ghaeilge an Cheantair .....	14
<b>4 Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga</b> .....	<b>17</b>
4.1 Feachtas Feasachta .....	17
4.2 An Taighde .....	17
4.2.1 Taighde Tánaisteach .....	17
4.2.2 Taighde Príomha .....	17
4.2.3 Grúpa Fócais .....	18
4.2.4 Agallamh Leath-Struchtúrtha.....	19
4.2.5 Cuireadh oscailte teagmháil a dhéanamh leis an CPT .....	19
4.3 Tátal.....	19

<b>5</b>	<b>Tortháí an Taighde.....</b>	<b>20</b>
5.1	Réamhrá.....	20
5.2	Suirbhé na dTithe.....	20
5.2.1	Eolas Ginearálta faoin Sampla .....	20
5.2.2	Cúlra agus Cumas Teanga .....	22
5.2.3	Cleachtas Teanga .....	25
5.2.4	Dearcadh i leith na Gaeilge .....	30
5.2.5	Mianta don Ghaeilge sa cheantar .....	33
5.2.6	Moltaí do chur chun cinn na Gaeilge i measc óige an cheantair .....	36
5.3	Suirbhé na hÓige .....	41
5.3.1	Eolas Ginearálta faoin Sampla .....	41
5.3.2	Cúlra agus Cumas Teanga .....	41
5.3.3	Cleachtas Teanga .....	44
5.3.4	Dearcadh i leith na teanga .....	49
5.3.5	Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge .....	52
5.4	Tátal .....	55
5.4.1	Suirbhé na dtithe .....	55
5.4.2	Suirbhé na hÓige.....	55
<b>6</b>	<b>Bearta an Phlean Teanga .....</b>	<b>57</b>
6.1	Réamhrá.....	57
6.2	Feidhmiú an Phlean Teanga.....	58
6.2.1	Struchtúr Feidhmithe .....	58
6.2.2	Oifigeach Pleanála Teanga .....	59
6.2.3	Láithreacht ar Líne .....	60
6.2.4	Bunachar Teaghmálaithe .....	61
6.2.5	Monatóireacht .....	61
6.2.6	Seoladh Plean Teanga na Gaeltachta Láir .....	63
6.3	An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais) .....	64
6.3.1	Fóram Oideachais .....	64
6.3.2	Nascanna idir Scoileanna an LPT a neartú .....	65
6.3.3	Acmhainní Teagaisc/Téacsleabhair .....	65
6.3.4	Cleachtas Teanga sa Seomra Ranga.....	66
6.3.5	Forbairt Teanga na nDaltaí Nua .....	67
6.3.6	Tacaíocht do Thuismitheoirí Páistí Naíonra .....	68
6.3.7	Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeilge/Pleanáil Teanga don Idirbhliain .....	69
6.3.8	Feasacht Teanga i measc Daltaí Scoile an LPT .....	70
6.3.9	Gairmeacha le Gaeilge .....	71
6.3.10	Nasc idir GSCU agus Gaelcholáiste (Coláiste Oiríall/Scoil Phobail Cholmcille, Toraigh).....	71
6.4	Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga .....	72
6.4.1	Grúpa Tuistí agus Tachráin a bhunú i nGleann Fhinne .....	72
6.4.2	Tacaíocht teanga a chur ar fáil do ghrúpa Tuistí agus Tachráin Bhaile na Finne .....	73
6.4.3	Ciorcal Comhrá ar maidin do thuismitheoirí .....	74
6.4.4	An Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile .....	75
6.4.5	Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an LPT .....	76
6.5	Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghráupaí eile .....	77
6.5.1	Clubanna Óige.....	77
6.5.2	Traenáil Cheannairí na gClubanna Óige.....	78
6.5.3	Spásanna Sóisialta.....	79
6.5.4	Clár TechSpace .....	80

6.5.5	Imeachtaí don Óige .....	80
<b>6.6</b>	<b>Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais .....</b>	<b>81</b>
6.6.1	Ranganna Gaeilge .....	81
6.6.2	Ceardlanna do dhaoine fásta .....	82
6.6.3	Oíche na bhFoghlaimeoirí .....	83
<b>6.7</b>	<b>An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn .....</b>	<b>85</b>
6.7.1	Seirbhís Aistriúchán agus Tacaíochta Teanga don Earnáil Ghnó .....	85
6.7.2	Tascfhórsa Fostaíochta na Gaeltachta Láir .....	86
6.7.3	Turasóireacht Teanga/Coláiste Samhraidh .....	87
6.7.4	Féilte sa cheantar .....	87
<b>6.8</b>	<b>Na Meáin Chumarsáide .....</b>	<b>89</b>
6.8.1	Nuachtlitir an LPT .....	89
6.8.2	Cláracha raidió leis an aos óg .....	89
6.8.3	Na Meáin Shóisialta .....	90
6.8.4	Sraith Físeán faoin Phleanáil Teanga .....	91
<b>6.9</b>	<b>Seirbhísí Poiblí .....</b>	<b>93</b>
6.9.1	Seirbhísí Stáit/Údarás na Gaeltachta .....	93
6.9.2	Seirbhísí Eaglasta .....	94
6.9.3	Seirbhísí Sláinte .....	94
<b>6.10</b>	<b>Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach .....</b>	<b>96</b>
6.10.1	Tearma(i)nn Teanga .....	96
6.10.2	Comharthaíocht i nGaeilge .....	97
<b>6.11</b>	<b>Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire .....</b>	<b>98</b>
6.11.1	Club Drámaíochta na Gaeltachta Láir .....	98
6.11.2	Scéim “GaelChara” .....	98
6.11.3	Grúpaí Sóisialta do Dhaoine Fásta .....	99
6.11.4	Cumann Lúthchleas Gael .....	100
6.11.5	Scoil Cheoil na Gaeltachta Láir .....	101
<b>6.12</b>	<b>Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nónsmhaireacht an phobail ina leith .....</b>	<b>103</b>
6.12.1	Scéim Intérneachtaí le Gaeilge .....	103
6.12.2	Cumáinn Ghaelachá ellscoile a thabhairt go dtí an LPT .....	103
6.12.3	Comhairle Contae Dhún na nGall .....	104
6.12.4	Feachtas Feasachta diríthe ar Chainteoirí Laethúla Gaeilge .....	105
6.12.5	Cainteanna Poiblí .....	106
<b>7</b>	<b>Costais agus Maoiniú .....</b>	<b>108</b>
<b>7.1</b>	<b>Costais .....</b>	<b>108</b>
7.1.1	Nóta maidir le Beart 6.2.2 .....	108
<b>7.2</b>	<b>Clár Caiteachais Phlean Teanga na Gaeltachta Láir .....</b>	<b>109</b>
<b>7.3</b>	<b>Maoiniú .....</b>	<b>111</b>
<b>8</b>	<b>Forbairt Feasachta agus Poiblíocht .....</b>	<b>112</b>
<b>8.1</b>	<b>Forbairt Feasachta .....</b>	<b>112</b>
<b>8.2</b>	<b>Poiblíocht .....</b>	<b>112</b>
8.2.1	Brandáil .....	112
8.2.2	Poiblíocht .....	112
<b>9</b>	<b>Feidhmiú agus Monatóireacht .....</b>	<b>114</b>
<b>9.1</b>	<b>Feidhmiú an Phlean Teanga .....</b>	<b>114</b>

9.1.1	Struchtúr Feidhmithe .....	114
9.1.2	Ról na Ceanneagraíochta .....	114
9.1.3	Ról an Oifigigh Pleanála Teanga.....	114
<b>9.2</b>	<b>Monatóireacht.....</b>	<b>114</b>
<b>Foinsí:</b>	.....	<b>116</b>
<b>Aguisín I: Critéir Pleanála Teanga .....</b>	.....	<b>118</b>
<b>Aguisín II: Ceistneoirí.....</b>	.....	<b>119</b>
<b>Aguisín III: English-Language Summary.....</b>	.....	<b>133</b>
<b>Introduction</b> .....	.....	<b>133</b>
<b>Context</b> .....	.....	<b>133</b>
<b>Background</b> .....	.....	<b>133</b>
<b>An Overview of the Gaeltacht Láir LPT</b> .....	.....	<b>133</b>
<b>Topography</b> .....	.....	<b>133</b>
<b>Population</b> .....	.....	<b>134</b>
<b>The Irish Language in the LPT</b> .....	.....	<b>134</b>
<b>The Education System</b> .....	.....	<b>134</b>
<b>Preparation of the Language Plan</b> .....	.....	<b>134</b>
<b>Research Results</b> .....	.....	<b>135</b>
<b>A Summary of the Measures included in the Plan</b> .....	.....	<b>135</b>
<b>Costs and Funding</b> .....	.....	<b>144</b>
<b>Awareness and Publicity</b> .....	.....	<b>144</b>
<b>Implementation and Monitoring</b> .....	.....	<b>144</b>

## Focal ón larchathaoirleach

Tá áthas mór orm go bhfuil plean dearfach beoga againn, faoi dheireadh, chun athbheochan a dhéanamh ar ár dteanga dhúchais sa Ghaeltacht Láir.

Ar dtús, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh linn an plean seo a fhorbairt. Buíochas mór don choiste a bhfuil baill air ó gach áit sa cheantar.

Buíochas mór do na timirí a chuaigh ó dhoras go doras chun surbhé mionsonraithe a dhéanamh ar staid na teanga sa cheantar, agus chun tuairimí na ndaoine a fháil ar an bhealach ab fhearr a d'fhéadfaí an teanga a chur chun cinn.

Buíochas festa don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus d'Údarás na Gaeltachta a chuir an t-airgead ar fáil agus go háirithe buíochas mór do Shéamas Ó Gallachóir agus Anna Uí Dhochartaigh ón Údarás, a d'fhreastail ar go leor de na cruinnithe agus a bhí i gcónaí ag an cheann eile den ghuthán le comhairle.

Is cinnte go bhfuil buíochas mór tuillte festa ag ár gcomhairleoir, Barra Ó Scannláin, a rinne sár-iarracht chun an plean seo a chur i gcrích ó tháinig sé ar bord anuraidh.

Le linn mo thréimhse mar chathaoirleach fuair mé an-spreagadh ón dearcadh dearfach a bhí sa phobal, agus ba mhór an t-údar misnígh dom a fháil amach gur chláraigh na scoileanna uile sa Ghaeltacht Láir chun an clár tumoideachais a chur i bhfeidhm. Níl dabht ar bith ach go bhfuil pobal na Gaeltachta Láir ag iarraidh go ndéanfaí an Ghaeilge a athbheochan sa cheantar.

Mar sin féin, agus níor mhaith liom a bheith diúltach, ach má tá toradh dearfach le bheith ar an phlean seo, caithfidh an Rialtas tacaíochtaí a sholáthar a chuirfidh ar chumas agus a spreagfaidh daoine chun cónaí sa cheantar mar gurb í an imirce an constaic is mó ar dhul chun cinn sa cheantar seo le 100 bliain anuas.

Má ghlacaimid Paróiste Ghleann Fhinne amháin, de réir an daonáireamh i 1901, bhí 3,609 duine ina gcónaí ann. Faoi 2001 ní raibh fágtha ach 1,307 duine. D'éisigh le Rialtas i ndiaidh Rialtais in Éirinn, ó 1922 anuas, níos mó daoine a dhíbirt as an cheantar ná rinne 800 bliain de riail na Breataine.

Is é mo thuairim féin nach mairfidh an teanga mura bhfuil daonra inmharthana ann. Le cúpla bliain anuas lean an meath le dúnadh Oifigí Poist, Siopaí, Stáisiún Ghardaí srl. sa Ghaeltacht Láir. Fiú sa lá atá inniu ann níl oiread agus creche amháin idir na Gleannáí agus Bealach Féich chun freastal ar theaghlaigh le leanaí óga.

Tá plean againnanois. Tá tacaíocht na ndaoine againn. Tá tacaíocht na mbunaíochtaí oideachais againn, ach tá cuidiú de dhíth.

Go sábhála Dia sinn agus ár dTeanga.

Seán Ó Gallachóir

Iarchathaoirleach Choiste Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir

Bealtaine 2021

## Focal ón Chathaoirleach

Mar chainteoir dúchais a tógadh i Machaire Uí Rabhartaigh tá sé de phléisiúr agus de phribhléid agam a bheith ag obair i measc an phobail anseo sa Ghaeltacht Láir le roinnt blianta agois. Ceann de na chéad ócáidí ar fhreastail mé uirthi mar Bhainisteoir le Forbairt Eachla CTR ná seoladh Phlean Teanga Chloich Cheann Fhaola i nGort a Choirce i nDeireadh Fómhair 2018. B'shin an chéad Plean Teanga a seoladh sa tír agus is mó an obair atá curtha i gcrích sa phleanáil teanga ó shin. Chonaic mé an gliondar agus an dóchas a bhí le mothú sa cheantar sin go raibh Plean agus céimeanna leagtha amach leis an Ghaeilge a neartú sa limistéar sin. Anseo sa Ghaeltacht Láir tá scoth na hoibre déanta ag an choiste áitiúil, faoi stiúir Sheán Uí Ghallachóir. Tá buíochas mó� tuillte ag Barra Ó Scannláin a chuir obair na gcapall isteach ag cíoradh an eolais. Baineadh tairbhe as an teicneolaíocht agus comhráití ar líne le daoine a choinneáil ag obair go dícheallach. Mar phobal neartaigh muid ár mianta an Ghaeilge a bheith againn mar theanga tí, mar theanga oibre agus mar theanga labhartha sa cheantar álainn seo. Tá dóchas agam go bhféadfar freastal ar an uile dhuine sa cheantar leis an phlean seo; idir dhaoine óga agus dhaoine aosta nár labhair an Ghaeilge le fada an lá ach a bhfuil sí acu go fóill ina gcroí istigh, agus ina gcloigeann! Is furasta a rá go raibh am againn machnamh a dhéanamh ar ár saol le bliain go leith anuas. Feictear dúinn go bhfuil ár nasc leis an teanga ársa go smior ionainn agus muid ag spaisteoireacht faoin aer ar na laethanta seo. Fáiltím roimh Phlean Teanga don Ghaeltacht Láir. Mar Chathaoirleach a tháinig i gcomharbacht ar Sheán geallaim go ndéanfar gach iarracht an próiseas a thabhairt chun críche. Gur fada buan í an Ghaeilge, gur fada buan í An Ghaeltacht Láir.

Caitlín Ní Bhroin  
Cathaoirleach Choiste Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir  
Bealtaine 2021

# 1 Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

## 1.1 Réamhrá

Sa bhliain 2007 foilsíodh An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT) (Ó Giollagáin et al.), a raibh sé mar aidhm aige léargas ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha a chur ar fáil don Stát. Léiríodh sa Staidéar cad é chomh leochaileach is a bhí staid na Gaeilge agus moladh, dá réir, na toghranna Gaeltachta a roinnt ina gcatagóirí mar a mhínítear sa tábla thíos:

Catagóir Laethúla Gaeilge	% Cainteoirí Laethúla Gaeilge	Míniú (de réir an SCT)
A	67.0+	‘Léirítear san anailís seo go dtagann laghdú tobann ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla i gceantar faoi bhun na teorann seo.’ (2007a: 146-7)
B	44.00 - 66.9	‘Nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gceantar faoi bhun na teorann seo léiríonn an fhaisnéis gur gnás imeallach atá in úsáid na Gaeilge ó thaobh nósanna teaghlaigh agus pobail de’ (ibid., 147)
C	0.00 - 43.9	‘Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann agus daonra de na trí chatagóir seo.’ (ibid.)

## 1.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030

Mar thoradh ar an SCT d’fhoilsigh an rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030. Bhí sé mar aidhm ag an Straitéis úsáid agus eolas ar an Ghaeilge a mhéadú ar bhonn céimníthe. Bhí sé mar dhlúthchuid de pholasáí an Rialtais “go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht” (Rialtas na hÉireann, 2010: 3). I dtaca leis an phleanáil teanga de, sonraítear go “[d]tosófar próiseas pleanála teanga agus [go n]déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta faoin Acht nua” (Ibid.: 20). Leagtar síos sa Straitéis gur ceann de na haidhmeanna sonracha ná líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil a ardú faoi 25% (Ibid.: 9).

## 1.3 Acht na Gaeltachta 2012

Cuireann Acht na Gaeltachta bonn reachtúil le haidhmeanna an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus leagtar síos ann ‘próiseas faoina bhféadfaidh pobail i gceantair éagsúla aitheantas a bhaint amach mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge faoi réir critéir áirithe a bheith comhlíonta acu’ (Rialtas na hÉireann, 2012). Leagann an tAcht dualgais ar phobail Ghaeltachta plean straitéiseach 7 mbliana a chur le chéile, a aontú leis an Roinn, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air thar an tréimhse 7 mbliana (Rialtas na hÉireann, 2012). Ní

mór do phobail Ghaeltachta plean teanga a chur faoi bhráid na Roinne lena stádas Gaeltachta a choinneáil.

#### 1.4 **Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022**

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin agus plé déthaobhach leis an phobal, le Ranna agus forais éagsúla agus leis na heagraíochtaí ábhartha, d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an *Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022* chun tacú le cur i bhfeidhm an *Straitéis 20 Blíain don Ghaeilge 2010 – 2030* (Rialtas na hÉireann, 2010). I measc aidhmeanna an Phlean, táthar ag súil le rannpháirtíocht níos éifeachtúla sa Straitéis a chothú, agus cur le comhúinéireacht, comhfhreagracht agus cuntasacht ar fud an Rialtais i dtaca leis an Straitéis (Rialtas na hÉireann, 2018: 19). Leagtar síos raon gníomhaíochtaí aontaithe faoi na 9 réimse gnímh atá luaite sa Straitéis.

#### 1.5 **An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022**

I mí Dheireadh Fómhair 2016 a seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, atá bunaithe ar thaighde agus chomhairliúchán a rinneadh ar feadh na mblianta roimhe sin. Tá sé mar sprioc agus fíos lárnach ag an Pholasaí “a chinntíu go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónai i limistéir Ghaeltachta” (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, p. 7). Sa Pholasaí seo, leagtar amach na dúshláin atá agus a bheidh roimh scoileanna Gaeltachta agus tugtar aitheantas do na riachtanais éagsúla atá ag cainteoirí T1 (daoine arb í an Ghaeilge an chéad teanga acu) agus cainteoirí T2 (daoine a d'fhoghlaim an teanga agus dá réir sin arb í an Ghaeilge an dara teanga acu). Cuirtear béim ar an phleanáil teanga agus an dlúthnasc idir cur chun cinn agus láidriú na Gaeilge sa chóras oideachais agus buanú na Gaeilge mar theanga phobail.

Faoi Pholasaí, tá an deis ag gach scoil atá lonnaithe taobh istigh de theorainn oifigiúil na Gaeltachta cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta, rud atá déanta ag gach scoil sa LPT seo. Scéim 5 bliana atá i gceist, agus le go mbronnfar aitheantas ar na scoileanna, caithfidh siad critéir theanga-bhunaithe an Pholasaí a shásamh.

Tuigtear don Choiste Stiúrtha agus do gach duine a bhí páirteach in ullmhúchán an Phlean seo a thábhachtaí atá sé comhtháthú a bheith idir an próiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht Láir agus cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, agus dá réir sin déanfaidh CPTGL, GFCTR agus an tOifigeach Pleanála Teanga gach iarracht an tacaíocht chuí a thabhairt do scoileanna an LPT agus iad ag obair i dtreo aitheantas mar scoil Ghaeltachta.

## 2 Sonraí na Ceanneagraíochta

### 2.1 An Ceanneagraíocht

Is cuideachta sheachbhrabúsach faoi theorainn ráthaíochta í Gleann Fhinne Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (GFCFTR) a cuireadh ar bun in 2005. Ba í Comhairle Cheantar Ghleann Fhinne a bhunaigh an eagraíocht, d'fhonn forbairt shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha agus oideachais a chur chun cinn sa cheantar. Tá 11 stiúrthóir ar bhord GFCFTR agus éiríonn duine amháin as a c(h)úraimí stiúrthóra gach bliain de réir an fad ama atá caite acu ar an bhord. Tá bainisteoir amháin fostaithe go lánameartha ag GFCFTR agus naonúr eile a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha.

Ar an chéad togra ar thug GFCFTR faoi i ndiaidh a bunaithe bhí Ionad Lae an Chlocháin, áis a tógadh in 2008 le maoiniú ó Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin, ó Údarás na Gaeltachta, agus le hairgead a thiomsaigh an eagraíocht í féin. Déanann an tlonad freastal ar bhunadh aosta an cheantair agus reáchtáiltear oíche airneáil dhátheangach ann gach Máirt. I gcompháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte tógadh Ionad Sláinte béal dorais leis an Ionad Lae agus osclaídhe an dá fhoirgneamh sin i mí Iúil 2008. Fuair GFCFTR maoiniú ón Roinn Oideachais agus tógadh Scoil Náisiúnta Taobhóige ar an láthair chéanna leis an Ionad Lae in 2010. Sa bhliain 2014 fuarthas maoiniú le clós súgartha a thógáil ar an láthair le freastal ar pháistí na scoile chomh maith le bunadh an cheantair i gcoitinne.

Anuas ar an obair sin, déanann GFCFTR maoirseacht ar ghníomhaíochtaí laethúla Ionad Oidhreachta Isaac Butt cé nach léi an foirgneamh. Feidhmíonn an tlonad Oidhreachta mar mhúsaem, agus mar áis don phobal a bhfuil seomraí cruinnithe ann do na grúpaí pobail éagsúla sa cheantar chomh maith le háis ríomhaireachta agus prioritála den chéad scoth.

Tá pleannanna ag GFCFTR aonaid ardtacaíochta do dhaoine aosta a thógáil, áit a bhféadfaidh siad fanacht agus leas a bhaint as seirbhísí éagsúla tacaíochta, agus tá cead pleannála faigte chun ionad cúram leanaí a thógáil ar an Chlochán Beag. Anuas air sin tá talamh ceannaithe ag GFCFTR agus pleannanna leagtha amach le páirc uile-aimsire a fhorbairt air.

### 2.2 An Coiste Stiúrtha

Nuair a roghnaíodh GFCFTR mar cheanneagraíocht ar an phróiseas pleannála teanga, tionóladh cruinnithe i ngach ceantar den LPT. I mBaile na Finne, reáchtáladh cruinnithe in Áras Sheagháin Bháin agus san Ionad Lae; i nGleann Fhinne reáchtáladh an cruinniú in Ionad Lae an Chlocháin; ar an Éadan Anfach ba i Halla an Pharóiste a reáchtáladh an cruinniú; agus ar na Dúchoraidh reáchtáladh cruinniú sa Scoil Náisiúnta. Ag gach cruinniú bhí deis ag baill den phobal iad féin a chur chun tosaigh le bheith ar an choiste stiúrtha agus ar an dóigh sin roghnaíodh daoine le hionadaíocht a dhéanamh ar gach ceantar sa LPT.

Tionóladh an chéad chruinniú i nGairmscoil Chú Uladh ar 26 Aibreán 2017.

I mí Aibreán 2021 aithníodh go raibh an próiseas pleanála teanga ag dul isteach i ré úr sa Ghaeltacht Láir agus dá réir sin beartaíodh go raibh sé in am an coiste sealadach a scor agus coiste úr a cheapadh. Tionóladh cruinniú ar Zoom don 22 Aibreán 2021 agus rinneadh fógraíocht leitheadach air ar Facebook, Raidió na Gaeltachta agus sna meáin chlóite. Bhí 19 duine i láthair ag an chruinniú agus toghadh 16 ball ar an choiste, idir chathaoirleach úr, leaschathaoirleach, rúnaí agus ghnáthbhallaí:

Is í **Caitlín Ní Bhroin** cathaoirleach Choiste Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir. As Machaire Rabhartaigh ó dhúchas di, ceapadh í mar bhainisteoir ar Fhorbairt Eachla CFTR i bhfómhar 2018. Tá blianta caite aici san Fhorbairt Phobail agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Bíonn Caitlín ag obair le coistí sa Ghaeltacht Láir chun tacú leo maoiniú a fháil agus á gcuid pleannanna oibre a neartú.

Tá **Mícheál Ó Dochartaigh** ag feidhmiú mar leaschathaoirleach ar CPTGL. Iar-phríomhoide Scoil Náisiúnta an Choimín é Mícheál agus bíonn sé ag obair go deonach leis an scoil chun campaí samhraidh a reáchtáil achan blhiaín.

Is í **Áine Ní Dhíoraí** rúnaí an Choiste. Tá sí ina ball de Choiste Oidhreachta Ghleann Fhinne, de Choiste in aghaidh na mianadóireachta i nDún na nGall agus de Bhord Bainistíochta Scoil Náisiúnta an Choimín. Tá leabharthaí foilsithe aice ar bhéaloideas agus ar sheanchas na gCruach.

Cuntasóir agus iarchathaoirleach an Choiste é **Seán Ó Gallchóir**, a bhfuil teastas san Fhorbairt Pobail aige ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Bíonn sé ag plé le coistí deonacha forbartha pobail sa cheantar, ina measc Comhairle Ceantar Ghleann Fhinne, Coiste Oidhreachta Isaac Butt, Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Taobhóige, Coiste Care of the Aged Gleann Fhinne, agus go leor eile.

Is é **Ciarán Mac Ruaidhrí** príomhoide Ghairmscoil Chú Uladh agus cathaoirleach Forbairt Eachla CFTR. Is as Cloich Cheann Fhaola ó dhúchas dó.

Múinteoir Gaeilge i Gairmscoil Chú Uladh í **Gabrielle Uí Bhaoill**.

Is í **Gwendoline Ní Fhíograí** príomhoide Scoil Náisiúnta Taobhóige agus tá sí ina cathaoirleach ar Choiste Shlí Thaobh an Mhuilinn i mBaile na Finne.

As California, Meiriceá ó dhúchas do **Jennie Mooney**, tá sí ag tógáil clainne le Gaeilge i nGleann Fhinne agus tá baint aici le heagraíochtaí do thuismitheoirí sa cheantar.

Gnáthbhallaí é **John Boyle** as Gleann Fhinne. Chaith John 5 bliana ar Chomhairle Ceantair Ghleann Fhinne, agus tamall mar bhallaí de bhord bainistíochta Scoil Náisiúnta an Choimín. Tá sé ina bhallaí de Chomhairle Thréadach Deoise Ráth Bhoth.

Príomhoide Scoil Náisiúnta an Choimín í **Máire Uí Chonghaile**, agus is as Cloich Cheann Fhaola ó dhúchas di.

Tá céim sa Ghaeilge agus staidéar gnó ag **Maria Ní Ghallchóir**, agus chaith sí tamall ag obair leis an rannóg pleánala teanga in Údarás na Gaeltachta. Is as Buailte Fraoich ó dhúchas di.

Is é **Pádraig Ó Dochartaigh** cathaoirleach CLG Ghleann Finne. Tá sé ag obair mar innealtóir sinsearach le Comhairle Contae Dhún na nGall.

Feidhmíonn **Patricia Uí Chonchúir** mar rúnaí ag CLG Ghleann Finne.

Déanann **Séamus Mac Giolla Bhuí** ionadaíocht ar cheantar Bhaile na Finne ar an Choiste. Lar-phríomhoide scoil náisiúnta é a bhfuil taithí na mblianta aige ag plé leis an fhorbairt pobail (Cláirsigh Bhaile na Finne, Halla Cholm Cille, Cumann Traenach na Gaeltachta Láir agus Páirc Eachla). Feidhmíonn sé mar rúnaí ar choiste Forbairt Eachla CTR.

Tá **Séamus Ó hEadhráin** ina stiúrthóir ar choiste Forbairt Eachla CFTR agus ina bhall de Choiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich. Tá blianta caite aige ag cur chun cinn na Gaeilge agus i mbun forbartha pobail ar an Éadan.

Ba mhaith leis an Choiste buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas a roinn a gcuid ama agus eolais go fial flaithiúil le linn ullmhúchán an Phlean Teanga ó cuireadh túis leis an phróiseas, bíodh sé ina gcáil mar bhall ar an choiste sealadach nó mar bhall den phobal a chuidigh leis an choiste agus leis an chomhairleoir:

Brídín Gallen, Gleann Finne CFTR

Gearóid Ó Dochartaigh, Béal an Átha Mhóir

Jackie Ó Meara, Scoil Náisiúnta an Choimín

Máire Uí Chairbre, Baile na Finne

Máire Uí Cheallaigh, Ionad Sheagháin Bháin Baile na Finne


Seán Ó Ceallaigh, Baile na Finne

Teresa Nic Fhloinn, Éadan Fhionn Fraoich

### 3 Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

#### 3.1 Réamhrá

Déanfar cur síos anseo ar thopagrafaíocht agus ar bhonneagar an LPT, agus roinnfear eolas maidir le daonra an cheantair, aon laghdú nó méadú a tháinig ar an daonra le blianta beaga anuas. Tabharfar cuntas forstá ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil sa LPT, eolas faoin chóras oideachais sa cheantar, faoin earnáil ghnó, caitheamh aimsire mhuintir na háite, agus eile. Cíorfar nónsmhaireacht agus cumas an phobail i leith na Gaeilge.



Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta:  
An Ghaeltacht Láir



##### Séanadh/Disclaimer

Is ar mhaith le leiríú a thabhairt ar an Limistéar Pleanála Teanga an mapas seo agus nior chóir glacadh leis mar leiríú ar theorainn na Gaeilgeachta / The purpose of this map is to illustrate the location of the Language Planning Area and should not be considered as a definitive outline of Gaeilgeachta boundary.

Ionad GIS, Institiúid Uí Ríain, OÉ Galltach (Ronan Hennessy) a réitigh.  
Dáta: 03/2014

##### Sonrai/ Data

© Súibrítheacht Ordánáis  
Éireann/Rialtas na hÉireann –  
Ceadúnas Uladh MP 001714 / An  
Phríomh-Bhóthar Náisiúnta – fáinéise  
SAPS ag Ó Dáibhírmh.

© Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland - Copyright Permit  
No. MP 001714 / Central Statistics Office – Census SAPS Data.

© OpenStreetMap ([www.openstreetmap.org](http://www.openstreetmap.org))  
SRTM V4 CIAT (<http://srtm.csi.cgiar.org>)



Figiúr 3.1 LPT na Gaeltachta Láir (NB Tá na bailte fearainn “An Coimín” agus “An Clochán” measctha ar an léarscáil seo)

## 3.2 Toghranna an LPT

Tá LPT na Gaeltachta Láir comhdhéanta de na ceantracha seo a leanas (i) agus (ii):

i. ceithre cinn de thoghranna:

Baile na Finne

An Dúchoraidh

Gleann Léithín

An Ghrafaidh

ii. móide bailte fearainn áirithe ainmnithe sna toghranna seo:

Allt na Péiste (15 baile fearainn)

An Bhinn Bhán (5 baile fearainn)

An Clochán (21 baile fearainn)

Na Gleannta (13 baile fearainn)

Loch Iascaigh (1 baile fearainn)

Mín Charraigeach (2 baile fearainn)

Suí Corr (2 baile fearainn)

(Féach Aguisín 1 thíos fá choinne cuntas iomlán den LPT agus na bailte fearainn áirithe ainmnithe)

## 3.3 Topagrafaíocht an LPT

Tá LPT na Gaeltachta Láir éagsúil ón chuid is mó de na ceantracha Gaeltachta eile sa tír as siocair é a bheith suite i lár tíre agus i bhfad isteach ón fharraige. Is ceantar tuaithe sléibhtiúil cnocánach atá sa Ghaeltacht Láir; tá cuid de na Cruacha Gorma, mórsliabhraon a chruthaíonn deighilt idir deisceart an chontae agus an Ghaeltacht Láir, suite i ndeisceart an LPT. Áirítear an Chruach Ghorm, arb í an chruach is airde sna Cruacha Gorma, ar an tríú sliabh is airde i nDún na nGall. Féachann an dá shliabh, Eachla agus an Screig Mhór, anuas ar Loch Finne i lár an LPT. Tá aibhneacha go leor sa LPT chomh maith; is é Loch na Finne foinse abhainn na Finne, a mbíonn iascairí ó ar fud thuaisceart na tíre ag tarraigts uirthi ar mhaith leis an oiread bradán atá inti. Leanann ceann de phríomhbhealaigh an LPT, an R252 a théann ó Bhealach Féich fríd Gleann Fhinne, Baile na Finne agus an Dúchoraidh chomh fada leis an N56 a shíníonn ó Bhaile Dhún na nGall thart ar chósta an chontae go Leitir Ceanainn, leanann sé cúrsa na Finne soir fríd Gleann na Finne. Is fo-abhainn de chuid na Finne í abhainn an Ríleáin a ritheann ó na Cruacha Gorma siar go dtí an Coimín áit a mbuaileann sí leis an Fhinne. Tá go leor sruthán agus aibhneacha eile sa cheantar forsta. Is iad an Clochán, i nGleann Fhinne, agus Baile na Finne an dá shráidbhaile is mó sa LPT agus iad beirt ar an phríomhbhealach a théann fríd an LPT, an R252. Diomaite de sin, tá ionnaíochtaí beaga dlúthá ar an Choimín, sna Dúchoraidh agus in Éadan Fhionn Fraoich, agus tá an chuid eile den daonra scapthe amach i gceantracha iargúltá ar fad, nó ina gcónaí i sráitheanna tithe anseo is ansiúd ar thaobh an bhealaigh. Tá cúlbhealaigh go leor sa LPT a thugann tú isteach go dtí na ceantracha is scoite, amhail na Cruacha, an Beangán Buí, an Sruthán Garbh, Loch Muc srl, agus is bealaigh għarbha thar chnoic iad sciar maith acu sin.

## 3.4 Daonra an LPT

### 3.4.1 Daonra

De réir Daonáireamh 2016 tá 1,595 duine ina gcónaí sa LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Is ionann sin agus 6.8% de dhaonra iomlán Ghaeltacht Dhún na nGall. I measc na bhfoinsí atá ar fáil chun daonra an cheantair a mheas agus líon na gcainteoirí Gaeilge san LPT a ghrinniú tá Daonáirimh 2011 agus 2016, agus An SCT (Ó Giollagáin et. al, 2007). Sa tábla thíos tá briseadh síos ar thortháí Daonáirimh 2016 agus 2011 i dtaca le daonra LPT na Gaeltachta Láir agus líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ann:

	CSO 2016	CSO 2011	Athrú % '11-'16
Daonra iomlán an LPT	1595	1669	-4.4%
Daonra an LPT (>3 bl. d'aois)	1541	1587	-2.9%
Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG)	337	450	-25.1%
% CLG (>3 bl. d'aois)	21.87%	28.36%	-6.49%


Tábla 3.1 Daonra an LPT 2016, 2011 agus CLG (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017)

Toghroinn	2011			2016			Athrú
	Fir	Mná	Iomlán	Fir	Mná	Iomlán	
Baile na Finne	173	140	<b>313</b>	153	127	<b>280</b>	-10.5%
An Dúchoraidh	47	38	<b>85</b>	49	39	<b>88</b>	+3.5%
Gleann Léithín	91	88	<b>179</b>	84	74	<b>158</b>	-11.7%
An Ghrafaidh	106	75	<b>181</b>	92	65	<b>157</b>	-13.3%
Allt na Péiste* <sup>1</sup>	221	189	<b>410</b>	211	187	<b>398</b>	-4.4%
An Bhinn Bhán*	81	69	<b>150</b>	86	79	<b>165</b>	+10%
An Clochán*	466	429	<b>895</b>	481	444	<b>925</b>	+3.4%
Na Gleannta*	736	772	<b>1508</b>	700	743	<b>1443</b>	-4.3%
Loch Iascaigh*	128	117	<b>245</b>	139	150	<b>289</b>	+18%
Mín Charraigeach*	60	51	<b>111</b>	66	61	<b>127</b>	+14.4%
Suí Corr*	54	52	<b>106</b>	47	47	<b>94</b>	-11.3%

Tábla 3.2 Daonra an LPT de réir toghroinne (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

<sup>1</sup> Ciallaíonn an réaltóg gur cuid den toghroinn atá áirithe sa Ghaeltacht/sa LPT.

Mar a fheictear san fhigiúr thíos, níl an próifíl aoise rócham.



Figiúr 3.2 Próifíl Aoise an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017)

Tá an chuid is mó den daonra sna haoisghráupaí 0-19 agus 40-59 (29.6% agus 24.9% faoi seach). Níl ach 5.2% san aoisghráupa 80+ agus sin an aoisghráupa is lú sa LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017).

### 3.4.2 Staid na Gaeilge sa LPT

Sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagán, et. al) a foilsíodh sa bhliain 2007 tá idirdhealú déanta ar na cineálacha éagsúla pobal Gaeltachta de réir líon na gcainteoirí Gaeilge iontu. Tugann an t-idirdhealú sin léargas níos cruinne dúinn ar staid na Gaeilge sna toghranna éagsúla sa Ghaeltacht. Tá na ceantracha rangaithe de réir trí chatagóir Gaeltachta; A, B, agus C (féach míniú thíos). Sa bhliain 2015 foilsíodh leagan nuashonraithe de thorthaí an taighde a rinneadh mar chuid den SCT, *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 – 2011* (Ó Giollagán & Charlton). Seo mar a shainítéar an trí chatagóir Gaeltachta sa SCT:

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Ó Giollagán et al, 2007: 13). De réir an taighde, tugtar le fios go mbíonn ‘seasmhacht áirithe le sonrú ar an bpatrún úsáide Gaeilge sna rannóga aoise ar fad’(ibid). Átítear, fosta, go dtagann laghdú suntasach tobann ar labhairt agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus mar theanga theaghlaigh nuair a íslíonn líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge faoi bhun an chéatadáin sin (ibid).

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (ibid). Is ceantair iad seo a bhfuil

úsáid na Gaeilge le sonrú iontu i gcónaí ach gur léir go bhfuil úsáid an bhéarla in uachtar iontu. Léiríonn an fhaisnéis go bhfuil úsáid á baint as an nGaeilge mar ghnáthurlabhra sna pobail seo go fóill, ach go bhfuil sí teoranta d'aoisghrúpaí faoi leith agus/nó d'instiúidí faoi leith, agus/nó do ghréasáin aitheantaí faoi leith (ibid).

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (ibid). Is iondúil gur i measc na n-aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo. Is gó a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo roinnt ceantair bheaga a mbeadh tréithe teangeolaíocha ag baint leo nach dtagann leis an bpróifil ar an gcatagóir trí chéile. Tarlaíonn sé seo de bharr gur mionlach iad na pobail atá i gceist laistigh de na toghranna a bhfuil siad suite iontu (ibid).

Dá réir sin, agus de réir torthaí Dhaonáireamh 2016, d'áireofaí an LPT i gCatagóir C. Ach ní léiriú cruinn é sin ar fhíorstádas na Gaeilge sa cheantar, cionn is go bhfuil na ceantracha éagsúla sa LPT chomh héagsúil óna chéile ó thaobh sheasmhacht na Gaeilge de, i gcásanna áirithe.

Tháinig titim bheag ar líon na ndaoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu sa LPT ó 2011 go 2016:

Bliaín	Daonra 3bl.+	# le cumas Gaeilge	% le cumas Gaeilge
2011	1587	1160	73.1% <sup>2</sup>
2016	1541	1101	71.4%

Tábla 3.3 Cumas Gaeilge an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

Bhí an titim a tháinig ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT ní ba shuntasai:

Bliaín	Daonra 3bl.+	CLG	% CLG
2011	1587	450	28.4%
2016	1541	337	21.9%

Tábla 3.4 Cainteoirí Laethúla Gaeilge an LPT (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2011 & 2016)

<sup>2</sup> Is fiú cuimhneamh go bhféadfadh na figiúirí seo maidir le cumas agus cleachtais teanga a bheith míchruinn as siocair go bhfuarthas iad ó thorthaí Daonáireamh 2011 & 2016, agus mar sin de is féintuairisciú atá i gceist leo.

## 3.5 Seirbhísí agus Tacaíochtaí

### 3.5.1 Áis Réamhscoile an Chlocháin

Nuir a bunaíodh an Cheanneagraíocht, Gleann Fhinne CFTR in 2005, d'aithin an chomhlacht an gá a bhí le háis réamhscoile agus cúram leanaí sa cheantar, as siocair nach bhfuil a leithéid d'áis ar fáil ó na Gleanntaí go dtí Bealach Féich, achar atá níos faide ná 40 ciliméadar. Dá réir sin, tá pleannanna á réiteach, le linn don Phlean seo a bheith á scríobh (Aibreán 2021), chun áis réamhscoile agus cúram leanaí a thógáil ar shuíomh de chuid GFCFTR in aice le Scoil Náisiúnta Taobhóige ar an Chlochán. Táthar ag súil go gcuirfeadh an fhorbairt seo go mór le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar, mar go dtuigtear don chomhlacht gurb é an nós atá ag tuismitheoirí an cheantair a bpáistí a thabhairt go Leitir Ceanainn nó Bealach Féich ar mhaithe leis na háiseanna réamhscoile agus cúram leanaí a úsáid, áiteanna arb é an Béalra an teanga chumarsáide, agus is minic a chuirtear páistí ar scoil sna ceantracha sin níos faide anonn, rud a fhágann go bhfuil cainteoirí Gaeilge á gcailliúint tríd an chóras.

Tá cead pleanála faigthe leis an fhoirgneamh seo a thógáil agus tá na socruthe cuí ó thaobh leictreachais, séarachais, bealach isteach, ceamaraí slándála, hiodraint uisce agus dóiteáin, pleannanna ailtireachta agus eile déanta agus i bhfeidhm ag na foirgnimh eile atá ar an láthair chéanna (an t-ionad lae agus príomhchúraim agus an bhunscoil). Sa bhliain 2019 tháinig grúpa tuismitheoirí sa pharóiste le chéile agus bhunaigh siad comhlacht neamhbhrabús darb ainm Cúram Leanaí an Chlocháin CFTR chun a leithéid d'áis a lorg. Tá an chomhlacht sin ag comhoibriú le GFCFTR ar an togra seo agus idir an dá linn tá siad ag cur seirbhís réamhscoile agus iarscoile ar fáil ó sheomra atá ar cíos acu i Scoil Náisiúnta Taobhóige. Tuigtear, ón aiseolas atá faigthe ag Cúram Leanaí an Chlocháin CFTR ó thuismitheoirí na háite, go bhfuil éileamh mór ar na seirbhísí sin agus go líonfaí an foirgneamh atá beartaithe ag GFCFTR dá mbeadh sé ann gan stró.

Faoi láthair tá maoliniú agus infheistíocht á lorg ag GFCFTR don áis seo.

### 3.5.2 An Córas Oideachais

Tá dhá naónra, cúig bhunscoil agus meánscoil amháin sa LPT.

#### 3.5.2.1 Luathoideachas

##### Grúpa Tuistí agus Tachráin

Tá grúpa Tuistí agus Tachráin ar bun i mBaile na Finne ó Eanáir 2019, faoi stiúir Chaitlín Ní Bhroin, Bainisteoir Forbairt Eachla CTR. Fuair Caitlín comhairle ó Choiste Cúram Leanaí Chontae Dhún na nGall agus le leabhair agus bréagáin dá cuid féin agus ó thuismitheoirí agus daoine eile sa cheantar reáchtáil sí an grúpa san oifig atá ag Forbairt Eachla i mBaile na Finne. Thiocfadh le suas le 14 páiste a bheith ann ag aon am amháin agus iad ag teacht ó Ghleann Fhinne, Baile na Finne, Mín an Fhir Ruaidh agus an Claonghorth (dhá bhaile fearainn taobh amuigh den LPT).

## Naónraí

Naónra	Tinreamh 2020	Teanga	Céantar
Naónra an Choimín	11	Gaeilge	Gleann Fhinne
Naónra Bhaile na Finne	9	Gaeilge	Baile na Finne

### 3.5.2.2 Bunscolaíocht

Tá cúig bhunscoil sa LPT agus tá siad go léir páirteach sa Scéim Aitheantais Mar Scoil Ghaeltachta faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022:

Naónra	Tinreamh 2020/21	Tinreamh 2019/20	Céantar
	Iomlán	Iomlán	
Scoil Náisiúnta An Choimín	72	77	Gleann Fhinne
Scoil Náisiúnta Taobhóige	46	37	Gleann Fhinne
Scoil Náisiúnta Cholmcille	38	36	Baile na Finne
Scoil Náisiúnta Dúchoraidh	12	15	An Dúchoraidh
Scoil Náisiúnta Éadan Fhionn Fraoich	14	17	An tÉadan Fhionn Fraoich
Iomlán	182	182	-

### 3.5.2.3 Iar-Bhunscolaíocht

Is í Gairmscoil Chú Uladh (GSCU) an t-aon scoil dara leibhéal sa LPT. Tá an scoil faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Cuireadh GSCU ar bun sa bhliain 1982 mar iarracht le páistí ag aois meánscoile a choinneáil sa cheantar agus oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar dóibh. Sa bhliain 1984 tógadh foirgneamh scoile agus in 2006 ceadaíodh maoiniú chun méadú mór a chur leis an scoil agus tá foirgneamh breá comhaimseartha ag an scoil ó shin i leith<sup>3</sup>. Sa scoilbhliain 2019/20 bhí 170 scoláire ag freastal ar an ghairmscoil agus sa scoilbhliain 2020/21 bhí 138 ar an rolla. Cuireadh túis leis an Scéim Aitheantais Mar Scoil Ghaeltachta faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 sa scoil in 2018 agus dá réir sin bronnnfar aitheantas iomlán uirthi sa bhliain 2022/23 faoi réir choinníollacha éagsúla na scéime a chomhlíonadh.

---

<sup>3</sup> <https://www.donegaletb.ie/feature/post-primary-school/gairmscoil-chu-uladh/> Léite 27 Samhain 2020

### **3.5.3 Seirbhísí Teanga**

Tá roinnt áiteanna eile taobh amuigh de na hinstiúidí oideachais a bhíonn ag soláthar seirbhísí teanga sa LPT.

Bunaíodh Coiste Éigse Sheaghán Bháin i mBaile na Finne sa bhliain 1988 le saothar Sheaghán Bháin a cheiliúradh agus feasacht faoina shaothar litríochta a ardú sa phobal. Tá Áras Sheaghán Bháin aitheanta ag an Údarás mar Ionad Seirbhísí Teanga ó 2006 agus sa lá atá inniu ann cuireann an grúpa ranganna comhrá Gaeilge agus ranganna TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) ar fáil san ionad - ionad atá ar cíos ag an Choiste ó Údarás na Gaeltachta. Tá leabharlann Taobh Tíre faoi Chomhairle Chontae Dhún na nGall san ionad chomh maith le leabharlann phríobháideach ina bhfuil tuairim is cúig mhíle leabhar idir Ghaeilge agus Bhéarla. Bíonn oícheanta airneáil á reáchtáil go minic in Áras Sheaghán Bháin agus eagraíonn siad Éigse Sheaghán Bháin i mí na Samhna gach bliain a bhíonn mar bhuaicphointe d'imeachtaí cultúrtha an choiste dheonaigh seo.

Cuireann Forbairt Eachla CTR ranganna Gaeilge ar fáil i mBaile na Finne chomh maith le grúpa tuistí agus tachráin agus seirbhísí eile i nGaeilge.

Gach samhradh reáchtáltear campa samhraidh thar coicís i Scoil Náisiúnta an Choimín do pháistí óga ón LPT agus ó na bailte máguaird. Freastalaíonn idir 120-130 páiste ar an champa gach bliain.

Reáchtáladh campa samhraidh i Scoil Náisiúnta Taobhóige den chéad uair in 2020. D'fhreastail 26 páiste ar an champa.

Cuireann Oideas Gael cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta ar fáil gach bliain ar an Choimín agus bíonn na scoláirí á gcoinneáil ag mná tí ar fud an LPT. Bíonn na scoláirí ag freastal ar imeachtaí sóisialta i dTábhairne an Ríleáin i nGleann Fhinne agus i dTeach an Cheoil i mBaile na Finne. Freastalaíonn thart ar 40 scoláire ar na cúrsaí seo gach bliain.

### **3.5.4 Coistí Áitiúla**

Seo thíos na coistí áitiúla atá ag feidhmiú sa LPT:

Cláirsigh Bhaile na Finne  
CLG Ghleann Fhinne  
Coiste Forbartha Éadan Fhionn Fraoich  
Coiste Oidhreachta Isaac Butt, Gleann Fhinne  
Coiste Shlí Thaobh an Mhuilinn, Baile na Finne  
Coiste Traenach na Gaeltachta Láir  
Comhairle Ceantar Ghleann Fhinne  
Cumann Iascairí Bhaile na Finne  
Glenfinn Care of the Aged Committee  
Halla Cholm Cille, Baile na Finne  
Ionad Lae Cholm Cille, Baile na Finne  
Scioból na bhFear Bhaile na Finne

### 3.5.5 Caitheamh Aimsire

#### 3.5.5.1 Spórt

Bíonn muintir na Gaeltachta Láir ag tarraingt ar dhá chlub CLG den chuid is mó, cé nach bhfuil ceachtar acu taobh istigh den LPT. Is iad sin CLG Ghleann Finne atá suite i nGleann Finne, agus CLG Naomh Conaill atá lonnaithe ar na Gleannntaí. Bíonn CLG Ghleann Finne ag imirt ag a pháirc bhaile, Páirc Taobhóige, ar an Chlochán i nGleann Finne.

Tá páirc sacair, Páirc Eachla, ar bhruach Loch na Finne áit a mbíonn Cláirsigh Bhaile na Finne ag imirt. Cuireadh an club ar bun in 2002 agus tá foireann sinsearach agus foirne faoi aois ag an chlub.

#### 3.5.5.2 Ceol

Tugtar aitheantas do shaibhreas ceol an LPT forsta, go háirithe ó thaobh na fidhléireachta de. Bíonn seisiún cheoil á reáchtáil go minic i dtithe tábhairne sa LPT agus sna bailte máguaird. Tá cáil ar an teach airneáil, Teach an Cheoil i mBaile na Finne, as na hoícheanta ceoil agus amhránaíochta a reáchtáiltear ann, agus bíonn daoine ag teacht isteach ó na bailte taobh amuigh den LPT le freastal a dhéanamh orthu.

### 3.5.6 Fostaíocht

Tá traidisiún láidir feirmeoireachta sa LPT ach dar ndóigh le himeacht ama agus le hathruithe ar rialachán na hearnála seo le blianta beaga anuas, níl an earnáil chomh láidir agus a bhíodh.

Sa lá atá inniu ann cuireann líon beag comhlachtaí forstaíocht ar fáil sa cheantar. Ina measc tá cliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta, Bácús Uí Bhaoill Teo., Raudon Teo., Innealtóireacht JC Teo., Tionscal Tanailíu Teo., Solas UV Teo., Cathal Ó Cnáimhsí, BRLY Clothing Ltd., agus eile. Diomaite de na comhlachtaí sin, tá gnóthaí eile sa cheantar a chuireann forstaíocht ar fáil; Siopa Marley ar an Chlochán, McGeehan Coaches i mBaile na Finne, tithe tábhairne an LPT (The Rambler's Inn agus Harkin's ar an Chlochán, Teach Tábhairne an Ríleáin ar an Choimín, The Railway Inn i mBaile na Finne), Pádraig Ó Luagh Teo i mBaile na Finne, Stiúideo Gruaige i mBaile na Finne, agus eile.

## 3.6 Saothair Ghaeilge an Cheantair<sup>4</sup>

Tá traidisiún láidir litríochta sa cheantar agus is ón Ghaeltacht Láir a thagann roinnt amhrán a bhíonn á cheol go minic ag seisiún amhránaíochta ó cheann ceann na tíre.

#### Tadhg Ó Tiománaidhe (1730-1770)

Tá amhras faoi cén áit ar rugadh Tadhg. Deir daoine gur i Mín na Gualanna, baile fearainn ar imeall Bhaile na Finne a rugadh é. Deir daoine eile gur i mBuailte Pádraig, i gceantar an

<sup>4</sup> Tuairisc le Máire Uí Cheallaigh

Éadain Fhionn Fraoch a rugadh é agus bhí áit chónaithe eile aige ag bun Gháigín, i gceantar na gCruacha Gorma. Tá saothar Uí Thiománaidhe i gcló in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* le hÉnrí Ó Muirgheasa, sé dhán agus amhrán mar seo a leanas: *Gearailt Óg Ó Dochartaigh, Gráinne Fhánad, Bí teacht liom a Bhríd, An Óigbhean gan Bhéim, Bruach na Finne agus Máire Bhruinneall*. Muna mbeadh Énrí Ó Muirgheasa ar a airdeall, nuair a bhí sé, bheadh bearna ollmhór ina gcuid eolais ar shaol agus ar shaothar Uí Thiománaidhe.

### **Peadar Breathnach (1825-1870)**

B'as Mín na Gualanna do Pheadar, baile fearainn ar imeall Pharóiste Bhaile na Finne. D'fhág sé saibhreas luachmhar filíochta agus amhráin. Tá buíochas mór tuillte ag Énrí Ó Muirgheasa a chuir an t-ábhar i gcló in *Céad de Cheoltaibh Uladh* agus in *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*. I measc an bhailiúcháin atá sábhálte ag Ó Muirgheasa sna leabhair seo tá na dánta agus na hamhráin seo a leanas, *Máire Nic Comhaill, Gleann Domhain, An Multín, Amhrán an Trumpa, Snáth na Bainríoghna agus Amhrán Pheadair Bhreadhnaigh*. Tá Peadar curtha i reilíg Bhaile na Finne.

### **Sinéad Nic Mhonghail (1862-1913)**

Rugadh agus tógadh Sinéad ar bhruach Loch Aoidh i mbaile fearainn Thaobh a' Locha ar imeall na gCruacha Gorma. Chum Sinéad i nGaeilge agus i mBéarla. Ba é *Loch Aoidh* an píosa filíochta a ba cháiliúla a tháinig óna peann. Scríobh sí dán i mBéarla dar teideal *Loch Ea's Shore*. Fuair Sinéad bás agus gan í ach bliain agus leathchéad d'aois. Tá sí curtha i reilíg Chill Taobhóige i bParóiste Ghleann Fhinne.

### **Domhnall Mac Diarmada (1889-1995)**

Rugadh Domhnall ar an Cheann Gharbh i mBaile na Finne. Ceann de na dánta is cáiliúla a scríobh sé ná *Gaothbearra na dTonn*. I measc na ndánta is iomráití a chum sé bhí *Mac an Deoráí, An Gleann inár tógadh mé, Báthadh Árainn Mhór agus An Charraig Úna*. Tá meas agus clú ar an amhrán Béarla a chum sé, *My Own Gweebarra Bay*. Fuair Domhnall bás sa bhliain 1995 agus é corradh le 105 bliain d'aois.

### **Bailitheoirí Béaloidis**

Chaith Seán Ó hEochaídhe as Teileann corradh le dhá bhliain ar na Cruacha ag bailiú béaloidis ó Bhealtaine na bliana 1947.

Chaith Liam Mac Meanman as Móinín na hEasrach i bParóiste Ghleann Fhinne geimhreadh iomlán ar na Cruacha agus bhailigh sé mórán eolais agus seanchais. Bhailigh sé béaloideas i nGleann Fhinne chomh maith.

### **Scríbhneoirí**

#### **Seaghán Bán Mac Meanman (1886-1962)**

Rugadh Séaghán Bán ar an Cheann Gharbh i mBaile na Finne. Bhí timireacht do Chonradh na Gaeilge ar na chéad phoist a bhí aige. Theagasc sé in Institiúid Mhic Dhæid ar na Gleanntaí ó 1930-1961. Scríobh sé ailt ins an *Chláomh Solais, Weekly Freeman, Scéala Éireann* agus *An Derry Journal*. Scríobh sé a chéad leabhar *Scéalta Gairide Geimhridh* sa bhliain 1915 agus cúig leabhar déag eile idir sin agus 1956. Chinn Coiste Sheagháin Bháin ar na leabhair a athfhoilsíú sa chló rómhánach. Ba é Séamas Ó Cnáimhsí nach maireann, a bhí mar eagarthóir ar an athfhoilsíú go huile agus go hiomlán. Nuair a fuair Seaghán Bán bás d'fhág sé lámhscribhinní *Stair na hÉireann II*. Tá na lámhscribhinní anois i bhfoirm leabhair ag an

Dr. Risteard Mac Gabhann agus chóir a bheith réidh le foilsíú. D'fhág Seaghán Bán oidhreacht luachmhar liteartha ar marthain. Tá Seaghán Bán curtha i reiligid Bhaile na Finne.

### **Áine Ní Dhíoraí**

Tógadh Áine ar An Choimín i nGleann Finne. Bhí sí ag obair le RTÉ Raidió na Gaeltachta. D'fhoilsigh sí leabhar dar teideal *Na Cruacha, Scéalta agus Seanchas* sa bhliain 1985. Cnuasach ionadaíoch as an bhailiúchán béaloidis a rinne bailitheoirí Choimisiún Béaloideasa Éireann sna daichidí sna Cruacha. D'fhoilsigh Áine an dara leabhar sa bhliain 2008 dar teideal *Scoil na gCruach, Tír Chonaill 1907-1971*. Sa leabhar tá stair na scoile, eolas agus seanchas na gCruach agus cuimhní cinn daoine a ndeachaigh an fhíor-Ghaeltacht i bhfeidhm orthu.

### **An Sagart Pádraig Ó Baoighill**

As Cró na mBothán, Baile na Finne don tSagart Ó Baoighill. Tá sé ina Shagart Paróiste i nGaoth Dobhair. Tá ailt foilsithe aige in irisí mar *An tUltach agus Bliaíníris Dhún na nGall*. Is é a mhórshaothar ná *Cardinal Patrick O'Donnell (1856-1927)* a foilsíodh sa bhliain 2008. Déanann sé dianstaidéar ar an pháirt a bhí ag an Chairdinéal i saol sóisialta, polaitíochta, eacnamaíochta agus oideachais na hÉireann ina am sa leabhar seo. D'fhoilsigh an Sagart Ó Baoighill an dara leabhar sa bhliain 2019 dar teideal *Andaí Chondáí Jeaic, Seanchaí Chlochar na nGabhar*. Sa leabhar tá bailiúchán de chuid scéalta Andaí agus anailís déanta ar shaol agus ar shaothar Andaí.

### **Medhbh Fionnuala Nic Aodháin (Nach maireann)**

Ba's Mín na Gualanna, Baile na Finne do Mhedhbh. D'fhoilsigh sí leabhar dar teideal *Báitheadh iadsan agus tháinig mise* sa bhliain 1993. Ábhar béaloidis ó Bhailiúchán na Scol 1934-1939 atá sa leabhar.

### **Madge Herron (1915-2002)**

I Gleann na mBuachall, Baile na Finne a rugadh Madge. Chaith Madge an chuid is mó dá saol i Londain. Scríobh sí filíocht trí mheán an Bhéarla. Ba i Londain a fuair sí bás agus tá a cuid lúaitheach curtha i reiligid.

### **Michael Gallagher**

Tógadh Michael i nGleann Finne. Fear poist a bhí ann agus d'fhoghlaim sé comharthaí aimsire ó dhaoine sa cheantar. Scríobh sé leabhar, *Tuar na hAimsire Traditional Weather Signs* sa bhliain 2009. Tá idir Bhéarla agus Ghaeilge sa leabhar.

### **Paddy Mac Fhloinn (Paidí Hughie Jimí) (Nach Maireann)**

Scríobh Paddy Mac Fhloinn as Leitir Bric amhráin ar nós *Gleann Finne Mo Ghleann* agus an *Eibhlín Marie*. Scríobh sé an t-amhrán Béarla, *The Grand River Finn* chomh maith.

## 4 Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga

### 4.1 Feachtas Feasachta

Theastaigh ón Choiste go mbeadh bunadh an phobail ar an eolas faoin phróiseas pleanála teanga sa LPT le linn ullmhúchán an phlean. Chuige sin, scaipeadh bileog eolais ar gach teach sa cheantar i samhradh 2018 agus ba bheirt fhostaithe de chuid GFCFTR a rinne an obair sin. Anuas air sin cuireadh cláir fógraíochta in airde i roinnt áiteanna feiceálacha ag cur in iúl do dhaoine go raibh suirbhé á dhéanamh agus go raibh an próiseas pleanála teanga ar obair sa cheantar.

### 4.2 An Taighde

Aithníodh ón túis go mbeadh géarghá i gcónaí le taighde agus an plean teanga á ullmhú, d'fhonn plean réadúil infheidhmithe a chur le chéile. Chuige sin, baineadh úsáid as dhá mhodh taighde; taighde tánaisteach agus taighde príomha.

#### 4.2.1 Taighde Tánaisteach

Sular tugadh faoi anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde phríomha, bhailligh an comhairleoir pleanála teanga eolas faoin LPT agus faoin Ghaeilge sa cheantar ó foinsí éagsúla, foilseacháin daonáirimh agus tuarascálacha acadúla ina measc. Tá tuilleadh eolais faoi na foinsí sin le fáil ag deireadh an Phlean.

#### 4.2.2 Taighde Príomha

Maidir leis an taighde príomha, tuigeadh don choiste gurbh fhearr tabhairt faoin taighde cainníochtúil den chuid ba mhó, dá mba mhian leo an oiread eolais agus ab fhéidir a bhailiú in achar gairid ama agus seans a thabhairt d'oiread daoine sa phobal agus a thiocfadh leo a gcuid tuairimí a nochtadh. Socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar bhunadh an cheantair ar dtús; thug sé seo deis don phobal a gcuid taithí agus tuairimí a nochtadh go hanaithe agus ba mhó daoine a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh sa chineál taighde sin ná freastal ar chruinnithe/ghrúpaí fócais.

##### 4.2.2.1 Leagan Amach agus Scaipeadh na gCeistneoirí

Dearadh agus scaipeadh dhá cheistneoir ar phobal an LPT; ceann ginearálta a raibh sé mar sprioc aige eolas a bhailiú faoin phobal i gcoitinne, agus ceann a bhí thírithe ar an aos óg sa cheantar. Díríodh ar na téamaí seo a leanas, de réir na *Treoirílinte Pleanála Teanga* (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016), sa dá cheistneoir: cúrla teanga, cumas teanga, cleachtas teanga, dearcadh i leith na Gaeilge agus moltaí ó thaobh na pleanála teanga de.

Tionóladh cruinniú chun timirí a earcú i ngach ceantar sa LPT chun na ceistneoirí a dháileadh ar na tithe agus a bhailiú nuair a bheadh siad líonta. Bhí Ionad Oidhreachta Isaac Butt mar

lárphointe do na timirí agus is ón ionad sin a bhailigh siad na ceistneoirí lena scaipeadh ar fud an LPT.

Scaipeadh 630 ceann de cheistneoirí ginearálta (suirbhé na dtithe) agus 150 ar an óige.

#### 4.2.2.2 Suirbhé na dTithe

Scaipeadh an ceistneoir seo ar gach teach sa LPT. Iarradh ar dhuine amháin as gach teach sa LPT an ceistneoir a líonadh. Chuaigh ionadaithe ón Choiste / timirí ó dhoras go doras leis na ceistneoirí agus d'fhill arís cúpla seachtain níos moille chun iad a bhailiú.

Ceistneoir dátheangach a bhí ann seo agus líon na rannpháirtithe ar pháipéar iad.

Spriocghrúpa:	Dáta tosaithe:	Dáta críochnaithe:	Líon ceistneoirí a dáileadh:	Líon ceistneoirí a líonadh:	Ráta freagartha
Pobal an LPT	Lúnasa 2018	Meán Fómhair 2018	630	405	64.3%

Tábla 4.1 Suirbhé na dTithe – Ráta Freagartha

#### 4.2.2.3 Suirbhé na hÓige

Aithníodh go raibh tábhacht faoi leith leis an spriocghrúpa seo sa Ghaeltacht Láir, mar go bhfuil gach scoil sa LPT ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus tuigeadh don choiste gur chóir tógáil ar an dúshraith seo. Socraíodh an ceistneoir a scaipeadh ar thithe a raibh daoine óga (faoi 18) ina gcónaí iontu, seachas iad a scaipeadh trí na scoileanna mar go bhfuil roinnt mhaith daoine óga ón cheantar ag freastal ar scoileanna taobh amuigh den LPT, agus daoine ó taobh amuigh den LPT ag cur a gcuid páistí chuig na scoileanna sa LPT ar mhaithe leis an Ghaeloideachas.

Is ceistneoir dátheangach a bhí i gceist anseo agus líon na rannpháirtithe ar pháipéar iad. Bhí ráta freagartha iontach ard ar an cheistneoir seo, ag 94.7%.

Spriocghrúpa:	Dáta tosaithe:	Dáta críochnaithe:	Líon ceistneoirí a dáileadh:	Líon ceistneoirí a líonadh:	Ráta freagartha
Aos óg an LPT	Lúnasa 2018	Meán Fómhair 2018	150	142	94.7%

Tábla 4.2 Suirbhé na hÓige – Ráta Freagartha

#### 4.2.3 Grúpa Fócais

Cé go raibh an ráta freagartha ard ar na ceistneoirí, measadh gurbh fhearr breis ionchuir a fháil ón phobal agus dá réir sin reáchtáladh grúpa fócais ar mhaithe le tuilleadh taighde cailíochta a dhéanamh. De thairbhe na srianta a bhí i bhfeidhm maidir le COVID-19 ag an am (mí Dheireadh Fómhair 2020), níorbh fhéidir grúpaí fócais a reáchtáil ar an láthair, mar sin de socraíodh cruinniú a reáchtáil thar Zoom. Baineadh úsáid as cuntas “premium” Zoom Údarás na Gaeltachta chun an cruinniú a reáchtáil.

Mar gheall ar an bhealach a fheidhmíonn cruinnithe fíorúla, measadh gurbh fhearr nach mbeadh níos mó ná seachtar i láthair. Tugadh cuireadh d'ochtár ball de CPTGL freastal ar an ghrúpa fócais ar an 22 Deireadh Fómhair 2020. Bhí 5 duine i láthair ag an chruinniú agus

cuireadh comhad PDF le torthaí na suirbhéanna pleanála teanga amach chuig gach duine an tseachtain roimh an chruinnithe. Rinneadh iarracht ionadaíocht a dhéanamh ar gach ceantar sa LPT agus ar roinnt spriocghrúpaí fosta nuair a roghnaíodh na rannpháirtithe. Cuireadh ceisteanna oscailte agus díreacha ar na rannpháirtithe le linn an chruinnithe d'fhoíntuiscint níos grinne a fháil ar chúlra sochtheangeolaíoch an LPT, agus riachtanais teanga/mianta an phobail a chíoradh de réir mar a thuig na rannpháirtithe iad.

#### 4.2.4 Agallamh Leath-Struchtúrtha

Rinne an CPT roinnt agallamh fóin leath-struchtúrtha le daoine ón phobal ar mhaithle deis a thabhairt do bhaill aonaracha an LPT labhairt go hionraic agus go hoscaile leis an CPT maidir leis an phlean teanga. Arís, de dheasca shrianta an rialtais tráthá an ama a bhíothas ag tabhairt faoin taighde, b' éigean na hagallaimh sin a dhéanamh ar an ghuthán. Thug seo deis do dhaoine nach bhfuil eolach ar chúrsaí ríomhaireachta a gcuidsean a rá agus cuireadh in iúl do na rannpháirtithe nach sceithfí a n-ainmneacha ná a gcuid sonraí pearsanta, rud a d'fhág gur éirigh leis an CPT léargas réalaíoch a fháil ar chúrsaí sa LPT.

#### 4.2.5 Cuireadh oscailte teagmháil a dhéanamh leis an CPT

I ngach ábhar poiblíochta/píosa sna meáin a rinne an CPT agus an pleán á chur le chéile, thug sé cuireadh oscailte don phobal teagmháil a dhéanamh leis agus a gcuid tuairimí agus moltaí maidir leis an phlean teanga a roinnt leis. Thug sé amach a uimhir ghutháin féin agus seoladh ríomhphoist an Choiste agus d'impigh ar dhaoine sa LPT teagmháil a dhéanamh.

### 4.3 Tá tal

Tá an dúrud eolais maidir le cleachtais teanga agus dearctaí teanga phobal an LPT sa chuid seo den phlean. A bhuiúchas sin don chuidiú agus don obair dheonach ó na timirí agus ó bhaill CPTGL a cuireadh an próiseas taighde i gcríoch go sásúil. Tugadh go leor deiseanna do phobal an LPT a gcuid tuairimí a nochtadh agus lámh a bheith acu sa phlean dá mba mhian leo é, bíodh sé trí cheistneoir a chomhlánú, labhairt leis an chomhairleoir pleanála teanga ar an ghuthán ná ar ríomhphost ná dul i dtéagmháil le CPTGL fríd an leathanach Facebook.

Ar an iomlán, fuarthas 547 ceistneoir ar ais ó phobal an LPT, idir shuirbhé na dtithe agus shuirbhé na hóige, agus meastar go dtugann sé sin léargas cuimsitheach ionadaíoch ar chleachtais teanga an phobail agus ar a gcuid mianta don teanga sa LPT.

Rinne an comhairleoir pleanála teanga torthaí gach ceistneoir a dhigitiú agus rinne anailís orthu i mí Mheán Fómhair 2020 agus thug sé faoin ghrúpa fócais agus faoi na hagallaimh fóin i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cuirtear torthaí an taighde i láthair i mí 5 den Phlean Teanga.

## 5 Torthaí an Taighde


### 5.1 Réamhrá

Sa mhír seo tugtar achoimre ar thorthaí an taighde phríomha a rinneadh agus Plean Teanga na Gaeltachta Láir á ullmhú. Tá tuilleadh eolais faoin phróiseas seo le fáil i rannóig 4.2 thuas.

### 5.2 Suirbhé na dTithe

#### 5.2.1 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Léirítéar thíos áit chónaithe na rannpháirtithe. Tá an leathchuid (56.3%) den sampla ina gcónaí i mBaile na Finne nó ar an Chlochán:




Figiúr 5.1 Áit chónaithe na rannpháirtithe

Is fir iad 50.9% den sampla iomlán agus is mná iad 41.1% acu. Tá an chuid is mó den sampla idir 26-60 bliain d'aois (41.0%).


Aoisghráupa	Fir	Mná	Iomlán
0-17	150	165	315 (27.3%)
18-25	54	52	106 (9.2%)
26-60	245	227	472 (41.0%)
61+	137	122	259 (22.5%)
Iomlán	<b>586 (50.9%)</b>	<b>566 (41.1%)</b>	<b>1152 (100.0%)</b>

Tábla 5.1 Aois na Rannpháirtithe

Feictear san fhigiúr thíos próifíl aoise an tsampla, agus tugtar próifíl aoise dhaonra an LPT de réir an eolais atá le fáil i nDaonáireamh 2016 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017). Nuair a chuirtear an dá fhigiúr sin i gcomparáid lena chéile feictear go bhfuil sampla Shuirbhé na dTíthe measartha ionadaíoch ar dhaonra an LPT.




*Figiúr 5.2 Céatadán den Sampla de réir Aoisghráupa*



*Figiúr 5.3 Céatadán de Dhaonra an LPT de réir Aoisghráupa*


Tógaigh trí cheathrú cuid (75.4%) den sampla nó 800 rannpháirtí sa LPT, agus is as ceantar Gaeltachta eile 7.6% den sampla, sin 81 duine:



Figiúr 5.4 Áit Dhúchais na Rannpháirtithe

### 5.2.2 Cúlra agus Cumas Teanga


Tuairiscíonn 36.5% den sampla go bhfuil Gaeilge líofa acu.



Figiúr 5.5 Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe

Má chuirtear na rannpháirtithe a thug le fios go bhfuil Gaeilge mheasártha acu san áireamh, is féidir a rá go bhfuil cumas Gaeilge ag 64.2% den sampla, figiúr atá giota níos íse ná líon na ndaoine a mhaígh go raibh cumas Gaeilge acu i nDaonáireamh 2016 (*ibid.*), is é sin 71.45%.



Tuairiscíonn 36.9% den sampla gur Gaeilge amháin nó tromlach Gaeilge a bhí in úsáid sa teach agus iad ag fás aníos, mar sin ní raibh an Ghaeilge in uachtar ach i níos lú ná leathchuid de na tithe sa LPT le cúpla glúin anuas:



*Figiúr 5.6 Teanga Bhaile na Rannpháirtithe*


Deir 320 rannpháirtí go bhfuil Gaeilge líofa acu agus gur Gaeilge amháin nó tromlach Gaeilge a bhí in úsáid sa teach agus iad ag éirí aníos, mar sin meastar gur cainteoirí dúchais Gaeilge 27.8% den sampla, nó thart ar an cheathrú cuid.

Iarradh ar rannpháirtithe a gcumas labhartha, tuigbheála, léitheoireachta agus scríbhneoireachta Gaeilge a chur in iúl. Cé go maíonn 416 duine go bhfuil Gaeilge líofa acu (féach figiúr 5.6 thusas), ní thuairiscíonn ach 331 duine go bhfuil cumas “an-mhaith” acu i labhairt na Gaeilge. Is mó duine a mhaíonn go bhfuil labhairt agus tuigbheáil na Gaeilge “an-mhaith” acu ná an dá scil eile .i. léamh agus scríobh.



Figiúr 5.7 Scileanna Teanga na Rannpháirtithe


Nuair a fiafraíodh de rannpháirtithe ar mhaith leo na scileanna thuasluaite a fheabhsú, dúirt cuid mhaith de na rannpháirtithe (thar 40% i gcás gach scil) gur mhaith, rud a léiríonn go bhfuil suim ag an phobal i ndeiseanna foghlama. Ach bhí thart ar thrian den sampla nár fhreagair an cheist seo.



Figiúr 5.8 Scileanna teanga a fheabhsú


### 5.2.3 Cleachtas Teanga

De réir thorthaí an cheistneora seo, labhraíonn 36% den sampla Gaeilge go laethúil:



Figiúr 5.9 Minicíocht Labhartha na Gaeilge


Deir 35.2% den sampla go labhraíonn siad Béarla le duine a bhfuil fhiú acu Gaeilge a bheith ar a dtoil acu ar bhonn laethúil. Bhí foclaíocht na ceist seo doiléir agus dá réir sin d'fhreagair na rannpháirtithe le tic nuair a bhíothas ag lorg uimhreacha (lón na ndaoine sa teach a labhraíonn Béarla le duine nuair atá fhiú acu go bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag an duine sin), rud a fhágann nach bhfuil na figiúirí sin go hiomlán ionadaíoch ar an sampla. Mar sin féin is féidir an cleachtas teanga a aithint sna tortaí.



*Figiúr 5.10 "Cad é chomh minic a labhraíonn tú Gaeilge le duine a bhfuil fhiú acu Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?"*

As na 416 rannpháirtí a thug le fios go bhfuil Gaeilge líofa acu (féach Figiúr 5.5 thusa), tá 136 acu áirithe sna ceistneoirí a dúirt gur ar bhonn laethúil a labhraíonn siad Béarla le duine a bhfuil fhiú acu Gaeilge a bheith ar a dtoil acu. Is ionann sin agus 31.7% de na rannpháirtithe a bhfuil Gaeilge líofa acu. Arís, ní féidir brath ar na figiúirí seo go hiomlán agus d'fhéadfai a rá gur daoine ar bheagán Gaeilge nó daoine gan Gaeilge ar bith a lón amach na ceistneoirí i roinnt cásanna, ach ní féidir a shéanadh go bhfuil an Béarla in uachtar fiú sa chás go bhfuil Gaeilge ag an bheirt atá i mbun comhrá.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe cén fáth a labhraíonn siad Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu agus ba é an freagra ba choitianta (30.3%) gur 'cleachtadh, faisean nó nós atá ann':



*Figiúr 5.11 "Cén fáth a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtóil acu?"*

Is ábhar imní an méid daoine a théann i muinín an Bhéarla cionn is gur “cleachtadh, faisean nó nós atá ann” agus go maíonn an cúigiú cuid de na rannpháirtithe gur easpa misnígh is cúis leis an chleachtas teanga seo.


Seo cuid de na freagraí breise a tugadh faoi “Eile”:

- ‘Nuair a bhíonn sinn i gcuideachta eile’
- ‘Tá sé níos éasca gnóthaí laethúla áitiúla agus domhanda a thuigbhéail [i mBéarla]’
- ‘Diúltáíonn siad fiú má thosaím ag labhairt i nGaeilge leo’
- ‘Easpa stór focal (go háirithe teicneolaíocht)’

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe maidir le cad é chomh minic a labhraíonn siad an Ghaeilge i roinnt suíomhanna éagsúla sa phobal. Tá sé le feiceáil sna figiúirí thíos go bhfuil an Béarla in uachtar i ngach aon cheann de na suíomhanna a luaitear. Arís, áfach, ní mór cuimhneamh gur iomaí rannpháirtí nár fhreagair an cheist seo go cruinn (is minic a chuir siad tic sa bhosca cuí seachas uimhir a scríobh nó gur fhreagair an chéad cheist agus d’fhág an chuid eile folamh). Dá ainneoin sin, tá roinnt nithe le tuiscint ó thorthaí na ceiste seo.


Cé go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú síos tríd i dtaca leis na suíomhanna atá luaite leis an cheist seo, tá an teanga réasúnta láidir mar theanga bhaile. Deir 29.9% de na rannpháirtithe go labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile “beagnach i gcónai” nó “go minic”, agus níl an céadán daoine a mhaíonn nach labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile “riamh” nó gur “annamh” a labhraíonn siad í ach thart ar 1% níos airde ná sin, ag 30.8%. Tá ábhar dóchais anseo cé nach bhfuil an scéal amhlaidh taobh amuigh den bhaile sa LPT. Ní haon ionadh go raibh líon na ndaoine a dúirt nach n-úsáideann siad an Ghaeilge “riamh” sa chóras oideachais iontach ard (26.4%) ná gur fhág 493 duine (42.8% den sampla) an cheist seo gan freagra. Glactar leis gur ceann an teaghlaigh/tuismitheoir, is é sin duine fásta, a bhí freagrach as an cheistneoir a líonadh agus go bhfuil eolas níos cruinne i dtaca leis an Ghaeilge sa chóras oideachais le fáil ón cheistneoir a dáileadh ar aos óg an LPT. Is cúis bhuairimh a laghad daoine a labhraíonn Gaeilge agus iad ar an láthair oibre. Ní thuairiscíonn ach 9.5% den sampla go n-úsáideann siad an teanga “beagnach i gcónai” nó “go minic” sa suíomh sin. Dar ndóighe, tá líon nach beag daoine ón cheantar ag obair taobh amuigh den Ghaeltacht agus ní bheifí ag súil le


Gaeilge a bheith in úsáid sna láithreacha oibre sin. Deir 21.2% den sampla go mbíonn siad ag úsáid Gaeilge “beagnach i gcónaí” nó “go minic” sa chomharsanacht. Feictear thíos, i bhfigiúr 5.12 briseadh síos ar na rannpháirtithe a deir go labhraíonn siad Gaeilge “beagnach i gcónaí” nó “go minic” sa chomharsanacht, de réir an mórcheantair ina bhfuil siad ina gcónaí.



Figiúr 5.12 Cleachtas teanga sa phobal (A)

Is ábhar dóchais an lín réasúnta daoine a thuairiscíonn go labhraíonn siad Gaeilge “beagnach i gcónaí” nó “go minic” le cairde, 20.7% den sampla, rud a thugann le fios, nuair a chuirtear céatadán na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus sa chomharsanacht san áireamh (29.9% agus 21.2% faoi seach) gur i suíomhanna neamhfhoirmeálta sóisialta is láidre atá an teanga. Is lú an méid daoine a thuairiscíonn go labhraíonn siad Gaeilge sna siopaí/gnóthaí áitiúla (49.0% den sampla a deir nach labhraíonn siad Gaeilge “riamh” nó gur “annamh” a labhraíonn siad ansin í), ach is beag siopa nō gnó sa cheantar atá oscailte don phobal mar sin is é is dóchúla ná go mbítear ag tarraingt ar na bailte móra amhail Bealach Féich, Leitir Ceanainn, an Clochán Liath agus na Gleannnta faoi choinne seirbhísí dá leithéid. Deir lín suntasach rannpháirtithe, 62.5% den sampla, gur “annamh” nō nach labhraíonn siad Gaeilge “riamh” agus iad ag plé le seirbhísí sláinte. De réir thorthaí na ceiste seo tá an Ghaeilge in uachtar sna tithe pobail sa LPT, le 33.2% den sampla ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge “beagnach i gcónaí” nó “go minic” ag seirbhísí eaglaise. Tuigtear go ndeirtear Aifreann i nGaeilge i dTeach Pobail Leitir Bric agus i dTeach Pobail Cholmcille Naofa, Baile na Finne agus níor cheart an suíomh seo a ligean i ndearmad agus an pleán teanga á chur i bhfeidhm.







Figiúr 5.13 Cleachtas teanga sa phobal (B)

Mórcheantar	Líon na rannpháirtithe sa sampla	Labhraíonn Gaeilge “beagnach i gcónaí” nó “go minic” sa chomharsanacht	Céadán daoine a labhraíonn Gaeilge sa chomharsanacht
Allt na Péiste	68	28	41.2%
Suí Corr	6	2	33.3%
An Ghrafaidh	76	22	28.9%
Baile na Finne	319	76	23.8%
An Clochán	329	66	20.1%
Gleann Léithín	57	11	19.3%
An Dúchoraidh	118	21	17.8%
Na Gleannta	136	13	9.6%

Tábla 5.4 Céadán de mhuintir gach mórcheantar a labhraíonn Gaeilge sa chomharsanacht


#### 5.2.4 Dearcadh i leith na Gaeilge

Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl i leith deich ráiteas a bhaineann le cúrsáí teanga sa LPT. Tá na tortaí curtha i láthair anseo agus na ceisteanna rangaithe de réir mórhéamaí. I dtosach baineann an chéad cheithre cheist seo le dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge:




Figiúr 5.14 Dearcadh i leith na Gaeilge (A)

Is beag an bearna atá idir líon na rannpháirtithe a aontaíonn leis an ráiteas “Is fearr linn a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge” agus líon na rannpháirtithe a dúirt nach n-aontaíonn. Deir 34.8% den sampla go n-aontaíonn siad nó go n-aontaíonn siad go láidir agus deir 38.9% nach n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad go láidir. Bheifí ag súil leis an chéatadán den sampla a easaontaíonn leis an ráiteas sin a bheith níos airde ach léiríonn sé a leochailí is atá an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh agus mar theanga chumarsáide sa LPT. Ina dhiaidh sin féin, aithníonn an sampla go bhfuil tábhacht leis an Ghaeilge sa Ghaeltacht, le 89.9% de na rannpháirtithe ag aontú nó ag aontú go láidir leis an ráiteas siúd. Sa mhullach air sin, aontaíonn (nó aontaíonn go láidir) 71.2% den sampla go bhfuil buntáistí faoi leith ag a gceantar mar gheall ar a stádas Gaeltachta. Is léir, mar sin, go bhfuil tacaíocht don Ghaeilge i measc an tsampla, agus tuiscint ar a thábhacthaí is atá an teanga don LPT, beag beann ar a gcleachtas nó a gcumas teanga. Ní shíleann ach 10.8% den sampla nach bhfuil an Ghaeilge fóirsteanach don saol nua-aimseartha.



Figiúr 5.15 Dearcadh i leith na Gaeilge (B)

San fhigiúr thusa feictear tortaí trí ráiteas a bhaineann le cleachtais teanga. Is díol suntais an méid daoine a deir go labhraíonn siad Gaeilge chomh minic agus a thig leo – 60.3% de na rannpháirtithe a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir leis an ráiteas sin. Caithfear tógáil ar an dea-thoil seo i leith na Gaeilge agus deiseanna labhartha a sholáthar dóibh siúd (formhór an tsampla) ar mian leo na deiseanna sin a thapú. Admhaíonn 32% den sampla go motháíonn siad in amanna go mbíonn brú orthu Béarla a labhairt, céatadán réasúnta ard agus léiriú ar sheasmhacht an Bhéarla sa LPT. Ar an lámh eile, ní mhothaíonn ach 10.1% de na rannpháirtithe go mbíonn brú orthu in amanna Gaeilge a labhairt. Leis an dá ráiteas seo deir an cúigíú cuid (21.2% agus 21.4% faoi seach) den sampla nach bhfuil fhios acu/nach bhfuil tuairim acu – níl ach ráiteas amháin eile ar an liosta a sháraíonn an méid sin éiginnteachta. D’fhéadfaí gurb é rud nach bhfuil cuid mhór de na rannpháirtithe i ndiaidh machnamh a dhéanamh ar a leithéid de rud roimh ré. Cé gur rud dearfach é nach motháíonn bunadh an LPT go mbíonn brú orthu Gaeilge a labhairt mar go bhféadfadh brú den chineál seo droch-chaidreamh leis an teanga a chothú, is féidir gur léiriú é ar an laghad údarás atá ag an Ghaeilge sa LPT.



Figiúr 5.16 Dearcadh i leith na Gaeilge (C)

Tugann an trí ráiteas san fhigiúr thuas spléachadh dúinn ar dhearcadh na rannpháirtithe i leith cúrsaí pleanála teanga. Is rud iontach dearfach é go ndeir 72.8% den sampla gur mhaith leo níos mó seansanna Gaeilge a úsáid. Arís tá sé le tuiscint ón mhéid daoine a aontaíonn (nó a aontaíonn go láidir) leis an ráiteas “tá muid sásta oibriú leis an phobal chun an Ghaeilge a neartú” go bhfuil tacaíocht agus dea-thoil don phróiseas pleanála teanga i measc phobal an LPT. Dúirt 16.9% nach bhfuil fhios acu agus céatadán beag daoine, 5.4% den sampla, nach n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad go láidir leis an ráiteas sin. D’fhéadfáí gurb é rud nach bhfuil an pobal iontach eolach ar an sórt oibre atá i gceist le pleánail teanga ag an phointe seo agus meastar gur féidir iad a mhealladh le bheith páirteach sa phróiseas nuair a bheidh an pleán curtha faoi bhráid an phobail níos faide ann. Aontaíonn (nó aontaíonn go láidir) 57.7% den sampla gur chóir do ghnólachtaí áitiúla daoine a bhfuil Gaeilge acu a fhostú. Ag an am chéanna, is beag duine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn rialta ar an láthair oibre (féach figiúr 5.17 thuas) agus is beag fostáilóna ndaoine a deir go labhraíonn siad Gaeilge ar bhonn rialta sna siopaí agus gnólachtaí áitiúla. Meastar, mar sin, go bhféadfáí an dá chéatadán siúd a ardú de bheagán ach gnólachtaí agus siopaí áitiúla a ghríosú le breis cainteoirí Gaeilge a fhostú agus le fógaireacht go bhfuil fálte roimh chustaiméirí Gaeilge a labhairt lena gcuid fostaithe.

### 5.2.5 Mianta don Ghaeilge sa cheantar

Tugadh seans do rannpháirtithe a gcuid mianta don Ghaeilge sa cheantar a chur in iúl i dtreo dheireadh an cheistneora. An cheist a cuireadh ná “Cad é na mianta atá agat don Ghaeilge i do cheantar?” Thug 220 rannpháirtí freagra bailí ar an cheist seo, sin 54.3% den sampla iomlán. As na 220 rannpháirtí a d’fhreagair an cheist seo, thug 200 acu le fios go raibh mianta dearfacha acu don Ghaeilge, sin 90.1% den sampla a thug freagra ar an cheist. Bhí 5 fhreagra a léirigh neamhshuim/mianta diúltacha i leith na Gaeilge agus 15 a bhí ar nós cuma liom. Sa tábla thíos tugtar na téamaí lena mbaineann na freagraí, sonraí maidir leis na freagraí agus an líon rannpháirtithe a thug freagra a bhain le gach téama:

Téama	Sonraí	Líon ranpháirtithe <sup>5</sup>	
<b>Ginearálta/Mianta dearfacha</b>	Go mairfidh sí; go mbeidh sí ina príomhtheanga sa tír; is buntáiste é a bheith ábalta í a labhairt; is deas cuimhneamh ar na seanhfocail a bhí ag an dream a chuaigh romhainn; go mbeidh Gaeilge á labhairt sna scoileanna agus sna tithe pobail sna ceantair Ghaeltachta go háirithe; nach mbeidh praiseach den Bhéarla á chur fríd an Ghaeilge le daoine a shásamh; go mbeidh an cultúr beo; mar theanga teaghlaigh; Éire a bheith ina thír dhátheangach; dátheangachas sa rialtas; go labhrófaí í chomh minic agus is féidir; ní maith liom daoine ag cur brú ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt; neartú ar labhairt agus scríobh na Gaeilge; áit lárnach ag an teanga sa cheantar; meas; idir comharsana; tacaíocht ón rialtas; níos forleithne i gcomhrá	92	41.9%
<b>Deiseanna Foghlama</b>	Ranganna Gaeilge do gach leibhéal ar bun sa cheantar; oideachas tré mheán na Gaeilge; ranganna teaghlaigh; ranganna do stráinséirí; níos mó úsáid a bhaint as SN Éadan Fhionn Fhraoich; an teanga scríofa a thuigbheáil; ba bhreá linn Gaeilge a foghlaim ach ní thig linn íoc as cúrsaí; oideachas saor in aisce sa phobal, maoinithe ag an rialtas; féinmhuijnín a fhorbairt; an teanga labhartha a chleachtadh; ranganna do thosaitheoirí nó dóibh siúd atá as cleachtadh len iad a spreagadh	30	13.7%
<b>An Óige</b>	Níos mó meas ag an aos óg ar an teanga; go dtabharfadhbh daoine fásta sampla níos fearr; go mbeidh Gaeilge líofa ag an chéad ghlúin eile mar atá sa Bhreatain Bheag; caithfear grá don teanga a spreagadh i gcroíthe na bpáistí agus iad óg; seans ag an mhuintir óg atá tóghtha le Béarla teacht agus Gaeilge shaibhir na Gaeltachta a foghlaim; clubanna don óige; go dtuigfidh na glúnta atá le an teacht go ndearnadh iarracht í a choinneáil beo; go mbeidh na páistí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge; seirbhísí ar bun go háitiúil le daoine óga a spreagadh chun an teanga a úsáid; go mbeidh an Ghaeilge á labhair i ngach naíonra; áiseanna trí Ghaeilge; go mbeidh léamh agus scríobh na Gaeilge ag na páistí; Gaeilge a bheith níos tarraigte don óige;	28	12.7%

<sup>5</sup> Tá an céatadán seo bunaithe ar na 220 duine a thug freagra bailí ar an cheist seo.

	gan náire a bheith ar pháistí Gaeilge a labhairt lena gcairde		
<b>Deiseanna Labhartha</b>	Níos mó seansanna ag daoine Gaeilge a úsáid sa cheantar; an Ghaeilge a labhairt go laethúil; cainteoirí dúchais a chur ag labhairt Gaeilge arís; saorirse Gaeilge a labhairt chomh minic agus is mian linn; gníomhaíochtaí do theaghlaigh	17	7.7%
<b>Eile/Is cuma</b>	Is as tír iasachta mo pháirtí; is as tír iasachta muid; sásta leis an dóigh a bhfuil sé; ceisteanna níos práinní cosúil leis an bhochtnas, drugaí, alcóil srl; tábhachtach í a thuigbheáil ach gan a bheith róthábhachtach; easpa suime; róshean len í a fhoghlaim; doiligh na canúintí a thuigbheáil; faoin duine aonair atá sé; tá an suirbhé seo 30 bliain rómhall; ba cheart deireadh a chur leis an chur i gcéill ó thaobh bailte fearainn a bhfuil Gaeilge á labhairt iontu; slat draíochta de dhíth leis an teanga a thabhairt ar ais sa cheantar	15	6.8%
<b>Feiceálacht agus Úsáid na Teanga sa Phobal</b>	Go mbeidh sí á labhairt sna siopaí agus tithe tábhairne; airneál; logainmneacha áitiúla agus ainmneacha gnóthaí i nGaeilge; gníomhaíochtaí Gaeilge sa halla; Gaeilge á húsáid ar bhealach níos cairdiúla; bheith ábalta Gaeilge a labhairt le fear an phoist, an dochtaírl; tús áite ag an Ghaeilge ag an Aifreann, sna gnólachtaí, sna scoileanna; comhluadar Gaelach a chruthú; drámaí agus oícheanta airneáil sa cheantar; imeachtaí mar shampla oícheanta cultúrtha	10	4.5%
<b>An Córás Oideachais</b>	Béim ar an teanga labhartha seachas gramadach/filíocht/scrúduithe; athrú ó bhonn ar an dóigh a múintear í; go mbeadh an Ghaeilge á labhairt i rith an lae ar scoil; tumoideachas sa scoil náisiúnta;	7	3.2%
<b>Tacaíocht Airgeadais</b>	Scéim labhairt na Gaeilge (puntaí) i bhfeidhm sna scoileanna arís; maoiniú le tacú le ceantair Ghæltachta; forbairt eacnamaíochta; Deontas a mhéadú; Deontas a thabhairt ar ais	5	2.3%
<b>Tuairimí Diúltacha</b>	Ní bheidh aon athrú i dteach s'againe; ní bheidh an teach seo ag cur an Ghaeilge chun cinn; ní bhraithim gur buntáiste í	5	2.3%
<b>Misneach</b>	Níos mó misnígh a bheith agam; bheith níos compordáí; eagla ar dhaoine go mbeidh daoine eile ag gáirí má úsáideann siad an focal mícheart	4	1.8%

<b>Fostaíocht</b>	Go mbeidh festaíocht ar fáil chun teaghlaigh óga a mhealladh isteach sa cheantar; festaíocht sa Ghaeltacht	2	0.9%
<b>Áiseanna agus Forbairt Fhisiciúil</b>	Halla pobail sna Dúchoraidh; siopa i mBaile na Finne	2	0.9%
<b>Normálú/Nua-aoisiú</b>		2	0.9%

### 5.2.6 Moltaí do chur chun cinn na Gaeilge i measc óige an cheantair

Iarradh ar rannpháirtithe ag deireadh an cheistneora roinnt smaointe a thabhairt ar an dóigh a dtiocfaí an Ghaeilge a chur chun cinn i measc aos óg an LPT ("Tabhair trí smaoineamh dúinn faoin dóigh a dtiocfaí an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an óige sa cheantar (Mar shampla clubanna óige, spórt, drámaíocht, srl.)". Thug 200 rannpháirtí freagra bailí ar an cheist seo, sin 49.4% den sampla iomlán. Cionn is gur iarradh "trí smaoineamh" ar na rannpháirtithe, thug an chuid ba mhó de na rannpháirtithe níos mó ná smaoineamh amháin ina bhfreagraí rud a d'fhág go bhfuarthas 396 freagra nó smaoineamh. Tá na moltaí sin rangaithe de réir téamaí sa tábla thíos agus tugtar an líon moltaí a bhain le gach téama:

Téama	Sonraí	Líon rannpháirtithe <sup>6</sup>	
<b>Drámaíocht, Ceol, Litríocht agus na hEalaíona</b>	Drámaíocht i nGaeilge; thig í a chothú trí chaitheamh aimsire; comórtais scríbhneoireachta/díospóireachta/filíochta le duais airgid; ranganna ceoil/damhsa; amhránaíocht; dioscó Gaelach; féilte nó feiseanna a reáchtáil trí Ghaeilge; cearrbhachas (imirt chártaí); tráth na gceist; céilí mór a thosú arís; ceol nua-aimseartha; club drámaíochta, club ceoil srl a bhunú; halla pobail Éadan Fhionn Fraoich a úsáid; ceist a chur ar dhéagóirí na háite cad é ba mhaith leo; ranganna cócaireachta; popcheol a aistriú go Gaeilge; cór Gaeilge ag an Aifreann; ceardlanna; comórtais Scór; geamaireacht ag an Nollaig; bióngó; taispeántais cheoil, amhránaíochta, chultúir; damhsa ar an tsean-nós; uirlis cheoil a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge; oíche chultúrtha	75	18.9%
<b>Club Óige d'Aos Óg an Cheantair</b>	Clubanna óige; club Sathairn trí Ghaeilge - siúlóidí béaloidis, imeachtaí spóirt, cluichí teanga; gníomhaíochta iarscoile; clubanna óige ó cheantair Ghaeltachta ag tabhairt cuairt ar a chéile; clubanna sóisialta; oíche sa tseachtain;	59	14.9%

<sup>6</sup> Tá an céatadán seo bunaithe ar na 200 duine a thug freagra bailí ar an cheist seo.

	seirbhís ghairmthreorach don mhuintir óg; níos mó Gaeilge sna clubanna óige; cluichí boird/ríomhaireachta a imirt; bus a chur ar siúl leis na páistí a bhailiú ón teach; Foróige; club don óige a thugann seans dóibh an teanga a chleachtadh gan béim a bheith ar chomórtas/iomaíocht/an chéad áit a bhaint amach; grúpaí iarscoile a dhéanann imeachtaí, obair charthanachta; spreagadh chun Gaeilge a labhairt ag na clubanna óige		
<b>Spórt agus Clubanna</b>	Traenáil trí Ghaeilge leis an chclub CLG; ag brath ar lucht stiúrtha Gaeilge a bheith acu; imeachtaí/gníomhaíochtaí spóirt; go n-úsáidfeadh gach club spóirt na hainmneacha Gaeilge i gcónaí; rásáí currach ar Loch Finne do Ghaeilgeoirí; comórtais spóirt a reáchtáil sa cheantar trí mheán na Gaeilge; go mbeidh bainisteoirí agus imreoirí ag labhairt i nGaeilge ag an traenáil agus na cluichí; comórtas peile idir na scoileanna Gaeltachta (An Coimín, Taobhóg, Baile na Finne srl.); frásáí a theagasc do na páistí ag spórt; éagsúlacht spórt sa cheantar seachas peil; oifigeach teanga sa chclub CLG; comórtais Ghaeltachta agus naisc le físeáin chun eochairfhocail a theagasc do na páistí roimh na gcomórtas	59	14.9%
<b>Córas Oideachais agus Scoileanna an Cheantair</b>	Ba cheart an Ghaeilge a choinneáil sa churaclam; an teanga a úsáid sa naíonra; Gaeilge uilig sna scoileanna; drámaíocht agus ceol mar ábhair scoile; dreasacht sa chóras oideachais dóibh siúd a bhfuil suim acu sa teanga; imeachtaí nasctha le scoileanna Gaeltachta eile; stair na hÉireann a chur chun cinn sna scoileanna; ba chóir achan sórt cuidithe a thabhairt do na máistrí scoile (bunscoil agus meánscoil); níos mó Gaeilge sna scoileanna nach bhfuil go hiomlán trí Ghaeilge; drámaíocht sa scoil náisiúnta; níos mó leabhar Gaeilge sa scoil; Gaeilge a labhairt ag am sosa; club obair bhaile; níos mó béisme ar an teanga labhartha seachas an teanga scríofa sa bhunscoil; níos mó litríochta i nGaeilge; clár ionduchtúcháin i nGaeilge sula dtosaíonn na páistí ar scoil, tumtha sa teanga; “comhrá” iarscoile uair sa tseachtain maoirsithe ag tuismitheoirí; drámaí as Gaeilge sna scoileanna; cluichí as Gaeilge sna scoileanna; tumoideachas sa scoil náisiúnta i ranganna na naíonán; níos mó	41	10.4%

	páistí a spreagadh chun freastal ar Ghairmscoil Chú Uladh; pointí breise do dhaltaí Ardteiste a n-éiríonn leo marcanna arda a fháil i nGaeilge		
<b>Deiseanna Foghlama, Ranganna Gaeilge srl.</b>	Ranganna Gaeilge a chur ar bun sa cheantar; ranganna do pháistí; ranganna comhrá; ranganna Gaeilge don aos óg a bhfuil an scoil fágtha acu gan chállochtaí; rang spraúil ina mbíonn páistí ag teagasc tuismitheoirí; ranganna do theaghlaigh nach bhfuil Gaeilge acu; ranganna oíche do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu; cainteoirí maithe ag cuidiú agus ag tacú le foghlaimeoirí; ranganna Gaeilge saor in aisce; cursa saor in aisce ar líne do thuismitheoirí le ranna a fhoghlaim; ranganna aistriúcháin; rang scríbhneoireachta do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu; VEC	34	8.6%
<b>Feiceálacht agus Úsáid na Teanga sa Phobal</b>	Oíche airneáil sa halla; oícheanta sóisialta trí Ghaeilge; tráth na gceist dátheangach; teacht le chéile seachtainiúil in ionad pobail le táblaí púil, táblaí leadóig thábla; oícheanta ceoil; siúlódí dúlra; am a chaitheamh le haosaigh an cheantair a bhfuil Gaeilge acu; Gaeilge a bheith ar gach comhartha bóthair; tuilleadh Gaeilge sna tithe pobail; seisúin “chultúir” - iad a chur ar an eolas faoin stair áitiúil/ báaloideas/saibhreas a gceantair, tionscadal; níos mó Gaeilge a chloisteáil ar an raidió; níos mó Gaeilge a labhairt sa teach; ciorcal cainte a bhunú; comharthaí/ráitis i nGaeilge in áiteanna poiblí; oíche thraigisiúnta/céili; “uair an chloig Ghaelach” a chur chun cinn, go mbeidh tithe agus gnólachtaí ag labhairt Gaeilge ar feadh uair an chloig, uair sa tseachtain; cuir béim ar an Ghaeilge sna siopaí lá sa tseachtain; oibrithre deonacha a thabhairt isteach san ionad lae le Gaeilge a labhairt/amhráin a cheol leis na seandaoine; comharthaí Gaeilge sna siopaí agus Gaeilge a labhairt leis na custaiméirí; biongó i nGaeilge/Béarla; grúpa caife gan brú; ciorcal comhrá a thugann gach aois le chéile; deis ag daoine óga Gaeilge a úsáid sa phub agus ag ócáidí sóisialta; seans agus uchtach ag daoine óga Gaeilge a labhairt le sinsir an cheantair; an traein ag reáchtáil ócáidí i nGaeilge don óige; Gaeilge a labhairt sna siopaí nuair a thig daoine isteach; Gaeilge a labhairt leis na páistí beaga nuair a bhíonn siad ag súgradh	31	7.8%


<b>Tuismitheoirí, Teaghlaigh agus an Gaeilge sa Bhaile</b>	Gaeilge a labhairt sa bhaile; naónra sa cheantar; club súgartha do pháistí faoi 6 bliana; grúpa páistí & tuismitheoirí; grúpa páistí ar an Satharn sa halla i mBaile na Finne; lá teaghlaigh i mBaile na Finne; tuismitheoirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt leis na páistí ón chliabhán; club Gaeilge taobh amuigh den scoil; ranganna Gaeilge do thuismitheoirí; grúpa máithreacha agus tachrán; gníomhaíochtaí do dhaoine óga taobh amuigh den scoil, foghlaim fríd súradh; laethanta teaghlaigh; Gaeilge a labhairt le seantuismitheoirí; ranganna comhrá do theaghlaigh, le spraoi; teacht le chéile idirghlúine; seisiún scéalaíochta do pháistí, leabhair phictiúr, le gníomhaíochtaí praiticiúla (garraíodóireacht, cócaireacht) sa tsamhradh	21	5.3%
<b>Campaí Samhraidh</b>	Campa samhraidh trí Ghaeilge; ealaíona agus ceardaíocht; spórt	16	4.0%
<b>Eile</b>	Teacht le chéile do dhaoine óga gan náire; mórtas teanga; oibriú le heagraíochtaí ar son leas ainmhithe; duaiseanna do dhaoine óga a chuireann barr feabhas ar a gcuid Gaeilge; gan an Ghaeilge a bhrú ar aon duine; turais lae chuig ceantair Ghaeltachta eile; fóram áitiúil le daoine óga agus polaiteoirí le theacht aníos le smaointe don Ghaeilge	15	3.8%
<b>Tacaíocht Airgeadais/Rialtais</b>	An Deontas a thabhairt ar ais do pháistí scoile; dreasacht chun an Ghaeilge a úsáid, dearbháin; go mbeidh an stádas teidlíochta céanna ag na Gaeltachtaí is atá ag na hoileáin; cuidiú a fháil ón rialtas; iompar chun na scoile saor in aisce do pháistí; deontais a thabhairt don scoil chun áiseanna Gaeilge a cheannach; deontais do na clubanna spóirt chun an Ghaeilge a fheabhsú; aitheantas/scoláireachtaí don oideachas tríú leibhéal do pháistí Gaeltachta a n-éiríonn leo sa Ghaeilge; caithfidh Údarás na Gaeltachta tacáíocht airgid a thabhairt do lánúin óga tithe a thógáil sa cheantar; rátaí níos saoire do ghníomhaíochtaí spóirt	14	3.5%
<b>Turasóireacht Teanga/Coláiste Samhraidh do Dhéagóirí</b>	Féile; daoine óga ag caint faoin cheantar agus faoina bhfuil ar fáil ann do chuairteoirí; scoláirí Gaeilge idir dhéagóirí agus dhaoine fásta a thabhairt isteach sa Ghaeltacht; tacú le bunadh na háite tograí a chur ar bun a bhaineann leas as an teanga is an cultúr; clár cultúrtha amhail na gcoláistí samhraidh a fhorbairt sa cheantar;	8	2.0%

	staidéar féidearthachta a dhéanamh an bhféadfaí coláiste samhraidh a thoiseacht sa Ghaeltacht láir		
<b>Na Meáin/An Teicneolaíocht</b>	Daoine óga a chur ag éisteacht le RnaG, ag amharc ar TG4; cartúin i nGaeilge ar TG4; cluichí ríomhaire i nGaeilge; aip i nGaeilge; acmhainn ar líne le héisteacht le leabhair i nGaeilge; leathanach Facebook as Gaeilge le hócáidí a fhógaírt	7	1.8%
<b>Forbairt Fhisiciúil /Infraestruchtúr</b>	Halla pobail de dhíth sna Dúchoraidh; seirbhís níos fearr leathanbhabha; clos súgartha; ionad pobail; clos súgartha sna Dúchoraidh	7	1.8%
<b>Fostaíocht a chruthú</b>	Obair a chur ar fáil do dhaoine óga	6	1.5%
<b>Diúltach</b>	Tá an rialtas 40 bliain rómhall ag tabhaint faoi seo; pleanáil teanga rómhall	3	0.76%

## 5.3 Suirbhé na hÓige

### 5.3.1 Eolas Ginearálta faoin Sampla


Tugtar briseadh síos ar aoisghrúpaí na rannpháirtithe san fhigiúr thíos. D'fhág 3 rannpháirtí an cheist seo gan fhreagra:



Figiúr 5.17 Aoisghrúpaí na Rannpháirtithe


### 5.3.2 Cúlra agus Cumas Teanga

Léiríonn an taighde seo go bhfuil an Béarla in uachtar sa bhaile. Tuairiscíonn 81% den sampla gur Béarla amháin, nó Béarla den chuid is mó a labhraíonn a dtuismitheoirí leo sa bhaile. Fágann sin nach labhraíonn a dtuismitheoirí Gaeilge den chuid is mó ach le 19% de na rannpháirtithe. Tá an figiúr sin ag teacht nach mór le líon na ndaoine a thuairiscíonn go labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile beagnach i gcónaí nó go minic (féach rannóig 5.2.3 thuas).




Figiúr 5.18 "Cén teanga a labhraíonn do thuismitheoirí leat sa bhaile?"

Deir thart ar thrian den sampla, nó 31.5%, go bhfuil Gaeilge líofa acu. Nuair a chuirtear san áireamh líon na rannpháirtithe a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge mheasártha acu (47.6%), feictear go bhfuil Gaeilge ag 79.1% den sampla, uimhir atá giota maith níos airde ná an toradh ar an cheist chéanna a bhí ar Shuirbhé na dTithe (64.2% den sampla a mhaíonn go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mheasártha acu). Ní léir ón taighde go bhfuil aon bhaint ag cúlra teanga, is é sin an teanga a labhraítear leis na rannpháirtithe sa bhaile, le cumas teanga na rannpháirtithe.




Figiúr 5.19 Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe

Tuairiscíonn formhór na rannpháirtithe gur ar scoil nó sa naónra a d'fhoghlaim siad a gcuid Gaeilge, seachas sa bhaile, mar a fheictear san fhigiúr thíos. D'fhág beirt an cheist seo folamh agus deir 11 rannpháirtí gur sa dá áit thusa a bhfuair siad an cumas Gaeilge atá acu. Léiríonn torthaí na ceiste seo go bhfuil an tumoideachas Gaeilge ina bhunchloch do thírdhreach teangeolaíoch an LPT agus go bhfuil dúshraith ar féidir tógáil uirthi leagtha ag na scoileanna sa LPT.



Figiúr 5.20 Áit ar fhoghlaim rannpháirtithe a gcuid Gaeilge

Iarradh ar na rannpháirtithe comparáid a dhéanamh idir a gcumas Gaeilge agus a gcumas Béarla. Deir an leathchuid den sampla go bhfuil comhrá maith sa dá theanga acu. Dar ndóighe, cionn is gur féintuairisc atá i gceist anseo ní féidir brath go hiomlán ar na figiúirí seo ach is cinnte gur léiriú é ar cad é chomh muiníneach is atá na rannpháirtithe as a gcumas teanga. Ní bheifí ag súil le céatadán níos airde ná 4.2% a deir go bhfuil comhrá níos fearr i nGaeilge acu agus as na 6 rannpháirtí seo deir 5 acu gur Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn a dtuismitheoirí leo.



Figiúr 5.21 Comparáid idir cumas Gaeilge agus cumas Béarla na rannpháirtithe


### 5.3.3 Cleachtas Teanga

Fiafraíodh de na rannpháirtithe an bhfuil aon ábhar i nGaeilge acu, mar shampla bréagán, leabhair, agus mar sin de. Tuairiscíonn 60% den sampla go bhfuil ar a laghad rud nó dhó den sórt sin acu agus an 40% ag maíomh nach bhfuil rud ar bith mar sin acu.


#### *Teicneolaíocht*

Iarradh ar na rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar a gcleachtas teanga nuair a bhíonn siad ag baint úsáide as teicneolaíocht amhail guthán póca agus an idirlíon. Tuairiscíonn

fíorbheagán rannpháirtithe, 4.9% den sampla, gur Gaeilge den chuid is mó a úsáideann siad agus iad ag téacsáil nó ar a nguthán. Ní haon iontas é go ndeir 79.6% den sampla gur Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó a úsáideann siad sa chás seo. Tá an scéal amhlaidh fosta ó thaobh na meán sóisialta de; deir 1.4%, nó 2 rannpháirtí, go n-úsáideann siad Gaeilge ar an idirlíon. Is cinnte gur ísele na rátaí úsáide Gaeilge anseo ná i ngné ar bith eile de shaol aos óg an LPT.



Figiúr 5.22 Bréagán/Leabhair/Earráí i nGaeilge




Figiúr 5.23 Cleachtas teanga na rannpháirtithe ar an ghuthán/idirlíon

#### *Cleachtas Teanga sa Bhaile*

Léiríonn torthaí na ceiste seo gur beag teach ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar. Tuairiscíonn 8.5% den sampla go labhraíonn siad Gaeilge “an t-am ar fad” lena dtuismitheoirí”, agus 7.7%


go labhraíonn siad i gcónaí í lena ndeartháireacha agus deirfiúracha. D'fhéadfaí a rá go bhfuil an dátheangachas iontach láidir sa bhaile mar go ndeir 64.8% den sampla go labhraíonn siad Gaeilge “anois is arís” lena dtuismitheoirí, ach cionn is nár tugadh ach trí rogha do na rannpháirtithe agus iad ag freagairt na ceiste seo, ní féidir a bheith cinnte cé acu a chiallaíonn “anois is arís” gur minic a labhraíonn siad í ach ní an t-am ar fad, nó gur fíorannamh a labhraíonn siad í, nó go n-úsáideann siad focal nó dhó anseo is ansiúd fiú. Ar an lámh eile, níl lín na rannpháirtithe a mhaíonn nach n-úsáideann siad an teanga lena dtuismitheoirí ná lena ndeartháireacha agus deirfiúracha, níl an céatadán sin an-ard ag 26.8% agus 38.0% faoi seach. Tá sé suimiúil gur minice a úsáideann rannpháirtithe Gaeilge lena dtuismitheoirí ná lena gcuid deartháireacha agus deirfiúracha. B'fhéidir go mbaineann seo leis an nós atá i measc daoine óga iompú ar an Bhéarla fiú nuair atá Gaeilge acu.



Figiúr 5.24 Cleachtas teanga sa bhaile

#### *Cleachtas Teanga i gComhthéacs na Scoile*


Tá na patrúin úsáide Gaeilge i bhfad níos airde i gcomhthéacs na scoile. Is léir gurb í seo an fearainn Ghaeilge is mó atá ag óige an LPT. Tuairiscíonn 56.3% den sampla go labhraíonn siad Gaeilge “an t-am ar fad” sa scoil agus deir 64.8% go labhraíonn siad an t-am ar fad í sa rang lena múinteoirí. Ach is ábhar imní an méid rannpháirtithe a deir nach labhraíonn siad an teanga riamh i gclós na scoile (38.0%). Tá bearna mór idir an méid Gaeilge a labhraítear i gcomhthéacs ranga na scoile agus an méid a labhraítear i suíomh níos scaolté agus neamhfhoirmeálta.



*Figiúr 5.25 Cleachtas teanga sa scoil*

#### *Cleachtas Teanga sa Phobal*

Mar is léir ón fhigiúr thíos, tá an Béarla go mór in uachtar i measc aos óg an LPT agus iad amuigh sa phobal. Níl suíomh ar bith a dtuairiscíonn níos mó ná 5% den sampla go labhraítar Gaeilge an t-am ar fad ann. Arís, de bharr fhocláiocht na ceiste seo, ní fios cá mhéad Gaeilge a áirítear faoin fhreagra “anois is arís” ach mar sin féin is féidir a mheas ó thorthaí na ceiste seo go bhfuil an dátheangachas níos seasmhaí sa chomharsanacht agus i measc cairde ná mar atá sna gnóthaí áitiúla agus i gcomhthéacs sóisialta/spóirt sa LPT. É sin ráite is cúis bhuairimh go maíonn chóir a bheith leath den sampla (46.5%) nach labhraíonn siad Gaeilge le cairde agus go maíonn 60.6% nach labhraíonn siad í go sóisialta ná i gcomhthéacs spóirt. Léiríonn na figiúirí seo cad é chomh leochaileach is atá an teanga mar theanga shóisialta.



Figiúr 5.26 Cleachtas teanga sa phobal

#### Caitheamh Aimsire agus Campáí Samhraidh/Cásca

Fiafraíodh de na rannpháirtithe cénta caitheamh aimsire atá acu agus cén teanga a labhraíonn siad agus iad ina mbun. Tugtar briseadh síos ar fhreagraí na ceist sin thíos<sup>7</sup>:

Caitheamh Aimsire	Lón	GA	EN	GA/EN	N/A
Peil <sup>8</sup>	90	8	66	12	4
Ceol <sup>9</sup>	27	4	14	9	-
Amhránaíocht	15	1	5	8	1
Lúthchleasaíocht	15	-	15	-	-
Snámh	11	-	11	-	-
Feirmeoireacht	10	6	2	2	-
Damhsa Gaelach	8	-	8	-	-
Dráma	7	2	4	-	1
Damhsa	5	1	3	1	-
Club óige	4	-	3	1	-
Rugbaí	4	-	3	1	-
Gleacaíocht	4	-	3	-	1
Pictiúrlann	2	-	2	-	-
Badmantan	2	-	2	-	-
Cicdhornálaíocht	2	-	2	-	-
Fón	2	-	2	-	-

<sup>7</sup> Thug 120 rannpháirtí freagra bailí ar an cheist seo

<sup>8</sup> Áirítear na freagraí "sacar", "peil", agus "peil Ghaelach" faoi "Peil"

<sup>9</sup> Áirítear roinnt uirlisí ceoil a luadh faoi "Ceol", ina measc giotár, piano, feadóg stáin, bosca ceoil srl.

<b>Galf</b>	1	-	1	-	-
<b>Rothaíocht</b>	1	-	1	-	-
<b>Marcaíocht capall</b>	1	-	1	-	-
<b>Dornálaíocht</b>	1	-	-	-	1
<b>Cluiche corr</b>	1	-	-	-	1
<b>Scoil Domhnaigh</b>	1	-	1	-	-
<b>Siúl</b>	1	1	-	-	-
<b>Gasóga</b>	1	-	1	-	-
<b>Cluichí ríomhaire</b>	1	-	1	-	-
<b>Léitheoireacht</b>	1	-	-	1	-
<b>“Speech &amp; drama”</b>	1	-	1	-	-
<b>Dioscó</b>	1	-	1	-	-

Tábla 5.0.1 Caitheamh aimsire na rannpháirtithe

Mar atá le feiceáil sa tábla thusas, is é an t-aon chaitheamh aimsire ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar ná an fheirmeoireacht, ach meastar go mbaineann sin le cleachtais teanga teaghlaigh atá seánbhunaithe. Diomaite de sin, tá an dátheangachas measartha láidir sa cheol agus san amhránaíocht. Is léir, áfach, go gcaithfear féachaint le seasmhacht na Gaeilge a neartú i ngach caitheamh aimsire, trí tacáiocht agus oiliúint agus acmhainní teanga a chur ar fáil d'fhonn na cleachtais teanga sin a athrú i dtreo na Gaeilge.

I dtaca le campaí samhraidh/Cásca de, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe ar fhreastail siad ar champa ar bith le bliain anuas, agus cén teanga a labhair siad ann. Sá tábla thíos tá briseadh síos ar na freagraí a thug rannpháirtithe ar an cheist sin<sup>10</sup>:

Campa	Lón	GA	EN	GA/EN
<b>Peil Ghaelach (Cúl Camps, Campa CLG Naomh Conall, Campa na Scoile i nGleann Fhinne, Campa Michaela srl.)</b>	19	2	8	9
<b>Campa an Choimín</b>	11	11	-	-
<b>Sacar (FAI Camp, Campa Samhraidh i mBealach Féich, srl.)</b>	10	-	10	-

<sup>10</sup> Thug 123 rannpháirtí freagra bailí ar an cheist seo; dúirt 76 nár fhreastail siad ar champa ar bith.

<b>Campa Samhraidh<sup>11</sup></b>	10	5	5	-
<b>Ceol (Seachtain na bhFidléirí, srl.)</b>	8	-	2	6
<b>Campa Snámha</b>	3	-	3	-
<b>Campa Cásca Ionad Finn Valley</b>	1	-	1	-
<b>Cosa Beaga</b>	1	1	-	-
<b>Campa Veritas</b>	1	-	1	-
<b>Campa Ionad an Dolmen</b>	1	-	1	-
<b>Campa Leadóige</b>	1	-	1	-

Tábla 5.0.2 Campáí a mbíonn na rannpháirtithe ag freastail orthu


Níl an Ghaeilge in uachtar ach ag aon champa amháin: Campa an Choimín, campa samhraidh a reáchtáiltear go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá an Béarla in uachtar ag na campaí eile den chuid is mó (i dtaca leis na “campaí samhraidh” ar thuairiscigh na rannpháirtithe gur Gaeilge amháin a labhair siad iontu, ní luann siad cé na campaí go sonrach). Meastar go mbíonn sciar maith d’aos óg an LPT ag freastal ar champaí atá taobh amuigh den LPT forsta, i mBealach Féich mar shampla.

#### 5.3.4 Dearcadh i leith na teanga


Tugadh seans do na rannpháirtithe a dtuairimí a noctadtadh i leith dhá shraith ráiteas a bhaineann le cúrsaí teanga. Tá briseadh síos ar an chéad sraith sa dá fhiúr thíos:

---

<sup>11</sup> Ní thugtar aon sonrai



Figiúr 5.27 Dearcadh i leith na teanga (A)




Figiúr 5.28 Dearcadh i leith na teanga (B)

Taispeánann tortaí na ceiste seo go bhfuil dearcadh iontach dearfach i leith na teanga ag na rannpháirtithe. Deir thart ar thrí cheathrú den sampla gur maith leo Gaeilge a labhairt agus gur mhaith leo níos mó Gaeilge a úsáid (77.5% agus 73.2% faoi seach). Tá líon na rannpháirtithe a thuairiscíonn go labhraíonn siad Gaeilge chomh minic agus a thig leo giota beag níos íse ag 58.5%, áfach. Mar sin tá tacáiocht don Ghaeilge agus fonn í a labhairt i

measc óige an cheantair ach caithfear dul i bhfeidhm ar na cleachtais teanga atá acu. Ar an lámh eile, deir 40.1% den sampla gur fearr leo Béarla a labhairt ná Gaeilge. Easaontaíonn 23.2% leis an ráiteas sin agus bhí sciar maith, 35.2% gan tuairim ina leith. As an 40.1% ar fearr leo Béarla a labhairt ná Gaeilge, tá Gaeilge mheasartha nó Gaeilge líofa ag 66.7% acu.


Braitheann 18.3% den sampla go mbíonn brú orthu Gaeilge a labhairt ach ní bhraitheann ach 10.6% go mbíonn brú orthu Béarla a labhairt. Is maith, arís, nach mbíonn an oiread sin brú ar dhaoine teanga a labhairt agus is dóiche go mbaineann an céatadán níos airde sin leis an méid Gaeilge a úsáidtear sna scoileanna. Is ábhar dóchais go síleann 66.9% den sampla go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach taobh amuigh den cheantar agus go dtuairiscíonn 59.2% go labhróidh siad Gaeilge lena bpáistí féin amach anseo.

Seo mar a d'fhreagair rannpháirtithe an dara sraith ráiteas:



Figiúr 5.29 Dearcadh i leith na teanga (C)

Maíonn tromlach na rannpháirtithe (68.3%) go spreagann a dtuismitheoirí iad le Gaeilge a labhairt, rud a léiríonn an dea-thoil i leith na teanga atá sa bhaile ag an chuid is mó de na rannpháirtithe. Chomh maith leis sin, tuairiscíonn 77.4% den sampla go bhfreagraíonn siad i nGaeilge nuair a labhraítear leo i nGaeilge. Dá réir sin, meastar go bhféadfaí dea-thionchar a imirt ar chleachtas teanga na hóige dá gcuirí le méid na Gaeilge atá in úsáid sna háiteanna ina mbíonn siad sa LPT (caitheamh aimsire, gnóthaí áitiúla, sa chomharsanacht agus mar sin de). Is díol suntais an líon rannpháirtithe a thuairiscíonn nach bhfuil muinín acu as a gcuid Gaeilge. Deir 38% nach bhfuil muinín acu, agus deir 14.8% nach bhfuil fhios acu/nach bhfuil tuairim láidir acu ina leith sin. Mar sin ní mhaíonn ach 45.1% den sampla go bhfuil muinín acu as a gcuid Gaeilge.




Figiúr 5.30 Dearcadh i leith na teanga (D)


Deir céatadán an-ard (81.7%) de na rannpháirtithe go bhfóireann an Ghaeilge do shaol an duine óig sa lá atá inniu ann, rud a léiríonn, arís, an dearcadh dearfach i leith na teanga atá ag aos óg an LPT. Ach mar sin féin, in ainneoin nach dtuairiscíonn ach trian (33.1%) den sampla go bhfuil sé “an-doiligh an Ghaeilge a scriobh agus a labhairt i gceart”, deir an tromlach (55.6%) go bhfuil sé “i bhfad níos fusa Béarla a scriobh agus a labhairt” ná Gaeilge.

### 5.3.5 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge

Léiríonn an taighde go mbeadh suim ag formhór na ndaoine óga a líon an suirbhé inimeachtaí Gaeilge:




Figiúr 5.31 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge (A)



Figiúr 5.32 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge (B)

Mar is léir ón dá ffigiúr thuas, tá an-spéis ag aos óg an LPT i gclub óige, tráth na gceist, imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar agus scéim mhalartaithe le scoileanna Gaeltachta eile, go háirithe.

Caithfear cuimhneamh go gcuimsíonn an sampla dhá aoisghrúpa; 8-12 (páistí bunscoile) agus 13-17 (páistí meánscoile). Mar sin is fiú amharc ar bhriseadh síos ar na freagraí de réir aoisghrúpa:



*Figiúr 5.33 Dearcadh i leith imeachtaí Gaeilge de réir aoisghrúpa<sup>12</sup>*

Léirítéar san fhigiúr thusa céatadán na rannpháirtithe i ngach aoisghrúpa a deir go mbeadh suim nó an-suim acu i ngach imeacht. Sa tábla thíos tá na trí imeacht is mó a mbeadh suim ag gach aoisghrúpa iontu:

<b>Aoisghrúpa 1 (8-12)</b>	Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar (73.8%) Club Óige trí Ghaeilge (70.8%) Tráth na gceist i nGaeilge (66.2%)
<b>Aoisghrúpa 2 (13-17)</b>	Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar (68.9%) Scéim mhalartaithe le scoileanna i nGaeltachtaí eile (62.2%) Ceolchoirmeacha le bannaí ceoil as Gaeilge (55.4%)

*Tábla 5.0.3 Imeachtaí is mó a bhfuil suim ag gach aoisghrúpa iontu*

<sup>12</sup> Céatadán de na rannpháirtithe a d'fhreagair gach ceist, agus a thug le fios cén aoisghrúpa ina bhfuil siad

## 5.4 Tá tal

### 5.4.1 Suirbhé na dtithe

Tá an-mhórán i dtorthaí an taighde seo a bhéarfadh dóchas don léitheoir faoi mar atá cúrsaí teanga sa Ghaeltacht Láir. Dar ndóighe, tá mórán ábhar imní ann fostá, agus ní mór amharc go réalaíoch ar an dá thaobh le go mbeidh an pleán teanga chomh infheidhmithe agus is féidir.

Léiríonn an ráta ard freagartha go bhfuil an chuid is mó den phobal toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas pleánála teanga. Is cinnte gur ábhar dóchais atá sa líon ard daoine a thuairiscíonn go bhfuil cumas Gaeilge acu; 64.2% den sampla a mhaíonn go bhfuil Gaeilge líofa nó mheasártha acu (rannóg 5.2.2), agus deir 62% go bhfuil tuigbheál acu ar an teanga. Tá sé le tuiscint fostá go bhfuil dearcadh dearfach i leith na teanga ag formhór an phobail. Thóig an leathchuid den sampla (48.9%: rannóg 5.2.5) an t-am a ghlacadh lena gcuid mianta do thodhchaí na teanga a chur in iúl agus bhí 90% acu sin dearfach. Arís, is cúis dóchais go raibh thart ar an líon céanna (49.8%: rannóg 5.2.6) daoine sásta moltaí do bhearta a chuirfeadh an Ghaeilge chun cinn i measc na hóige a thabhairt.

Ach ar an lámh eile, is cúis imní a laghad daoine ar Ghaeilge amháin nó Gaeilge den chuid ba mhó a bhí in úsáid sa teach agus iad ag éirí aníos (36.9%: rannóg 5.2.2). Ní labhraíonn ach thart ar thrian den sampla (36.5%) Gaeilge go laethúil agus meastar go labhraíonn 35.2% Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu ar bhonn laethúil, agus 30.3% ag maíomh gur cleachtadh nó faisean atá ann. Is cosúil go bhfuil an Béarla in uachtar i roinnt mhaith de na suímh a mbíonn daoine ag idirghníomhú le chéile sa LPT, amhail na siopaí/gnóthaí, áit nach labhraíonn ach 10.9% (rannóg 5.2.3) den sampla Gaeilge ar bhonn rialta.

Caithfear tabhairt faoin phlean teanga agus na cleachtais teanga agus mianta thuasluaite a choinneáil mar phointe tagartha i gcónaí. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an pleán bunaithe ar an eolas a d'eascair as an taighde seo agus as an taighde eile atá déanta ar an ábhar seo le blianta beaga anuas.

### 5.4.2 Suirbhé na hÓige

Léiríonn taighde an tsuirbhé seo go bhfuil torthaí an tumoideachais Ghaeilge le feiceáil sa cheantar, mar go bhfuil cumas Gaeilge ag 79.1% den sampla. Ach mar sin féin, is mionlach a thuairiscíonn go labhraíonn a dtuismitheoirí Gaeilge leo sa bhaile (19%: rannóg 5.3.2). Ní leor cumas a bheith ag tromlach na ndaoine óga sa LPT agus an Ghaeilge a bheith mar theanga theaghlaigh acu, agus ní leor é le cinntíú go mbeidh sí mar theanga theaghlaigh ag na glúnta atá le teacht ach an oiread. Tuigtear, ina fhianaise sin, nach bhfuil seachadadh idirghluineach na Gaeilge ar bun go tréan sa LPT, agus dá uireasa, bíonn iarrachtaí caomhnaithe teanga fiordheacair (Mac Donnacha, 2000:20).

I dtaca le cleachtais teanga de, léiríonn an taighde go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol mar theanga phobail; ní labhraíonn ach fíorbheagán den sampla an Ghaeilge an t-am ar fad taobh amuigh den chóras oideachais. Is Béarla amháin a labhraíonn tromlach na ndaoine

óga agus iad ag plé leis an teicneolaíocht agus le gnóthaí áitiúla agus le cumainn spóirt (rannóg 5.3.3). Ach tá an teanga i bhfad níos seasmhaí agus níos láidre i gcomhthéacs scoile, áit a bhfuil an Ghaeilge in uachtar gan amhras. Deir 64.8% den sampla go labhraíonn siad Gaeilge an t-am ar fad “sa rang le múinteoirí” agus cé go bhfuil an céatadán a labhraíonn í an t-am ar fad i gclós na scoile (.i. lena gcairde) giota maith níos ísle ná sin ag 21.1%, tá sin fós 5 uaire níos mó ná an céatadán a úsáideann í an t-am ar fad “le cairde”, agus 4 uaire níos mó ná an céatadán a úsáideann í an t-am ar fad “sa chomharsanacht”. Is léir, mar sin, go mbíonn tionchar iontach dearfach ag timpeallacht na scoile agus ag bainisteoíri teanga (múinteoirí sa chás seo) ar chleachtas teanga i measc daoine óga. Meastar go bhféadfaí an patrún sin a leanstan agus a leathnú amach agus cur ina luí ar dhaoine fásta eile sa LPT go bhféadfadh siadsan an tionchar céanna a imirt ar dhaoine óga agus iad a spreagadh chun Gaeilge a labhairt – mar shampla, an lucht gnó, traenálaithe spóirt, oibrithe óige, srl.

Is ábhar dóchais na torthaí dearfacha a tháinig ar ais ón suirbhé seo ó thaobh dearcadh teanga de forta (rannóg 5.3.4) agus léiríonn na torthaí seo go bhfuil tacaíocht don phróiseas pleánaí teanga le brath i measc óige an LPT. I measc an aoisghrúpa is óige (8-12) is mó atá suim sna himeachtaí Gaeilge a luaitear sa suirbhé, ach léiríonn an dá aoisghrúpa suim mheasártha sna himeachtaí mar sin féin.

## 6 Bearta an Phlean Teanga

### 6.1 Réamhrá

Tugtar eolas sa mhír seo ar bhearta an phlean teanga, bearta atá ag teacht le mianta agus dearcta phobal an LPT, agus moltaí a bailíodh ón taighde a rinneadh sular tugadh faoin Phlean a chur le chéile. I dtosach báire déantar cur síos ar bhearta a bheas riachtanach le cur i bhfeidhm comhordaithe an Phlean a chinntiú. Is gníomhaíochtaí praiticiúla idirghabhálacha atá sna bearta, agus déantar iad a rangú de réir na réimsí seo a leanas (An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, 2019: 60):

- A. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena náirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- D. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
- E. an earnáil ghnó;
- F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- G. na meáin chumarsáide;
- H. seirbhísí poiblí;
- I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
- J. seirbhísí sóisialta agus caithimh aimsire;
- K. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

Cuirtear in iúl faoi gach beart an réimse nó na réimsí agus na critéir pleanála teanga<sup>13</sup> lena mbaineann sé. Tá tréimhse seacht mbliana luate le feidhmiú an Phlean.

---

<sup>13</sup> Liostaítear na critéir pleanála teanga in Agusín I

## 6.2 Feidhmiú an Phlean Teanga

### 6.2.1 Struchtúr Feidhmithe

<b>An Beart:</b>	Struchtúr Feidhmithe a leagan síos		
<b>Réimsí:</b>	K	<b>Critéir pleánala teanga:</b>	1, 19
<b>Aidhm:</b>	Struchtúr a bhunú agus a bhuanú a chinnteoidh go gcuircfear an plean teanga i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach; coiste stiúrtha buan a bhunú a thabharfaidh tacaíocht do gach beart sa phlean.		
<b>Cur síos:</b>	<p><b>An Cheanneagraíocht:</b> Feidhmeoidh Gleann Fhinne CFTR mar cheanneagraíocht sa phróiseas pleánala teanga le linn thréimhse seacht mbliana chur i bhfeidhm an phlean.</p> <p><b>CPTGL:</b> Coinneoidh CPTGL ag feidhmiú mar choiste stiúrtha deonach don phróiseas pleánala teanga. Déanfar ról an choiste a shainiu ar mhaithle le freagrácht agus éifeacht an choiste a chinntiú. Tionólfar cruinniú cinn bhliana uair sa bhliain chun baill an choiste a athcheapadh agus/nó le baill úra a earcú. Beidh CPTGL mar chrann taca ag an Oifigeach Pleánala Teanga (OPT) a fhostófar leis an phlean a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déanfar cruinnithe idir an OPT, CPTGL, agus an cheanneagraíocht a reáchtáil ar bhonn míosúil (nó níos minice de réir mar is gá) chun staid reatha chur i bhfeidhm an phlean a mheas.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An cheanneagraíocht (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An OPT</li> <li>- Cumainn agus forais áitiúla an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Coiste a cheapadh &amp; feidhmiú an bhirt</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Rannpháirtíocht an phobail a choinneáil le linn na seacht mbliana.</li> <li>- Bíonn drogall ar dhaoine bheith páirteach in obair dheonach.</li> <li>- Ionadaíocht a dhéanamh ar gach ceantar sa LPT.</li> </ul>		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	A bheith oscailte leis an phobal faoin phróiseas agus caidreamh a chothú leis na cumainn agus na forais áitiúla.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cruinniú athbhreithnithe leathbhliana a reáchtáil agus aiseolas a chuartú ón phobal go leanúnach.</li> <li>- Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga.</li> </ul>		

<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean.
--	--

## 6.2.2 Oifigeach Pleanála Teanga

<b>An Beart:</b>	Oifigeach Pleanála Teanga a cheapadh a chuirfeas an plein teanga i bhfeidhm	
<b>Réimsí:</b>	A – K	<b>Critéir pleanála teanga:</b> 3, 5, 8, 10, 11, 12, 19
<b>Aidhm:</b>	- OPT a cheapadh a bheidh freagrach as an phlean teanga a chur i bhfeidhm tríd an LPT mar atá beartaithe. Moltar go mbeidh cálíocht tríú leibhéal sa phleanáil teanga ag an té a cheapfar, chomh maith le heolas ar an LPT agus taithí ar obair fhobhartha pobail. Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistiú feidhmiúil an phlean teanga agus beidh sé/sí ag obair faoi stiúir na ceanneagraíochta.	
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Beidh sé de chead ag an OPT leasuithe a dhéanamh ar bhearta an phlean teanga agus tograí nach n-áirítear anseo a fhobairt agus a chur i bhfeidhm ach iad a aontú le CPTGL, an cheanneagraíocht agus Údarás na Gaeltachta roimh ré.</li> <li>- Socrófar spás oifige don OPT in Ionad Oidhreachta Isaac Butt ar dtús ach de réir a chéile beidh an té a cheapfar ag caitheamh cúpla lá in áiteacha eile ar fud an LPT.</li> <li>- Déanfaidh an OPT teagmháil rialta le gréasán na gCoistí Pleanála Teanga ar fud na tíre ar mhaithe le heolas agus taithí a roinnt agus comhaidhmeanna a bhaint amach, feachtais náisiúnta a chomhordú, srl.</li> </ul>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An cheanneagraíocht (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An OPT</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Coinníollacha an phoist a fhógairt, post an OPT a fhógairt, an OPT a cheapadh</p> <p><b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€395,425	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€58,614.29 (meánhostas in aghaidh na bliana) <sup>14</sup>	
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta	
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Teacht ar iarrthóirí fóirsteanacha le cur isteach ar phost an OPT.	
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An post a fhógairt go fairsing sna meáin ar fud na tíre.</li> <li>- Sa chás nach féidir teacht ar iarrthóirí leis na cálíochtaí cuí, d'fhéadfáí duine a fhostú a mbeadh taithí ábhartha aige/aici ar an bhunús go dtabharfadh sé/sí faoi chálíocht sa phleanáil teanga le linn téarma a f(h)ostaithe.</li> </ul>	

<sup>14</sup> Tugtar briseadh síos iomlán ar na figíúirí seo i mír 7 den phlean.

<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Cuirfidh an OPT tuairisc mhíosúil ar chur i bhfeidhm an phlean ar fáil do CPTGL. - Is ar bhonn cuidithe seachas ar bhonn faire a oibreoidh CPTGL leis an OPT trátha túis feidhme an phlean.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean.

### 6.2.3 Láithreacht ar Líne

<b>An Beart:</b>	Láithreacht ar líne		
<b>Réimsí:</b>	G, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	1, 16
<b>Sprioc:</b>	Feasacht ar an phróiseas pleanála teanga a ardú i measc an phobail agus nasc cumarsáide a chruthú idir an OPT agus pobal an LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Forbrófar suíomh idirlín do CPTGL áit a gcuirfear eolas ar fáil faoin phlean teanga, bearta an phlean, sonraí teagmhála an OPT agus nuacht faoi chur i bhfeidhm an phlean. Beidh an OPT freagrach as an suíomh a choinneáil suas chun dáta agus beidh fail ag CPTGL agus an cheanneagraíocht ábhar a chur in airde nuair is mian leo.</li> <li>- Glacfaidh an OPT seilbh ar leathanach Facebook CPTGL agus coinneoidh suas chun dáta é.</li> <li>- Cruthóidh an OPT láithreacht CPTGL ar na hardán eile fosta, eg. Twitter, Instagram, Snapchat, TikTok srl., de réir mar is cuí.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CPTGL</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> An suíomh a dheardadh, ábhar a réiteach agus an suíomh a sheoladh.</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10, 500		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€7,500 i mbliain 1, €500 in aghaidh na bliana sna Blíanta 2-7 <sup>15</sup>		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Claonadh scimeáil ar an idirlón as Béarla.</li> </ul>		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cinntiú go bhfuil ábhar suimiúil ar fáil ach scileanna maithe ríomhaireachta a bheith ag an OPT.</li> <li>- Lucht scríofa leathanaigh éagsúla idirlín an LPT a ghríosú chun freastal ar phobal an LPT i nGaeilge.</li> </ul>		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.		

<sup>15</sup> Meastachán bunaithe ar Phlean Teanga Ghaeltacht na Mí (2018, p. 79)

<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.2.1.
--	--

#### 6.2.4 Bunachar Teagmhálaithe

<b>An Beart:</b>	Bunachar teagmhálaithe a chur le chéile	
<b>Réimsí:</b>	K	<b>Critéir pleinála teanga:</b> 1, 19
<b>Aidhm:</b>	Pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an phlean teanga agus obair an OPT a éascú.	
<b>Cur síos:</b>	Le cead na ndaoine a bheas i gceist agus ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an reachtaíocht chuí, coinneoidh an OPT bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist) de bhaill phobal an LPT a bhfuil spéis faoi leith acu sa phróiseas pleinála teanga, idir bhaill coistí agus eagraíochtaí éagsúla, fhoireann na scoileanna, tuismitheoirí, lucht gnó, lucht caitheamh aimsire agus ghnáthbhaill an phobail.	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	- An OPT (príomhúinéir) - CPTGL - An Cheanneagraíocht - Pobal an LPT	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliaín 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní bhaineann.	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní bhaineann.	
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.	
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.	
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Ní bhaineann.	

#### 6.2.5 Monatóireacht

<b>An Beart:</b>	Monatóireacht	
<b>Réimsí:</b>	K	<b>Critéir pleinála teanga:</b> 1, 19
<b>Aidhm:</b>	Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean teanga.	
<b>Cur síos:</b>	Tabharfar faoi roinnt gníomhartha monatóireachta ar bhonn rialta le cinntíú go mbeidh bearta an phlean teanga á gcur i bhfeidhm go héifeachtach agus go córasach. Is é an OPT a bheas freagrach as na	

	<p>cruinnithe agus as na gníomhartha monatóireachta eile a eagrú – ach amháin má shonraítéar a mhalaírt – agus as leasuithe a dhéanamh ar an phlean teanga de réir mar is cuí (ach sin a aontú le CPTGL, an cheanneagraíocht agus Údarás na Gaeltachta). Seo a leanas cuid de na gníomhartha monatóireachta sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfar suirbhé ar na daoine óga sa LPT i mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga.</li> <li>• I mBliain 2, Bliain 4 agus Bliain 6 d'fheidhmiú an phlean teanga, dálílfear foirmeacha gearra aiseolais ar thuismitheoirí/chaomhnóirí le haiseolas a fháil maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí agus eile a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean teanga.</li> <li>• Dálílfear ceistneoir gairid ar dhuine ar bith a fhreastalaíonn ar chúrsa nó rang a reáchtálfar mar chuid den phlean.</li> <li>• Eagrófar cruinniú bliantúil le príomhoidí scoileanna an LPT le plé a dhéanamh ar éifeacht na mbeart a bhaineann leis an chóras oideachais. Mura bhfóireann sé don phríomhoide freastal ar chruinniú, iarrfar air/uirthi ionadaí a chur ina áit/háit chomh maith le foirm ghairid aiseolais a lónadh le heolas a thabhairt maidir le héifeacht na mbeart éagsúla.</li> <li>• Déanfaidh an OPT teaghmáil rialta le coistí/ceannegraíochtaí pleánala teanga sna LPTanna eile ar fud na tíre (uair sa bhliain nó níos minice de réir mar is gá) le plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna agus ar thograí/fhéidearthachtaí comhoibrithe a chuideoidh leo acmhainní a shábháil agus dúbait oibre a sheachaint.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Na páirtithe leasmhara uilig a luaitear i mbearta an phlean teanga.</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,024
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€432 (síntiús bliantúil do phacáiste ‘Advantage’ SurveyMonkey <sup>16</sup> )
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.

<sup>16</sup> Costas bliantúil don phacáiste ‘Advantage’ ó SurveyMonkey

([https://www.surveymonkey.com/pricing/individual/?ut\\_source=pricing-teams-details&ut\\_source2=sem&ut\\_source3=hero](https://www.surveymonkey.com/pricing/individual/?ut_source=pricing-teams-details&ut_source2=sem&ut_source3=hero)) ar an 2 Samhain 2020

<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Ní bhaineann.

### 6.2.6 Seoladh Plean Teanga na Gaeltachta Láir

<b>An Beart:</b>	Seoladh Plean Teanga na Gaeltachta Láir
<b>Réimsí:</b>	G, K <b>Critéir pleanála teanga:</b> 2, 3, 11, 12, 16, 19
<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An pobal a spreagadh le bheith páirteach sa phlean teanga agus úinéireacht a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga.</li> <li>- Cur in iúl don phobal go bhfuil an plean teanga á fheidhmiú agus iad a chur ar an eolas faoina bhfuil beartaithe.</li> </ul>
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ócáid a eagrú in ionad éigin sa LPT, mar shampla Áras Sheáin Bháin/Halla Bhalla na Finne/Ionad Oidhreachta Isaac Butt/Halla Pobail Éadan an Fhionn Fraoich/SN an Dúchoraidh, chun an plean teanga a sheoladh.</li> <li>- Taispeáint do phobal an LPT na dóigheanna gur féidir leo lámh a bheith acu sa phróiseas pleanála teanga/sa phlean teanga.</li> <li>- Príomhbhearta an Phlean a mhíniú agus a chur ar a súile don phobla.</li> <li>- Feasacht ar an ócáid a scaipeadh sna meáin.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT i gcomhar le CPTGL (príomhúinéirí)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Pobal an LPT mar rannpháirtithe</li> <li>- Na meáin chumarsáide mar áis</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Taobh istigh den chéad 6 mhí ag brath ar cheapachán an OPT
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,000 (sólaistí agus ceol)
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil go luath i ndiaidh na hócáide tríd na meáin agus ag cruinniú leathbhliana CPTGL.

## 6.3 An Córas Oideachais (lenan n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá 5 bhunscoil agus meánscoil amháin sa LPT agus iad uilig ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022. Caithfear cuimhneamh agus cúrsaí oideachais sa Ghaeltacht Láir á bplé, go mbíonn daoine ó taobh amuigh den Ghaeltacht ag cur a gcuid páistí chuig na scoileanna sa cheantar (de thairbhe an chaighdeáin oideachais a chuirtear ar fáil iontu agus gan dabht, an Gaeloideachas), agus dá réir sin ní bhaineann gach dalta scoile go sonrach leis an LPT.

### 6.3.1 Fóram Oideachais

<b>An Beart:</b>	Fóram Oideachais		
<b>Réimsí:</b>	A, B	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	5
<b>Aidhm:</b>	Monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus cur i bhfeidhm na mbeart a bhaineann le réimse an oideachais.		
<b>Cur síos:</b>	Reáchtálfайдh an OPT cruinnithe bliantúla le príomhoide agus bord bainistíochta gach scoil sa LPT agus le naónraí an LPT, ag am a fhóireann do na daoine sin (sa dóigh is nach mbeidh siad ag teacht salach ar na tréimhsí is gnóthaí den scoilbhliain). Déanfaidh na rannpháirtithe plé ar na bearta agus a gcuid laigí/láidreachtaí chomh fada is a bhaineann sé leis an chóras oideachais, agus beidh deis ansin moltaí agus ábhar imní a lua leis an OPT.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Príomhoidí an LPT</li> <li>- Comhar Naónraí na Gaeltachta</li> <li>- Stiúrthóirí naónraí an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7:</b> Feidhmiú an bhirt.		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tá sceideal lán ag lucht bainistíochta na scoileanna; tabhairt orthu tuairisc a chur ar fáil.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Caidreamh dearfach comhoibrithe a fhorbairt le scoileanna agus naónraí an LPT sa dóigh is go mbeidh siad sásta comhoibriú leis an OPT.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar gach cruinniú.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart eile a bhaineann leis an réimse pleanála teanga seo.		

### 6.3.2 Nascanna idir Scoileanna an LPT a neartú

<b>An Beart:</b>	Nascanna idir scoileanna an LPT a neartú		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	5, 6, 8, 10
<b>Aidhm:</b>	Gréasán agus caidreamh sóisialta a chothú i measc daltaí scoile an LPT, agus daltaí bunscoile a spreagadh chun leanstan ar aghaidh leis an Ghaeloideachas.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar cruinnithe a reáchtáil le lucht bainistíochta na scoileanna chun plé a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige a chuirfidh ina luí ar thuismitheoirí go bhfuil buntáistí ag baint leis an Ghaeloideachas.</li> <li>- Poiblíocht a dhéanamh ar na buntáistí sin.</li> <li>- Daltaí ó GSCU a earcú mar ‘ambasadóirí teanga’ a thabharfas cuairt ar bhunscoileanna an LPT d’fheonn tábhacht na teanga a chur in iúl do na daltaí bunscoile. Tabharfar aitheantas do na daltaí sin trí theastas a bhronnadh orthu.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Bainistíocht agus foireann scoileanna an LPT</li> <li>- Daltaí scoile an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe a reáchtálfar.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ag na cruiinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1.		

### 6.3.3 Acmhainní Teagaisc/Téacsleabhair

<b>An Beart:</b>	Acmhainní teagaisc/téacsleabhair		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	4, 5, 6
<b>Aidhm:</b>	Áiseanna agus acmhainní teagaisc a fhorbairt do scoileanna an cheantair.		
<b>Cur síos:</b>	<b>Téacsleabhair:</b> - Ceardlanna a reáchtáil, i gcomhar le COGG agus Gaeilgeachas agus ionadaithe ó gach bunscoil sa LPT, maidir leis an		

	<p>réimse leathan ábhar ranga atá ar fáil i nGaeilge (COGG, an Gúm, srl.) agus deis a thabhairt do mhúinteoirí moltaí a dhéanamh.</p> <p>- Ceardlann den seort céanna a eagrú le múinteoirí GSCU.</p> <p><b>Ábhar teagaisc i nGaeilge Uladh:</b> - Cuirfear scéim ar bun chun breis ábhar teagaisc canúnach a chur ar fáil; ábhar a chur in oiriúint do Ghaeilge Uladh trí shlua-aistriú. Íocfar táillí leis na haistritheoirí.</p> <p><b>Acmhainní físe do bhunscoileanna:</b> - Cuirfear daltaí idirbhliana ó GSCU i mbun físeáin ghairide a thaifead ar thopací a bhaineann leis an churaclam oideachais. Déanfar ceardlanna a reáchtail le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun na scileanna cuí a thabhairt do na daltaí (eagarthóireacht, taifead, srl.).</p>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Múinteoirí an LPT</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- COGG/Gaeloideachas</li> <li>- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€17,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€5,000 i mBliain 1 (ceardlanna a reáchtáil, trealamh don ábhar físe, táillí aistritheoirí) €2,000 Bliain 2 – 7 (costais prioritála, taistil, táillí aistritheoirí, srl.)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Traenáil a chur ar fáil do dhaltaí agus múinteoirí GSCU.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ceardlanna a dhéanamh leis na múinteoirí ionas go bhféadfaidh siad an t-eolas agus an fios gnoithe a thabhairt ar aghaidh do na daltaí.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na míreanna físe a chuirfear ar fáil.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1.

### 6.3.4 Cleachtas Teanga sa Seomra Ranga

<b>An Beart:</b>	Cleachtas teanga sa seomra ranga		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	6
<b>Aidhm:</b>	Cur le húsáid na Gaeilge mar theanga oibre sa seomra ranga. Úsáid an Bhéarla sa seomra ranga a laghdú agus feasacht a ardú ar shealbhú na teanga i measc daltaí scoile. Cur ar a gcumas do dhaltaí agus múinteoirí an LPT sainfhoclóir agus téarmaíocht cuí a úsáid agus iad ag plé le hábhair scoile.		

<b>Cur síos:</b>	Déanfar seimineár a fhorbairt i gcomhar leis An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) ar na buntáistí a bhaineann le códmheascadh sa seomra ranga, agus ar shainfhoclóir a bhaineann le hábhair scoile.
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	- An OPT (príomhúinéir). - PDST - Gaeloideachas - COGG - Múinteoirí an LPT
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 3:</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 3 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Seimineár den chineál sin a fhorbairt. - Múinteoirí a spreagadh chun freastal air agus dul i ngleic leis an ábhar.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	- Iarraidh ar leithéidí Gaeloideachas, COGG, An Roinn Oideachais, cuidiú leis an seimineár a fhorbairt ó thaobh an oideachais de, le hionchur ón OPT i dtaca leis an phleanáil teanga de. - An seimineár a chur ar siúl mar chuid de lá inseirbhíse.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na múinteoirí a fhreastalaíonn ar an seimineár.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Tabharfar deis do na múinteoirí foirm aiseolais a lónadh tar éis an tseimineáir agus a dtuairimí a chur in iúl, agus foirm eile 6 mhí ina dhiaidh le fáil amach ar tháinig athrú ar na cleachtais teanga atá ag na múinteoirí sa seomra ranga.

### 6.3.5 Forbairt Teanga na nDaltaí Nua

<b>An Beart:</b>	Forbairt teanga na ndaltaí nua		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleánaí teanga:</b>	6, 8
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil do dhaltaí nach as an Ghaeltacht dóibh/atá ar bheagán Gaeilge agus iad ag dul isteach sna scoileanna sa LPT.		
<b>Cur síos:</b>	Stocaireacht a dhéanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le tacaíocht ó COGG, ó Ghaeloideachas, agus ó Aire Stáit na Gaeltachta, aonad sealbhaithe teanga a bhunú a chuirfeas tacaíocht ar fáil do dhaltaí nach bhfuil cúnla Gaeilge acu ar theacht isteach i scoileanna an LPT dóibh. Ag brath ar éileamh, d'fhéadfadh sé gur leor aonad amháin don LPT ar fad.		

<b>Páirtithe leasmhara:</b>	- An OPT (príomhúinéir) - Gaeloideachas - COGG - Aire Stáit na Gaeltachta - Polaiteoirí áitiúla
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 4:</b> Socruthé agus ullmhúchán <b>Bliain 4 – 7:</b> Feidhmiú an birt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tacaíocht a fháil ó na páirtithe leasmhara.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Castáil leis na heagraíochtaí cuí agus na daoine eile a bhaineann leis an bheart chun an cheist a phlé.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Beidh rath an bhirt seo le feiceáil má bhaintear an aidhm amach.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh rath an bhirt seo le feiceáil má bhaintear an aidhm amach.

### 6.3.6 Tacaíocht do Thuismitheoirí Páistí Naíonra

<b>An Beart:</b>	Tacaíocht do thuismitheoirí páistí naíonra		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 6, 7, 8
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht teanga a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu ag freastal ar naíonraí an LPT sa dóigh is go mbeidh sé níos fusa dóibh Gaeilge a úsáid sa bhaile leis na páistí.		
<b>Cur síos:</b>	Déanfar ceardlanna agus seisiún eolais a eagrú i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Naíonraí an LPT chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar naíonraí sa cheantar. Bheifí ag súil go gcuideodh seo leis na tuismitheoirí agus iad ag iarraidh tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile lena gcuid páistí.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Tuismitheoirí an LPT</li> <li>- Comhar Naíonraí na Gaeltachta</li> <li>- Naíonraí an LPT</li> <li>- Muintearas</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1-7:</b> Cur i bhfeidhm an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€2,600		

<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Bliain 1: €800 (€500 ábhar poiblíochta + €300 sólaistí ag ceardlanna) Bliain 2-7: €300 (sólaistí ag ceardlanna)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cionneoidh an OPT taifead ar líon na gceardlann/seisiún eolais a reáchtálfar agus líon na dtuismitheoirí a bhainfidh leas as an tseirbhís.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dáilfear ceistneoirí ar thuismitheoirí gach bliain le fáil amach ar chuidigh an tseirbhís leo tuilleadh Gaeilge a úsáid lena gcuid páistí.

### 6.3.7 Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeilge/Pleanáil Teanga don Idirbhliain

<b>An Beart:</b>	Modúl ar fhéiniúlacht na Gaeilge/pleanáil teanga don idirbhliain		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	6, 12, 19
<b>Aidhm:</b>	Cur le feasacht ar fhéiniúlacht agus cultúr mhuintir na Gaeltachta i measc daltaí idirbhliana GSCU.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Modúl a forbairt i gcomhar leis an OPT agus CPTGL ar chúrsaí teanga, cultúr na Gaeltachta Láir, srl.</li> <li>- Aoichtainteoír ón cheantar a thabhairt isteach.</li> <li>- Béim ar an Ghaeilge sa saol comhaimseartha, teicneolaíocht agus na meáin shóisialta.</li> <li>- Tré mheán na Gaeilge a mhúinfear an cúrsa.</li> <li>- Comórtas bliantúil le haitheantas a thabhairt do dhalta amháin a dhéanann iarracht faoi leith an teanga agus an cultúr a chur chun cinn. Bronnfar duais aitheantais €200 ar an duine sin.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Gairmscoil Chú Uladh</li> <li>- CPTGL</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2:</b> Forbairt an mhodúil <b>Bliain 3 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€1000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€200		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Modúl spreagúil a chur i dtoll a chéile a choinneoidh suim na ndaltaí.		

<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Comhoibriú le GSCU agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le comhairle a fháil maidir le hábhair a bheadh suimiúil do na daltaí.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-aoichainteoirí a thugtar isteach chun na scoile agus ar na daltaí a mbronnfar an duais orthu.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ó phríomhoide GSCU ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1. Dáilfear ceistneoirí/foirm aiseolais ar dhaltaí ag túis na bliana maidir le dearcadh i leith na teanga, srl., agus arís ag deireadh na bliana.

### 6.3.8 Feasacht Teanga i measc Daltaí Scoile an LPT

<b>An Beart:</b>	Feasacht teanga i measc daltaí scoile an LPT		
<b>Réimsí:</b>	A, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 6, 18, 19
<b>Aidhm:</b>	Daoine óga an cheantair a chumasú le feidhmiú mar bhainisteoirí teanga agus cur lena n-eolas ar chúrsaí teanga agus féiniúlacht teanga.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar ceardlanna a forbairt ar chúrsaí pleanála teanga, miunteangacha, féiniúlacht teanga agus an tsochtheangeolaíocht do dhaltaí GSCU.</li> <li>- Do dhaltaí bunscoile, forbrófar pointí plé/séisiúin phlé sa seomra ranga ar bhonn rialta maidir le céarsaí teanga, tábhacht na teanga don LPT, srl.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Múinteoirí an LPT</li> <li>- Daltaí scoile an LPT</li> <li>- CPTGL</li> <li>- COGG</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 3 - 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€2,800		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€400 (costas prioritála)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Suim a chothú i measc na ndaltaí scoile ar na ceardlanna/pointí plé.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Togra ealaíne a bheith mar ghné lárnach de na seisiúin phlé sa bhunscoil. Comhoibriú le múinteoirí GSCU le cinntíú gur ceardlanna idirghníomhacha atá i gceist sa mheánscoil, seachas léachtaí.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gceardlann a reáchtálfar.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1.		

### 6.3.9 Gairmeacha le Gaeilge

<b>An Beart:</b>	Gairmeacha le Gaeilge		
<b>Réimsí:</b>	A, C, D, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	6, 10, 11, 14, 18
<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Deiseanna fostáiochta le Gaeilge a chur ar a súile do dhaltaí meánscoile an LPT.</li> </ul>		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Seisiún eolais a eagrú le GSCU i gcomhar le heagraíochtaí stáit/ionadaithe ó na heagraíochtaí Gaeilge/Institiúidí Eorpacha le feasacht ar na deiseanna fostáiochta sin a ardú i measc na ndaltaí.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- GSCU</li> <li>- Eagraíochtaí Stáit</li> <li>- Ionadaithe ón Choimisiún Eorpach</li> <li>- Daltaí scoile</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar na seisiúin eolais a reáchtálfar.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1.		

### 6.3.10 Nasc idir GSCU agus Gaelcholáiste (Coláiste Oiriall/Scoil Phobail Cholmcille, Toraigh)

<b>An Beart:</b>	Nasc idir GSCU agus Gaelcholáiste (Coláiste Oiriall/Scoil Phobail Cholmcille, Toraigh)		
<b>Réimsí:</b>	A	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	5, 6, 8, 10
<b>Aidhm:</b>	Deiseanna sóisialaithe a chruthú do dhaltaí meánscoile an LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar an nasc atá idir GSCU agus Scoil Phobail Cholmcille a neartú; caitheann daltaí GSCU cúpla oíche i dToraigh gach scoilbhliain.</li> <li>- Féadfar amharc ar na féidearthachtaí atá ann le nasc a chruthú le Coláiste Oiriall i gContae Mhuineacháin (scéim malartaithe/turais a eagrú/scéim comhfhereagras a chur ar bun idir na daltaí).</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Foireann agus bainistíocht GSCU</li> <li>- Foireann agus bainistíocht SPC, Toraigh</li> <li>- Foireann agus bainistíocht Choláiste Oiriall</li> <li>- Daltaí meánscoile an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7: Feidhmiú an bhirt</b>
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,500
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,500 (costais taistil)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na dturas a eagrófar idir na scoileanna.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas faoi éifeacht an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.1.

## 6.4 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 6.4.1 Grúpa Tuistí agus Tachráin a bhunú i nGleann Fhinne

<b>An Beart:</b>	Grúpa tuistí agus tachráin a bhunú i nGleann Fhinne		
<b>Réimsí:</b>	B, D, J	<b>Critéir pleánaí teanga:</b>	7, 8, 10
<b>Aidhm:</b>	Deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí ar an taobh thoir den LPT teacht le chéile le tuismitheoirí eile le páistí óga, i suíomh Gaelach.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Leagfar síos polasaí láidir teanga ón túis.</li> <li>- Cuirfear fáilte roimh thuismitheoirí uilig an LPT fhad is go dtuigeann siad gurb í an Ghaeilge teanga an ghrúpa.</li> <li>- Deiseanna sóisialta a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil éagsúlacht cumaí Ghaeilge acu.</li> <li>- Tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a bheith mar theanga bhaile acu.</li> <li>- Nascadh leis an ghrúpa tuistí agus tachráin i mBaile na Finne (Forbairt Eachla CTR.).</li> <li>- Beidh áisitheoir i láthair ag na seisiúin.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Naónraí an LPT</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Comhar Naónraí na Gaeltachta</li> <li>- Tuismitheoirí an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€8,750
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,250 (€25 táille an áisitheora x 50 seisiún)
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cinntíú go mbainfidh tuismitheoirí úsáid as an oiread Gaeilge agus a thig leo.</li> </ul>
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Beidh éascaitheoir/áisitheoir i láthair le tuismitheoirí a threorú maidir le polasaí Gaeilge an ghrúpa agus gníomhaíochtaí teanga a reáchtáil.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tabharfaidh an OPT deis do rannpháirtithe aiseolas a roinnt ar bhonn rialta.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

#### 6.4.2 Tacaíocht teanga a chur ar fáil do ghrúpa Tuistí agus Tachráin Bhaile na Finne

<b>An Beart:</b>	Tacaíocht teanga a chur ar fáil do ghrúpa Tuistí agus Tachráin Bhaile na Finne		
<b>Réimsí:</b>	B, D, J	<b>Critéir leanála teanga:</b>	7, 8, 10
<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuismitheoirí a chumasú leis an Ghaeilge a úsáid níos minice lena gcuid páistí.</li> </ul>		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Bileoga/leabhráin/cluichí teanga a sholáthar don ghrúpa Tuistí agus Tachráin atá á reáchtáil ag Forbairt Eachla CTR.</li> <li>- Áisitheoir a bheith i láthair ag túis gach seisiún le tuismitheoirí a threorú agus gníomhaíochtaí a reáchtáil.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CTPGL</li> <li>- Tuismitheoirí</li> <li>- Forbairt Eachla CTR</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 - 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€8,750		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,250 (€25 táille an áisitheora x 50 seisiún)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Údarás na Gaeltachta		

<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Tuismitheoirí ar bheagán Gaeilge a mhisniú agus a ghríosú chun Gaeilge a labhairt.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	- Rachaidh na ranganna comhrá agus na maidineacha caife chun sochair do na tuismitheoirí sin.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tabharfaidh an OPT deis do rannpháirtithe aiseolas a roinnt ar bhonn rialta.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

#### 6.4.3 Ciorcal Comhrá ar maidin do thuismitheoirí

<b>An Beart:</b>	Ciorcal comhrá ar maidin do thuismitheoirí		
<b>Réimsí:</b>	D, J	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Deis a thabhairt do thuismitheoirí comhrá a dhéanamh le tuismitheoirí eile.</li> <li>- Tacaíocht obair bhaile a chur ar fáil do thuismitheoirí.</li> <li>- Gréasán de thuismitheoirí ar bheagán Gaeilge agus atá liofa a bhunú.</li> </ul>		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Reáchtálfar seisiúin chomhrá ar maidin (dhá lá sa tseachtain) i rith na scoilbhliana chun deis a thabhairt do thuismitheoirí sóisialú i ndiaidh daofa na páistí a fhágáil ag an scoil.</li> <li>- Déanfar an grúpa seo a nascadh leis na grúpaí tuistí agus tachráin.</li> <li>- Áisitheoir a earcú le comhairle a chur ar na tuismitheoirí agus treoir ó thaobh deiseanna úsáidte Gaeilge.</li> <li>- Féachfar le cursa a reáchtáil i gcomhar le BOO Dhún na nGall ag brath ar éileamh.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Tuismitheoirí/caomhnóirí an LPT</li> <li>- CTPGL</li> <li>- BOO Dhún na nGall</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€18,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,000 (€1,250 táille an áisitheora + sólaistí)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- BOO Dhún na nGall</li> </ul>		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Tuismitheoirí a mhealladh chun freastal ar an chiorcal comhrá nuair a thiocfadh le cúramí eile a bheith orthu.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	- An suíomh agus an t-atmaisféar a bheith spreagúil agus taitneamhach sa dóigh is go mbeidh fonn ar thuismitheoirí freastal ar an ócáid.		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Eolas faoin ócáid a scaipeadh ar thuismitheoirí fríd na scoileanna/naónraí.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt a phlé ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha. Coinneoidh an OPT taifead ar mheánlíon na rannpháirtithe ag na seisiúin.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh deis ag rannpháirtithe aiseolas a roinnt leis an OPT, agus déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

#### 6.4.4 An Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile

<b>An Beart:</b>	An Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile
<b>Réimsí:</b>	B, C, D, H, K
<b>Critéir pleánala teanga:</b>	2, 7, 8, 9, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Cur le líon na dteaghlaigh a labhraíonn Gaeilge sa bhaile trí thuismitheoirí a mhisniú nó a chumasú le tuilleadh Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí sa bhaile.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tabharfar deis do thuismitheoirí castáil leis an OPT/baill CPTGL chun straitéisí agus féidearthachtaí ó thaobh úsáid na Gaeilge sa bhaile a phlé. Beidh deis acu ceisteanna a chur agus comhairle a lorg. Scaipfear an scéal faoin deis seo tríd na grúpaí tuistí agus tachráin, na naónraí agus bunscoileanna.</li> <li>- Reáchtálfar ranganna/ceardlanna comhrábhunaithe do thuismitheoirí atá ar bheagán Gaeilge/ba mhaith leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Breathnófar ar bhealaí leis an Ghaeilge a thabhairt isteach sa bhaile trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha (m. sh. ealaíon, ceol, ceardaíocht, srl.). D'fhéadfáí na ranganna seo a reáchtáil le linn don chlub óige/traenáil peile a bheith ar siúl, nó le linn an lá scoile sa dóigh is go mbeadh na tuismitheoirí saor.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Naónraí agus bunscoileanna an LPT</li> <li>- Grúpaí tuistí agus tachráin an LPT</li> <li>- Tuismitheoirí an LPT</li> <li>- Glór na nGael</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€14,400 <sup>17</sup>
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,400 (2 rang x 20 seachtain @ €40 táille múinteora + costais poiblíochta agus ábhar @ €800)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- Glór na nGael</li> </ul>

<sup>17</sup> Meastachán bunaithe ar PT Meitheal Pleánala Teanga an Iarthuaiscirt

<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tuismitheoirí a spreagadh chun freastal ar ranganna agus cruinnithe.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Comhoibriú le scoileanna agus naónraí an LPT feasacht a ardú i measc na dtuismitheoirí ar bhuntáistí an dátheangachais.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe a reáchtálfar le tuismitheoirí, agus le líon na ranpháirtithe ag na ranganna Gaeilge.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dálílfear foirm aiseolais ar ranpháirtithe uair sa bhliain agus déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag cruinníú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

#### 6.4.5 Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an LPT

<b>An Beart:</b>	Acmhainní do thuismitheoirí/chaomhnóirí an LPT		
<b>Réimsí:</b>	B, C	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	2, 7
<b>Aidhm:</b>	Cur leis na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí an cheantair.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Seomra(i) nó spá(i)s faoi leith a forbairt mar <b>Ionad Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh</b>, ina bhfuil leabhair agus cluichí Gaeilge, ceol agus acmhainní eile, mar shampla leabhráin maidir le dea-chleachtas teanga, buntáistí an dátheangachais srl., ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo an t-ábhar a thógail ar iasacht ón ionad. D'fhéadfáí eolas faoin Phacáiste Tacaíochta Teaghlaigh (<a href="https://tuismitheoiri.ie/">https://tuismitheoiri.ie/</a>) a bheith ar fáil anseo forsta.</li> <li>- D'fhéadfáí comhoibriú le hÁras Sheáin Bháin i mBaile na Finne agus Ionad Oidhreachta Isaac Butt i nGleann Finne ar an bheart seo.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An Cheanneagraíocht</li> <li>- Áras Sheáin Bháin</li> <li>- Ionad Oidhreachta Isaac Butt</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- Glór na nGael</li> <li>- Tuismitheoirí agus caomhnóirí an LPT</li> <li>- Comhairle Contae Dhún na nGall</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán</p> <p><b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,500		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€500		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		

<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh chun dul isteach sa leabharlann/ionad agus ábhar a úsáid.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Poiblíocht a dhéanamh ar an áis seo fríd na bunscoileanna agus na naíonraí sa LPT, agus sna nuachtlitreacha áitiúla.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh na hionad taifead ar líon na daoine bhaineann úsáid as na hacmhainní.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas fríd na foirmeacha atá luaite le Beart 6.2.5.

## 6.5 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile

### 6.5.1 Clubanna Óige

<b>An Beart:</b>	Clubanna óige		
<b>Réimsí:</b>	C, J	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 8, 10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Dhá chlub óige a bhunú sa LPT chun úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta a threisiú i measc óige an LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Dhá chlub a bhunú; ceann i mBaile na Finne, ceann i nGleann Fhinne</li> <li>- Cinníu go bhfreastalaíonn na clubanna óige ar na haoisghrúpaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>• 5 – 8 bl. d'aois</li> <li>• 9 – 12 bl. d'aois</li> <li>• 13 – 18 bl. daois</li> </ul> </li> <li>- D'fhéadfáí Halla Bhaile na Finne/Áras Sheáin Bháin agus Ionad Oidhreachta Isaac Butt/Ionad Lae an Chlocháin a úsáid mar ionaid.</li> <li>- Beidh polasaí láidir Gaeilge ann ón túis.</li> <li>- Déanfar daoine áitiúla a thraenáil agus a earcú le feidhmiú mar cheannairí ar na clubanna (Féach Beart 6.5.2)</li> <li>- Reáchtálfar imeachtaí a bhaineann le sainspéiseanna na rannpháirtithe; drámaíocht, spórt, ealaíon, turais lae, srl.</li> <li>- Cruthófar nasc dlúth idir an dá chlub sa LPT.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An Cheanneagraíocht</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Óige an LPT</li> <li>- Óige na Gaeltachta (Muintearas)</li> <li>- Comhairle na nÓg</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- Ógras</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€17,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,000 do Blíain 1 (trealamh, ábhar fógraíochta, srl.) €2,000 do Blíain 1 - 7 (bus, imeachtaí, turais)		

<b>Foinse maoinithe:</b>	- Údarás na Gaeltachta - Muintearas
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Ceannairí a earcú do na clubanna. - Polasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm nuair a bheidh cumais éagsúla bainte amach i measc na bpáistí.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	- Oiliúint agus traenáil a chur ar fáil do dhaoine ar spéis leo an obair cheannaireachta, d'fhéadfaí tuismitheoirí a thraenáil chuige seo. - Comhairle a lorg ó Mhuintearas/Ógras maidir le dea-chleachtais teanga.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cinneofar taifead ar líon na rannpháirtithe ag na clubanna.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas ó na ceannairí agus ó na rannpháirtithe tríd na foirmeacha atá luaite i mBeart 6.2.5.

### 6.5.2 Traenáil Cheannairí na gClubanna Óige

<b>An Beart:</b>	Traenáil cheannairí na gclubanna óige		
<b>Réimsí:</b>	C	<b>Critéir pleánaíteanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Traenáil a chur ar fáil do lucht eagrúcháin na gclubanna óige.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Beidh gá le traenáil agus oliúint i gcúrsaí óige le cinntiú go mbeidh rath ar Bheart 6.5.1.</li> <li>- Laethanta traenála a reáchtáil ar bhonn rialta.</li> <li>- Modhanna nuálaíocha a chur i bhfeidhm le tionchar dearfach a imirt ar dhaoine óga an LPT.</li> <li>- Tabhairt ar na ceannairí dearcadh dearfach i leith na teanga a chothú i measc na hóige.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Óige na Gaeltachta</li> <li>- Muintearas</li> <li>- Ógras</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (€200 x 5 lá traenála sa bhliain)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Muintearas</li> </ul>		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Traenáil fhiúntach ghairmiúil a chur ar fáil a rachaidh chun sochair do na ceannairí.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Cuidiú a lorg ó ghrúpaí eile a bhíonn ag obair leis an óige (Ógras, Comhairle na nÓg, Muintearas).		

<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Baileoidh an OPT aiseolas ó rannpháirtithe a ghlacann páirt sna laethanta traenála.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas ó rannpháirtithe maidir le héifeacht na traenála agus déanfar plé air seo ag cruinníú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

### 6.5.3 Spásanna Sóisialta

<b>An Beart:</b>	Spásanna sóisialta	
<b>Réimsí:</b>	C, J	<b>Critéir pleánala teanga:</b> 2, 3, 10, 12
<b>Aidhm:</b>	Ionaid “buail isteach” a fhorbairt d’óige an LPT a bheidh mar thearmainn teanga.	
<b>Cur síos:</b>	<p><b>Baile na Finne:</b> D’fhéadfaí Halla Bhalla na Finne a úsáid chuige seo; spás sóisialta a fhorbairt sa halla ina mbeadh trealamh agus cluichí boird, a bheadh foscailté cúpla uair sa tseachtain.</p> <p><b>Gleann Finne/An Coimín:</b> SN an Choimín/Ionad Oidhreachta/Ionad Lae a úsáid mar ionad a bheidh foscailté cúpla tráthnóna sa tseachtain.</p> <p>Cuirfear polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm sa dá ionad.</p>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Óige an LPT</li> <li>- Muintearas</li> </ul>	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Socruithe agus ullmhúchán</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€11,000	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Bliain 1: €5,000 (acmhainní) Bliain 2 – 7: €1,000	
<b>Foinse maoinithe:</b>	<p>Údarás na Gaeltachta</p> <p>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta</p>	
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cinntiú go gcloífeart leis an pholasaí Gaeilge sa dóigh is go bhfeidhmíonn na hionaid seo mar thearmainn teanga.	
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Bheifí ag súil le héifeacht na mbeart eile (m. sh. Beart 6.3.8) a fheiceáil i gcur i bhfeidhm an bhirt seo, agus go mbeadh óige an LPT coinsiasach faoi ról na Gaeilge agus iad ag dul isteach sna hionaid seo.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo tríd na foirmeacha a luitear i mBeart 6.2.5.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas maidir le héifeacht an bhirt seo tríd na foirmeacha a luitear i mBeart 6.2.5.	

#### 6.5.4 Clár TechSpace

<b>An Beart:</b>	Clár TechSpace		
<b>Réimsí:</b>	C, D, J	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 6, 8, 10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cur le scileanna teicneolaíochta na ndaoine óga sa LPT.</li> <li>- Caitheamh aimsire trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.</li> </ul>		
<b>Cur síos:</b>	<p>Cuireann TechSpace cúrsaí traenála ar fáil d'oidheoirí agus múinteoirí agus do dhaoine óga araon. I measc na gcúrsaí traenála sin tá STEAM do bhunscoileanna, Mojo (iriseoireacht mhóibíleach), Fuaim do Mojo &amp; Podchraoltaí, STEAM agus Ríomheolaíocht.</p> <p>Is féidir le daoine óga páirt a ghlacadh i gcomórtais náisiúnta agus cuirtear an traenáil ar fad ar fáil trí mheán na Gaeilge.</p> <p>D'fhéadfáí na cúrsaí seo a dhéanamh taobh istigh den scoil nó ag na clubanna óige/tearmainn teanga.</p> <p>Dheimhnigh Jeaic Mac Ceallabhuí ó TechSpace/Muintearas go mbeadh an eagraíocht sásta comhoibriú leis an Ghaeltacht Láir ar an togra seo<sup>18</sup>.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Óige an LPT</li> <li>- Múinteoirí an LPT</li> <li>- Tuismitheoirí an LPT</li> <li>- Muintearas/TechSpace</li> <li>- Clubanna Óige</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Ullmhúchán agus socrutithe</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Muintearas		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na gceardlann traenála a reáchtálfar i gcomhar le TechSpace agus ar líon na ndaoine óga a ghlacfaidh páirt sna comórtais.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sa líon daoine a ghlacfaidh páirt sna comórtais.		

#### 6.5.5 Imeachtaí don Óige

<b>An Beart:</b>	Imeachtaí don óige		
<b>Réimsí:</b>	C, J	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 3, 10, 12

<sup>18</sup> Comhrá teileafóin agus cumarsáid r-phoist idir Comhairleoir Pleanála Teanga Barra Ó Scannláin agus Jeaic Mac Ceallabhuí, Comhordaitheoir Réigiúnach an chláir TechSpace i nDún na nGall, 26-27 Aibreán 2021.

<b>Aidhm:</b>	- Imeachtaí trí mheán na Gaeilge a chur ar siúl d'óige an LPT sa dóigh is go mbeidh níos mó deiseanna acu Gaeilge a labhairt go sóisialta taobh amuigh den chóras oideachais.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar sraith imeachtaí a reáchtáil ar fud an LPT le daltaí ó na scoileanna uilig a thabhairt le chéile, imeachtaí a bheas thírithe ar shainspéiseanna na ndaoine óga, mar shampla, lá spóirt, drámaí a léiriú, dioscónna, tionscail ealaíne, tráth na gceist, srl.</li> <li>- Nascadh leis an dá chlub óige (Beart 6.5.1) chun gréasán a chothú eatarthu agus óige an LPT a thabhairt le chéile.</li> <li>- Beidh saoirse ag an OPT/CPTGL na himeachtaí seo a eagrú de réir mianta agus riachtanas na ndaoine óga.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Clubanna Óige an LPT</li> <li>- Tuismitheoirí agus daoine óga an LPT</li> <li>- Muintearas</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- UISCE</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	c. €12,000 (beidh an costas ag brath ar na himeachtaí a reáchtálfar)
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	c. €2,000 (beidh an costas ag brath ar na himeachtaí a reáchtálfar)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- UISCE</li> </ul>
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Daoine óga a spreagadh chun freastal ar na himeachtaí.</li> <li>- An polasaí teanga a chur i bhfeidhm.</li> </ul>
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Poiblíocht fhorleathan a dhéanamh ar na himeachtaí fríd na scoileanna, clubanna óige, cumainn spóirt, srl.</li> <li>- Eolas agus scileanna agus straitéisí a mhalartú le lucht ceannais na gclubanna óige.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-imeachtaí a reáchtálfar. Gheofar aiseolas faoi chur i bhfeidhm an bhirt ó lucht eagrúcháin na n-imeachtaí.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Gheofar aiseolas, tríd na foirmeacha a luaitear i mBeart 6.2.5, faoi éifeacht an bhirt seo agus an úsáid na teanga sna himeachtaí agus déanfar plé ar an aiseolas ag cruinnithe míosúla an Choiste Stiúrtha.

## 6.6 Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais

### 6.6.1 Ranganna Gaeilge

<b>An Beart:</b>	Ranganna Gaeilge		
<b>Réimsí:</b>	B, D, E, F, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	3, 7, 11, 12, 13, 15

<b>Aidhm:</b>	Cumas Gaeilge i measc na ndaoine fásta sa LPT a fheabhsú.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear ranganna neamhfhoirmiúla comhrábhunaithe saor in aisce ar fáil do leibhéal éagsúla cumais (ranganna comhrá do thosaitheoirí, meánrang, sainrang gramadaí, srl.) ag brath ar éileamh.</li> <li>- Reáchtálfar ócáid ag deireadh gach cursa sa dóigh is go mbeidh sprioc nó imeacht sóisialta le bheith ag obair ina treo ag gach rang. D'fhéadfá nascadh le foghlaimeoirí in LPTanna éagsúla (m. sh. Cloich Cheann Fhaola, Gaoth Dobhair, Tuaisceart Dhún na nGall, Na Rosa) chun caidreamh a chothú le daoine sna ceantracha Gaeltachta eile.</li> <li>- Moltar dhá bhunrang a bheith ann; ceann do dhaoine as tíortha iasachta/na sé chondae nach bhfuil eolas ar bith acu ar an teanga agus ceann do dhaoine a fuair a gcuid scolaíochta in Éirinn.</li> <li>- Foghlaimeoirí a spreagadh chun tabhaint faoi scrúduithe TEG agus cailíocht a bhaint amach sa teanga.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Múinteoirí Gaeilge na condae</li> <li>- Áras Sheáin Bháin mar Ionad Seirbhísí Teanga</li> <li>- Pobal an LPT</li> <li>- Pobal na LPT eile</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt (is féidir seo a dhéanamh ar bhonn céimnithe)
<b>Costas measta iomlán:</b>	€28,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€4,000 (5 rang x 20 seachtain @ €40 táille múinteora)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Daoine fásta a spreagadh chun freastal ar na ranganna.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Feachtas poiblíochta tarraigteach agus spráíul a chur ar bun agus na ranganna a fhógaírt le linn do na bearta eile a bheith á gcur i bhfeidhm.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar ranganna.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas ó na ceistneoirí agus suirbhéanna atá luaite i mbeart 6.2.5.

### 6.6.2 Ceardlanna do dhaoine fásta

<b>An Beart:</b>	Ceardlanna do dhaoine fásta		
<b>Réimsí:</b>	J, D	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	11, 12
<b>Aidhm:</b>	Scileanna an phobail a forbairt agus caitheamh aimsire a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.		

<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ceardlanna ar scileanna agus réimse spéise nach mbaineann go díreach leis an Ghaeilge ach a reáchtálfar trí mheán na Gaeilge a chur ar siúl do dhaoine fásta sa LPT.</li> <li>- Cúrsaí ceoil, ealaíne, teicneolaíochta, ceardaíochta, cócaireachta, garraíodóireachta, siúlódí dúlra, éanbhreathnaithe, srl.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Ealaín na Gaeltachta Teo.</li> <li>- Ionad Oidhreachta Isaac Butt</li> <li>- Áras Sheáin Bháin, Baile na Finne</li> <li>- Forbairt Eachla CTR</li> <li>- SOLAS</li> <li>- BOO Dhún na nGall</li> <li>- DLDC</li> <li>- Clár LEADER</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,200
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,200 (3 x €300 táille an chainteora + €100 taisteal)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ealaín na Gaeltachta Teo.</li> <li>- SOLAS</li> <li>- BOO Dhún na nGall</li> <li>- DLDC</li> <li>- Clár LEADER</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Teacht ar theagascóirí/áisitheoirí a dhéanfadh na ceardlanna a stiúradh agus a mbeadh Gaeilge mhaith acu.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Toisceacht sa LPT agus tarraigtear na scileanna atá ag muintir an cheantair agus ansin daoine eile a thabhairt isteach.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na rannpháirtithe ag gach ceardlann.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dáilfear foirmeacha aiseolais ar rannpháirtithe ag deireadh gach ceardlann.

### 6.6.3 Oíche na bhFoghlaimeoirí

<b>An Beart:</b>	Oíche na bhfoghlaimeoirí		
<b>Réimsí:</b>	D, J, K	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Deiseanna sóisialaithe Gaeilge a sholáthar do phobal an LPT; foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa a chur ag meascadh le chéile.		

<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Oíche mhíosúil (ag brath ar éileamh) a reáchtáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ach a mbeidh fáilte roimh an phobal uilig freastal uirthi.</li> <li>- D'fhéadfaí an ócáid a bhabhtáil idir tithe tábhairne i nGleann Fhinne (An Rílean/Harkin's/The Rambler's Inn), Baile na Finne (Teach an Cheoil, Railway Inn), agus ar an Éadan Anfach (Glen Tavern) sa dóigh is go mbeidh faill ag foghlaimeoirí ó gach ceantar sa LPT ar an ócáid. Moltar modh taistil (m. sh. mionbhus) a eagrú sa dóigh is go mbeidh daoine ábalta taisteal chuig an ócáid.</li> <li>- D'fhéadfaí margadh a dhéanamh leis an tábhairne, m. sh. lascaine a chur ar fáil do dhaoine a ordaíonn deoch i nGaeilge.</li> <li>- Beidh polasaí láidir teanga i bhfeidhm ag na hócáidí seo.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2 – 7: Feidhmiú an bhirt</b>
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,800
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,800 (12 turas @c.€150)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Daoine a spreagadh chun freastal ar an oíche.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar poiblíocht ar an oíche ar dhóigh atá tarraigteach sa LPT agus sna ceantracha máguaird a léireoidh go mbeidh fáilte roimh gach duine atá ag iarraidh oíche a chaitheamh i gcomhluadar Gaelach, beag beann ar a gcumas sa teanga.</li> <li>- Iarrfar ar bhaill CPTGL freastal ar an ócáid chomh minic is a thig leo agus daoine a thabhairt leo.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

## 6.7 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 6.7.1 Seirbhís Aistriúcháin agus Tacaíochta Teanga don Earnáil Ghnó

<b>An Beart:</b>	Seirbhís aistriúcháin agus tacaíochta teanga don earnáil ghnó		
<b>Réimsí:</b>	E, F, K	<b>Critéir pleánala teanga:</b>	11, 13, 14
<b>Aidhm:</b>	Cuidiú agus treoir a chur ar fáil do lucht gnó an LPT d'fhonn úsáid na Gaeilge san earnáil sin a mhéadú.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear seirbhís tacaíochta teanga ar fáil do lucht gnó an LPT maidir le dóigheanna a bhféadfaidh siad cur leis an mhéid Gaeilge a úsáideann siad ina gcuid ábhar cumarsáide, idir labhartha agus scríofa.</li> <li>- Reáchtálfar cruinnithe idir úinéirí/bainisteoirí gnó agus an OPT.</li> <li>- Cuirfear seirbhís aistriúcháin ar fáil do ghnólachtaí.</li> <li>- Dáilfear eolas ar ghnólachtaí maidir le tacaíochtaí eile atá ar fáil daofa, m. sh. Scéim Tacaíochta Gnó ó Fhoras na Gaeilge, tacaíocht chomharthaíochta ó Údarás na Gaeltachta, srl.</li> <li>- Leagfar treoiríntí amach maidir le seirbhís i nGaeilge a thairiscint do chustaiméirí, an tairiscint ghníomhach, feiceálacht na teanga, srl.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Earnáil ghnó an LPT; cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta, siopaí, tithe tábhairne, seirbhísí srl.</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An Cheanneagraíocht</li> <li>- Eagraíochtaí pobail</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€5,600		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal) (Ní Dhoimhín, 2018, p. 102)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> </ul>		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Comhlachtaí a spreagadh chun leas a bhaint as an tseirbhís seo.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	An cheist seo a phlé ag na cruinnithe aonair idir an OPT agus lucht bainistíochta na gcnólachtaí; buntáistí na Gaeilge a chur ar a síle dóibh agus tábhacht na teanga do gheilleagar an cheantair a thaispeáint dóibh. D'fhéadfaí torthaí an taighde a úsáid chuige seo.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe a reáchtálfar/líon na gcomhlachtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís agus déanfar seo a phlé ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas ó na comhlachtaí a bhaineann úsáid as an tseirbhís maidir le héifeacht an bhirt, agus déanfar plé air seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.		

## 6.7.2 Tascfhórsa Fostaíochta na Gaeltachta Láir

<b>An Beart:</b>	Tascfhórsa festaíochta na Gaeltachta Láir		
<b>Réimsí:</b>	E, F, I, K	<b>Critéir pleána le teanga:</b>	2, 6, 13, 14, 17
<b>Aidhm:</b>	Poist a chruthú do phobal an LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuigtear don choiste go bhfuil dlúthcheangal idir an phleanáil teanga agus geilleagar an LPT agus dá réir sin go bhfuil gá le festaíocht a chur ar fáil do phobal an LPT.</li> <li>- Cuirfear tascfhórsa nó comharchumann ar bun le hionadaithe ó gach cearn den LPT, d'fhonn straitéis feidhme a bhunú a chuirfeas leis na deiseanna festaíochta sa cheantar.</li> <li>- Beidh daoine óga (daltaí Ardteiste GSCU mar shampla) san áireamh agus féachfar lena dtuairimí siúd maidir le festaíocht a mheallfadhb abhaile/a choinneodh sa bhaile iad.</li> <li>- D'fhéadfaí plean gnímh a fhorbairt (mar atá déanta ag Comharchumann Mhic Dara ar an Cheathrú Rua).</li> <li>- Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta chun tuilleadh comhlachtaí a mhealladh chuig an LPT (mar shampla an t-eastát tionsclaíochta i mBaile na Finne).</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- CPTGL (príomhúinéir)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- An OPT</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Tascfhórsa/comharchumann a bhunú</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt (taighde, plean gnímh, leanstan leis an obair stocaireachta)</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Comhlachtaí a mhealladh chun an cheantair.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Clár a chur le chéile a léiríonn buntáistí an cheantair seo do chomhlachtaí ar mhaith leo lonnú ann; plean gnímh cuimsitheach a chur i dtoll a chéile.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sna blianta atá amach romhainn agus déanfar plé air ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.		

### 6.7.3 Turasóireacht Teanga/Coláiste Samhraidh

<b>An Beart:</b>	Turasóireacht teanga/Coláiste samhraidh		
<b>Réimsí:</b>	C, D, E	<b>Critéir leanála teanga:</b>	6, 10, 11, 12, 13, 14
<b>Aidhm:</b>	Teacht i dtír ar na hacmhainní nádúrtha agus teanga atá sa LPT agus borradh a chur faoi gheilleagar an cheantair.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear coiste ar bun a rachaidh i mbun oibre ar chúrsaí teanga a thairiscint do lucht foghlama na Gaeilge.</li> <li>- D'fhéadfaí féachaint ar na féidearthachtaí atá ann coláiste samhraidh a chur ar bun ag brath ar bhonneagar an cheantair, m. sh. riachtanais sláinte agus slándála a bheith comhlíonta ag tithe.</li> <li>- Oibreofar le Oideas Gael atá ag reáchtáil cúrsaí do dhaoine fásta ar an Choimín le roinnt blianta, chun na céasair sin a fhorbairt.</li> <li>- Cuirfear pacáistí saoire i dtoll a chéile, ag baint leas as na hacmhainní nádúrtha amhail an iascaireacht, na sléibhte, na haibhneacha, agus an chanúint. D'fhéadfaí pacáistí deireadh seachtaire nó pacáistí lae a chur le chéile agus poiblíocht a dhéanamh orthu.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Forbairt Eachla CTR.</li> <li>- Coistí forbartha an LPT</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Coiste/grúpa oibre a chur le chéile, taighde a dhéanamh <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€6,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (ciste poiblíochta)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> </ul>		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Go leor lóistín a shásáonn treoirlínte sláinte agus sábháilteachta go háirithe nuair atá an lóistín á chur ar fáil do dhaoine óga.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	- Díriú ar phacáistí saoire do dhaoine fásta ag an túis mar nach bhfuil na riachtanais sláinte chomh mór sin.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na bhfoghlaimeoirí a thagann chun na Gaeltachta Láir mar chuid de na cláir thuasluaite.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileoidh an OPT aiseolas ó lucht eagraithe na gcúrsaí/ón choiste a chuirfear ar bun, agus déanfar an beart seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.		

### 6.7.4 Féilte sa cheantar

<b>An Beart:</b>	Féilte sa cheantar		
<b>Réimsí:</b>	E, J	<b>Critéir leanála teanga:</b>	10, 11, 12

<b>Aidhm:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuilleadh cuairteoirí a mhealladh chuig an ceantar agus íomhá an cheantair a thógáil mar cheantar Gaeltachta, tobar ceoil agus Gaeilge.</li> <li>- Deiseanna sóisialaithe a chur ar fáil do mhuintir an LPT.</li> </ul>
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Féachfar le dhá fhéile ar a laghad a bhunú sa LPT; d'fhéadfaí féile ceoil agus féile iascaireachta/féile talmhaíochta a chur ar bun.</li> <li>- Cuirfear coiste deonach le chéile fá choinne gach féile atá le heagrú.</li> <li>- Tabharfar túis áite don Ghaeilge i ngach ábhar poiblíochta agus beidh sí mar theanga feidhme do na fílte uilig.</li> <li>- Moltar dul i dteaghmháil le Fáilte Ireland agus Donegal East Tourism d'fhonn comhairle a fháil agus teacht i dtír ar ghréasáin turasóireachta atá ann cheana féin.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Coistí forbartha an LPT</li> <li>- Fáilte Ireland</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<p><b>Bliain 1 – 2:</b> Ullmhúchán; coistí a chur ar bun, taighde a dhéanamh, plean a chur le chéile agus maoiniú a lorg.</p> <p><b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt</p>
<b>Costas measta iomlán:</b>	€12,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2000 (ciste poiblíochta do na fílte)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Fáilte Ireland</li> </ul>
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	- Bonneagar agus go leor lóistín a bheith ar fáil sa cheantar.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	- Tá mná tí ag coinneáil scoláirí thart fá Ghleann Fhinne (cúrsaí Oideas Gael) agus d'fhéadfaí seo a leathnú amach i gcodanna eile den LPT le fadhb an lóistín a réiteach.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Leagfar síos clár ama don taighde agus obair ullmhúcháin eile agus coinneoidh an OPT an Coiste Stiúrtha ar an eolas ag cruinnithe an Choiste.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sna fílte a eagrófar agus déanfar é a phlé ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

## 6.8 Na Meáin Chumarsáide

### 6.8.1 Nuachtlitir an LPT

<b>An Beart:</b>	Nuachtlitir an LPT		
<b>Réimsí:</b>	G	<b>Critéir leanála teanga:</b>	2, 11, 16, 19
<b>Aidhm:</b>	Eolas a scaipeadh ar fud an LPT maidir le himeachtaí Gaeilge; ábhar léitheoireachta i nGaeilge a chur ar fáil do mhuintir an LPT; nasc níos láidre a chruthú idir na ceantracha éagsúla sa LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear tús le nuachtlitir (teideal le socrú ar ball) ina mbeidh scéalta nuachta, eolas faoi imeachtaí, agus pictiúirí ó gach ceantar den LPT. I nGaeilge amháin nó go dáttheangach, a bheidh an t-ábhar uilig.</li> <li>- Foilseofar an nuachtlitir 4 uair sa bliaín; ar pháipéar, trí ríomhphost, agus ar shuíomh idirlín CPTGL.</li> <li>- Earcófar daoine áitiúla ar bhonn deonach le píosaí a scríobh agus a bhaillíú don nuachtlitir agus le heagarthóireacht a dhéanamh ar an ábhar, ach is é an OPT a bheidh mar cheannaire ar an togra seo.</li> <li>- D'fhéadfaí comórtas (grianghrafadóireachta, filíochta, scríbhneoireachta) a reáchtáil i ngach eagrán.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGM</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€8,400		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,200 (€100 do 500 cóip x 4 + €200 ciste do na comórtais x 4)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT cóip de gach eagrán agus pléifear an beart ag cruinnithe CPTGL.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Ní bhaineann.		

### 6.8.2 Cláracha raidió leis an aos óg

<b>An Beart:</b>	Cláracha raidió leis an aos óg		
<b>Réimsí:</b>	C, D, G, J	<b>Critéir leanála teanga:</b>	10, 11, 12

<b>Aidhm:</b>	Taithí a thabhairt don aos óg ar na meáin chumarsáide; deis a thabhairt daofa scileanna raidió a fhoghlaim agus castáil le cainteoirí maithe Gaeilge sa LPT.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Lucht léiriúcháin na stáisiún raidió a thabhairt chuig an ceantar chun laethanta traenála a dhéanamh le bunadh óg an LPT (d'fhéadfaí seo a nascadh leis na clubanna óige agus/nó an idirbhliain ag GSCU).</li> <li>- Na daoine óga a chumasú chun pacáistí raidió a chur i dtoll a chéile; seandaoine ón cheantar a thaifead nó agallaimh a dhéanamh.</li> <li>- Blaiseadh de ghairm bheatha le Gaeilge a thabhairt don aos óg.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Óige an LPT</li> <li>- Gairmscoil Chú Uladh</li> <li>- BOO Dhún na nGall</li> <li>- Údarás na Gaeltachta - Junior Achievement Ireland</li> <li>- Muintearas</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Raidió na Gaeltachta; Highland Radio; Finn Valley FM</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2: Uillmhúchán</b> <b>Bliain 2 – 7: Feidhmiú an bhirt</b>
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Foireann ó na stáisiúin raidió a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa togra agus deis chraolta a thabhairt do dhaoine óga nach bhfuil aon oiliúint acu.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Tarraingt ar theagmhálaithe atá ag baill CPTGL sna stáisiúin áitiúla.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL. Coinneoidh an OPT taifead ar na míreanna raidió a chraolfar.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Tabharfar deis do na daoine óga aiseolas a thabhairt tar éis dóibh na míreanna raidió a chur i gcrích.

### 6.8.3 Na Meáin Shóisialta

<b>An Beart:</b>	Na meáin shóisialta		
<b>Réimsí:</b>	G	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	10, 12, 16
<b>Aidhm:</b>	Cur leis an méid Gaeilge a úsáideann daoine óga agus iad ag gníomhú ar na meáin shóisialta; normalú a dhéanamh ar an teanga taobh amuigh de chomhthéacs an oideachais.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear feachtas ar bun i gcomhar le BLOC TG4/Molscéal le daoine óga ón LPT a chur i mbun vlagála as Gaeilge.</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Reáchtálfar ceardlanna le “tionchairí” (influencers) na Gaeilge a bhíonn ag cur ábhar i nGaeilge ar na hardáin shóisialta amhail Instagram, Snapchat, TikTok agus Twitter, chun taispeáint don aos óg gur féidir an teanga a úsáid ar bhealach neamhfhoirmeálta agus nádúrtha ó lá go lá.</li> <li>- Daoine óga ón LPT a chur ag gréasánú le daoine ó cheantracha eile fríd na meáin shóisialta.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Óige an LPT</li> <li>- CPTGL</li> <li>- TG4</li> <li>- BBC Gaeilge</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> <li>- Muintearas</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1: Ullmhúchán</b> <b>Bliain 2 – 7: Feidhmiú an bhirt</b>
<b>Costas measta iomlán:</b>	€3,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€500 (€400 táille an tioncharie + €100 taisteal)
<b>Foinse maoinithe:</b>	- Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Daoine óga a mhealladh chun páirt a ghlacadh.</li> <li>- Cead a fháil ó thuismitheoirí ligean do na daoine óga iad féin a chraoladh ar na meáin shóisialta.</li> </ul>
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuireadh a thabhairt do thionchairí a bhfuil aithne orthu i measc pobal labhartha na Gaeilge. An feachtas a fhógaírt tríd na scoileanna agus na clubanna óige.</li> <li>- An cheist a phlé le TG4, ar dóiche a bhfuil polasaí/próiseas acu maidir le cosaint sonrai agus cosaint daoine óga.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gceardlann a reáchtálfar agus ar líon na míreanna físe a chraolfar.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sa mhéid idirghníomhaithe a dhéanfaidh baill den phobal leis an ábhar a chuirfear ar na meáin shóisialta mar chuid den bheart seo. Baileofar aiseolas tríd na foirmeacha a luaitear i mBeart 6.2.5.

#### 6.8.4 Sraith Físeán faoin Phleanáil Teanga

<b>An Beart:</b>	Sraith físeán faoin phleanáil teanga		
<b>Réimsí:</b>	A, G	<b>Critéir pleánaíteanga:</b>	8, 10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Ábhar Gaeilge a chur ar fáil do theaghlaigh agus do dhaointe a oibríonn le páistí; cur leis an méid Gaeilge a úsáideann pobal an LPT agus iad ar líne.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar sraith físeán a thaifead agus a chur ar na hardáin shóisialta atá ag CPTGL.</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Beidh na físeáin seo bunaithe ar théamaí atá fóirsteanach do theaghlaigh/daoine óga, mar shampla an ealaíon, an għarrāiodóireacht, an chócaireacht, an ceol, srl.</li> <li>- D'fhéadfaí painéal daoine óga a chur le chéile a chuirfeadh na físeán i láthair.</li> <li>- Cuirfear sraith físeán (5 fhíseán an tsraith) amach i mBliain 2, Bliain 4, agus Bliain 6.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Óige an LPT</li> <li>- Muintearas</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 2, 4, 6:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€4,500
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,500 (2 cheamara @ €500 + €500 táille eagarthóra, measta)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Glór na nGael</li> <li>- Tuismitheoirí na Gaeltachta</li> <li>- Muintearas</li> </ul>
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar an líon físeán a thaifeadfar.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh rath an bhirt seo le feiceáil ar an mhéid idirghnómhaithe a dhéanfar leis na físeáin ar na meáin shóisialta.

## 6.9 Seirbhísí Poiblí

### 6.9.1 Seirbhísí Stáit/Údarás na Gaeltachta

<b>An Beart:</b>	Seirbhísí Stáit/Údarás na Gaeltachta
<b>Réimsí:</b>	H <b>Critéir pleanála teanga:</b> 3, 18, 19
<b>Aidhm:</b>	Soláthar seirbhísí stáit trí mheán na Gaeilge a chinntíú don LPT.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar stoaireacht ar Údarás na Gaeltachta le go mbeidh láithreacht acu sa LPT agus teagmháil rialta le pobal an LPT; go gcaithfidh siad lá/dhá lá sa LPT agus d'fhéadfaí seo a roinnt idir Gleann Finne agus Baile na Finne sa dóigh is go mbeidh deis ag daoine sna ceantracha éagsúla sa LPT a ngnó a dhéanamh leis an Údarás.</li> <li>- Faoi alt 17 de <i>Acht na Gaeltachta, 2021</i> leagtar amach an fhoráil seo a chuireann in iúl gur féidir leis an Údarás seirbhísí stáit a chur ar fáil thar ceann rannóga stáit:           <p style="margin-left: 20px;">“(6B) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seirbhísí a sheachadadh thar ceann comhlachtaí Stáit eile sa Ghaeltacht.”</p> </li> <li>- Déanfar poiblíocht fhorleathan ar na huaireanta/laethanta a bheidh an tÚdarás sa cheantar sa dóigh is go mbainfear leas as an tseirbhís sin.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- CPTGL (príomhúinéir)</li> <li>- An OPT</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Polaiteoirí áitiúla</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Conradh na Gaeilge</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 2:</b> Na huaireanta/laethanta a shocrú <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar an beart seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil má bhaintear an sprioc amach.

### 6.9.2 Seirbhísí Eaglasta

<b>An Beart:</b>	Seirbhísí eaglasta		
<b>Réimsí:</b>	H, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 3, 12, 15, 18
<b>Aidhm:</b>	Cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a bhuanú sna seirbhísí eaglasta sa LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Léiríonn an taighde príomha a rinneadh sa LPT go bhfuil seirbhísí eaglasta ar cheann de na comhthéacsanna is mó ina mbítear ag labhairt i nGaeilge.</li> <li>- Cruthófar nasc agus caidreamh fóntha leis an chléir chun féidearthachtaí a phlé maidir le bealaí a bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacs na seirbhísí eaglasta, mar shampla na sacraimintí a bheith ar fáil i nGaeilge.</li> <li>- Próiseas comhairliúcháin a chur ar bun leis na hionadaithe áitiúla agus cuirfear comhairle orthu maidir le dea-chleachtas teanga a chothú.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An Eaglais Chaitliceach (Easpag Dheoise Rath Bhoth, sagairt pharóiste a bhíonn ag freastal ar an LPT)</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€1,800		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€300 (ábhar tacaíochta a chur ar fáil agus/nó seisiúin/ceardlanna a reáchtáil de réir mar is gá le linn Bliain 2 – Bliain 7) (Ní Dhoimhín, 2018: 107)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Rannpháirtíocht na cléire a spreagadh.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Taispeánfar torthaí an taighde don chléir le cur ar a síle dóibh go bhfuil an beart seo bunaithe ar fhianaise a tháinig ón phobal féin.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.		

### 6.9.3 Seirbhísí Sláinte

<b>An Beart:</b>	Seirbhísí sláinte		
<b>Réimsí:</b>	H	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	3, 13, 18, 19
<b>Aidhm:</b>	Cur leis an méid Gaeilge atá ag soláthraithe seirbhísí sláinte atá ag freastal ar phobal an LPT.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar stocaireacht ar Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte (HSE) d'fhonn seirbhísí i nGaeilge a chinntíú do phobal an LPT.</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Comhoibriú leis an dá ionad Lae sa LPT (An Clochán agus Baile na Finne) chun comhpholasaí teanga a fhorbairt agus féachaint le coinníoll teanga a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta amach anseo.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</li> <li>- Ionad Lae Bhaile na Finne</li> <li>- Ionad Lae an Chlocháin</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2 – 7:</b> Próiseas comhairliúcháin a chur ar bun idir na páirtithe leasmhara
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar sholáthraithe seirbhísí sláinte.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Tacaíocht agus comhairle a thairiscint agus caidreamh a chothú le foireann na n-ionad lae agus le hionadaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.

## 6.10 Pleanáil agus Forbairt Thisiceach

### 6.10.1 Tearma(i)nn Teanga

<b>An Beart:</b>	Tearma(i)nn teanga
<b>Réimsí:</b>	I, J
<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 3, 8, 10, 11, 17, 19
<b>Aidhm:</b>	Ionad nó spás faoi leith a bheith ann a fheidhmeoidh mar thearmann teanga ina bhféadfaí a bheith ag súil le timpeallacht agus cuideachta Gaelach i gcónaí.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Spás (nó dhó ag brath ar éileamh, acmhainní, srl) a fhobairt mar thearmann teanga; caife nó siopa beag a bheith ar an láthair.</li> <li>- D'fhéadfaí uaireanta oscailte teoranta a leagan amach i dtosach ar bhonn píolótach agus iad a leathnú amach de réir mar a éiríonn leis an bheart sna blianta tosaigh.</li> <li>- Bheadh polasaí láidir teanga i bhfeidhm ón túis, rud a chinnteodh gurb í an Ghaeilge teanga oibre an ionaid.</li> <li>- D'fhéadfaí leas a bhaint as an spás seo chun imeachtaí eile de chuid an phlean teanga a reáchtáil ann, m. sh. Beart 6.4.3.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Ionad Oidhreachta Isaac Butt</li> <li>- Áras Sheáin Bháin</li> <li>- Halla Éadan an Fhionn Fhraoich</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 3 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costais ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo. <sup>19</sup>
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní bhaineann.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Seans go mbeadh drogall ar mhuintir na háite dul isteach in áit mar seo mar nach bhfuil taithí acu ar a leithéid.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Laethanta/oícheanta oscailte a reáchtáil sa dóigh is go mbeidh deis ag an phobal bualadh isteach agus triail a bhaint as an áit; feicfidh pobal an LPT cad é mar a fheidhmíonn an áit nuair a bheidh siad ag freastal ar imeachtaí eile de chuid an phlean ann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.

<sup>19</sup> Deimhnithe ag ionadaí ó Ionad Oidhreachta Isaac Butt ar 29 Aibreán 2021 nach ngearraí táille ar a leithéid de ghníomhaíocht san ionad sin.

<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.
--	---

### 6.10.2 Comharthaíocht i nGaeilge

<b>An Beart:</b>	Comharthaíocht i nGaeilge
<b>Réimsí:</b>	I   <b>Critéir pleála teanga:</b> 17
<b>Aidhm:</b>	An Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí sa LPT; cur le híomhá agus spiorad an cheantair mar cheantar Gaeltachta; cur ar a síle do chuaирteoirí isteach sa LPT go bhfuil an Ghaeilge beo ann mar theanga phobail.
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall sa dóigh is go dtabharfar túis áite don Ghaeilge sa chomharthaíocht ar fud an LPT.</li> <li>- Comharthaí a dheardadh a fhógraíonn gur ceantar Gaeltachta atá ann seo agus go gcuirtear fáilte roimh Ghaeilge sa cheantar.</li> <li>- Comhoibriú le coistí áitiúla (amhail Coiste Oidhreachta Ghleann Fhinne) le tograí comharthaíochta a chur i gcrích.</li> <li>- Tógail ar an dea-obair atá déanta i nGleann Fhinne, mar shampla, áit a bhfuil comharthaí na mbailte fearainn uilig i nGaeilge.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CC Dhún na nGall</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Úinéirí gnó an LPT (urraíocht)</li> <li>- Coistí forbartha sa LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.2.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil go poiblí, má bhaintear an sprioc amach.

## 6.11 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 6.11.1 Club Drámaíochta na Gaeltachta Láir

<b>An Beart:</b>	Club drámaíochta na Gaeltachta Láir		
<b>Réimsí:</b>	J	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Club drámaíochta a chur ar bun sa LPT; caitheamh aimsire a chur ar fáil do phobal an LPT trí mheán na Gaeilge.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- De réir an taighde a rinneadh mar chuid den phlean teanga, tá an-tóir ar an drámaíocht sa LPT.</li> <li>- Déanfar club drámaíochta Gaeilge a bhunú agus cuirfear fáilte roimh dhaoine as gach cearn den LPT.</li> <li>- Mar chuid d'imeachtaí an chlub, reáchtálfar ceardlanna aisteoireachta le haisteoirí áitiúla agus ó cheantracha Gaeltachta eile sa chondae.</li> <li>- D'fhéadfaí nasc a chruthú le grúpaí drámaíochta eile sa chondae, amhail Aisteoirí Ghaoth Dobhair.</li> <li>- Glacfar páirt i bhféilte drámaíochta ar fud na tíre.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Ealaín na Gaeltachta</li> <li>- Amharclann Ghaoth Dobhair</li> <li>- Céim Aniar sna Dúnaibh</li> <li>- Ionad Ealaíon Bhalor, Bealach Féich</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ealaín na Gaeltachta</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- An Chomhairle Ealaíon</li> </ul>		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na n-imeachtaí a reáchtálfar tríd an Chlub.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha.		

### 6.11.2 Scéim “GaelChara”

<b>An Beart:</b>	Scéim “GaelChara”		
<b>Réimsí:</b>	C, D, J, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 8, 10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Deis foghlama agus sóisialaithe a chur ar fáil do phobal an LPT.		

<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tógáil ar an scéim phíolótach atá forbartha ag CPT Chloich Cheann Fhaola<sup>20</sup>.</li> <li>- Cuirfear foghlaimeoir Gaeilge in aithne do chainteoir líofa/dúchais agus beidh orthu líon áirithe uaireanta a chaitheamh i gcuideachta a chéile i mbun caitheamh aimsire nó scil a fhoghlaim.</li> <li>- Beidh tréimhse 6 nó 10 mí ag rannpháirtithe na coinníollacha a shásamh.</li> <li>- Bronnfar “dámhachtain” nó “scoláireachtaí” de €200-€300 an duine ar na rannpháirtithe. Íocfar a leath ag túis na scéime agus a leath eile nuair a bheidh na coinníollacha sásaithe/an tréimhse ama curtha isteach.</li> <li>- Reáchtálfar ócáid bhornta agus/nó ócáid cheiliúrtha ag deireadh na scéime.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€30,100
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€4,300 (€250 x 8 foghlaimeoir + 8 meantóir + €300 poiblíocht)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Rannpháirtithe a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa scéim.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Poiblíocht fhorleathan a dhéanamh ar an scéim agus cur i gcuimhne don phobal go bhfuil go leor buntáistí le sóisialú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge don té atá ag foghlaim agus don té atá líofa.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na rannpháirtithe a ghlaçann páirt sa scéim.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dáilfear foirmeacha aiseolais ar rannpháirtithe ag túis agus deireadh na scéime.

### 6.11.3 Grúpaí Sóisialta do Dhaoine Fásta

<b>An Beart:</b>	Grúpaí sóisialta do dhaoine fásta		
<b>Réimsí:</b>	J	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Éagsúlacht caitheamh aimsire a thairiscint do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu agus cur le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go rialta/go sóisialta.		

<sup>20</sup> <http://pleanailteangachloichcheannfhaola.com/wp-content/uploads/2020/08/gaelchara-2020-crit%C3%A9ar-eolas-PDF.pdf> Léite 24 Samhain 2020

<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar daoine a earcú ar bhonn deonach le grúpaí sóisialta a chur ar bun.</li> <li>- Tiocfaidh na grúpaí le chéile sna hionaid éagsúla sa LPT ag brath ar théama an ghrúpa, m. sh. d'fhéadfadh grúpa scéalaíochta teacht le chéile i dTeach an Cheoil i mBaile na Finne.</li> <li>- Samplaí de na grúpaí a d'fhéadfáí a bhunú: Grúpa Siúlóide, Grúpa Léitheoireachta, Grúpa Scríbhneoiréachta, Club Scannán, Grúpa Scéalaíochta, Grúpa Tae &amp; Plé</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Pobal an LPT</li> <li>- Coistí forbartha an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€17,500
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,500 <sup>21</sup>
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Daoine a ghríosú chun tograí mar seo a chur ar bun agus a stiúradh.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Tacaíocht láidir ón OPT ag an túis go dtí go mbeidh na grúpaí bunaithe agus ar obair; poiblíocht mhaith a dhéanamh orthu.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ngrúpaí a chuirfear ar bun.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Baileofar aiseolas ó bhaill na ngrúpaí, tríd na foirmeacha a luaitear i mBeart 6.2.5.

#### 6.11.4 Cumann Lúthchleas Gael

<b>An Beart:</b>	Cumann Lúthchleas Gael		
<b>Réimsí:</b>	C, F, J, K	<b>Critéir pleinála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Seasmhacht na Gaeilge sa Chumann Lúthchleas Gael a ardú sa LPT; an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga chumarsáide sa dá chlub CLG.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar cruinniú comhairliúcháin a reáchtáil le lucht stiúrtha na gClubanna chun iad a ghríosú le páirt a ghlacadh i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha<sup>22</sup>.</li> </ul>		

<sup>21</sup> Costas measta: ag brath ar éileamh/na grúpaí a bhunófar, cuirfear ciste de ~€500 ar fáil do gach grúpa le hacmhainní/cíos a chlúdach.

<sup>22</sup> <https://www.gaa.ie/api/pdfs/image/upload/pak7p4auxqsko3liygds.pdf> Léite 24 Samhain 2020

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Iarrfar ar na clubanna tuilleadh Gaeilge a úsáid ina gcuid ábhar poiblíochta agus comharthaíochta, agus beidh comhairle ar fáil ón OPT ina leith seo.</li> <li>- Déanfar seisiún traenála teanga leis na traenálaithe agus lucht bainistíochta na gClubanna.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- Foirne agus baill CGL Ghleann Finne</li> <li>- Foirne agus baill Naomh Chonall</li> <li>- Oifigeach Forbartha Gaeilge CLG (Jamie Ó Tuama)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Glór na nGael</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,200
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,200
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cumann Lúthchleas Gael</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Glór na nGael</li> </ul>
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Claonadh seanbhunaithe i dtaobh an Bhéarla a athrú; baill na gclubanna a spreagadh le tacú leis an Bheart.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Bheifí ag súil go gcuideodh na bearta eile sa phlean leis an athrú meoin sin.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na gcruiinnithe/gceardlann a reáchtálfar.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dáilfear foirmeacha aiseolais ar bhaill an chlub agus déanfar na torthaí a phlé ag cruinníú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

### 6.11.5 Scoil Cheoil na Gaeltachta Láir

<b>An Beart:</b>	Scoil Cheoil na Gaeltachta Láir		
<b>Réimsí:</b>	D, J	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	11, 12
<b>Aidhm:</b>	Teacht i dtír ar acmhainn chultúrtha atá go tréan sa LPT agus scoil cheoil a chur ar bun le freastal ar bhunadh na Gaeltachta Láir agus cuairteoirí/turasóirí.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Coiste a chur ar bun le ceoltóirí agus daoine áitiúla a bhfuil suim acu san fhorbairt pobail a chur le chéile chun na féidearthachtaí a mheas.</li> <li>- Scoil samhraidh agus/nó gheimhrídhe a fhorbairt le béim ar an ghné Ghaelach.</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- D'fhéadfaí múnla "Ceol na Coille"<sup>23</sup>, Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair<sup>24</sup> agus/nó Rodney Deery Music<sup>25</sup> a úsáid.</li> <li>- Ranganna ceoil a reáchtáil le linn na bliana.</li> <li>- Taispeántais cheann bliana a reáchtáil.</li> </ul>
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Ceoltóirí an LPT</li> <li>- An Chomhairle Ealaón</li> <li>- Ealaín na Gaeltachta</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2:</b> Socruithe agus ullmhúcháin <b>Bliain 3 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€15,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,000 (ranganna + poiblíocht)
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta</li> <li>- An Chomhairle Ealaón</li> <li>- Ealaín na Gaeltachta</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Daoine a mhealladh go dtí an ceantar chun freastal ar na ranganna ceoil.</li> <li>- An Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga na Scoile.</li> </ul>
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Fógraíocht a dhéanamh ar na ranganna sna bailte taobh amuigh den LPT fríd na scoileanna.</li> <li>- Polasaí teanga a leagan síos agus an Ghaeilge a bheith chun tosaigh ar ábhar poiblíochta srl.</li> </ul>
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ranganna a reáchtálfar agus líon na rannpháirtithe.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Pléifear éifeacht an bhirt ag cruinnithe CPTGL.

<sup>23</sup> <https://ceolnacoille.ie/> Léite 6 Nollaig 2020

<sup>24</sup> <http://scoilheimhridh.com/> Léite 6 Nollaig 2020

<sup>25</sup> <https://www.facebook.com/RodneyDeeryMusic/> Léite 6 Nollaig 2020

## 6.12 Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nómhaireacht an phobail ina leith

### 6.12.1 Scéim Intéirneachtaí le Gaeilge

<b>An Beart:</b>	Scéim Intéirneachtaí le Gaeilge	
<b>Réimsí:</b>	E, F, K	<b>Critéir leanála teanga:</b> 2, 11, 19
<b>Aidhm:</b>	Deiseanna fostáiochta a chur ar fáil do dhéagóirí an LPT; blaiseadh a thabhairt daofa de ghairmeacha beatha le Gaeilge.	
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear suas le trí intéirneacht ar fáil do dhaltaí meánscoile agus do mhic léinn ollscoile de chuid an LPT, le tréimhse a chaitheamh ag obair le heagraíochtaí Gaeilge agus leis an OPT thar an samhradh.</li> <li>- I gcás an duine a chaithfeas an intéirneacht ag obair leis an OPT, beidh clár cuimsitheach leagtha amach a bhéarfaidh léargas leathan ar an obair phleanála teanga don té sin.</li> </ul>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CPTGL</li> <li>- GSCU</li> <li>- Glór na nGael</li> <li>- Foras na Gaeilge</li> <li>- Conradh na Gaeilge</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>	
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1:</b> Socruthe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€19,200	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,200 (€10.00 in aghaidh na huaire x 8 seachtaine x 1 intéirneacht)	
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta	
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Deimhniú go nglacfadh na heagraíochtaí Gaeilge le hintéirneacht.	
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	D'fhéadfadh an OPT clár oibre a leagan amach i gcomhar leis na heagraíochtaí éagsúla sa dóigh is go mbeidh an intéirneacht fiúntach do gach duine agus nach mbeidh breis oibre leagtha ar na heagraíochtaí.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Déanfar cur i bhfeidhm an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL. Coinneoidh an OPT taifead ar líon na ndaltaí a chuireann isteach ar na hintéirneachtaí.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.	

### 6.12.2 Cumainn Ghaelacha ollscoile a thabhairt go dtí an LPT

<b>An Beart:</b>	Cumainn Ghaelacha ollscoile a thabhairt go dtí an LPT
------------------	---

<b>Réimsí:</b>	C, J, K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	10, 11, 12
<b>Aidhm:</b>	Daoine a thabhairt chuig an cheantar agus borradh a chur faoin saol sóisialta sa cheantar. Daoine óga ón LPT a chur ag meascadh le daoine óna cathracha/bailte móra.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar nasc a chruthú leis na hollscoileanna ar fud na tíre agus déanfar teagmháil go speisialta le Comhordaitheoir Tríú Leibhéal Chonradh na Gaeilge leis an deis seo a chur chun tosaigh.</li> <li>- Cuirfear clár samplach le chéile le cur faoi bhráid na gCumann a mheallfadhbh chun na Gaeltachta Láir iad.</li> <li>- D'fhéadfáí nascadh le hOideas Gael atá ag reáchtáil cúrsaí do dhaoine fásta ar an Choimín le roinnt mhaith blianta.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Oideas Gael</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Conradh na Gaeilge</li> <li>- Ollscoileanna na tíre agus na Sé Chondae</li> <li>- Comhairle Contae Dhún na nGall</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 3 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,000 (deireadh seachtaine amháin sa bliaín acadúil)		
<b>Foinse maoinithe:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Foras na Gaeilge</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> <li>- Ollscoileanna na tíre agus na Sé Chondae</li> <li>- Comhairle Contae Dhún na nGall</li> </ul>		
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cumainn Ghaelacha a mhealladh chuig ceantar Gaeltachta atá measartha anaithnid daofa i gcomparáid lena leithéidí Ghaoth Dobhair agus na hoileáin.</li> <li>- Dátaí a roghnú a fhóireann don Chumann agus don cheantar.</li> </ul>		
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Seans nach minic a chuireann ceantracha Gaeltachta iad féin i láthair na gCumann seo. Moltar clár samplach agus cur chuige gairmiúil a chur faoina mbráid. Bheifí ag súil go dtarraingeodh an próiseas pleanála teanga aird ar an cheantar.</li> </ul>		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar aon chumarsáid a dhéanfar leis na Cumainn, agus déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt ag cruinnithe CPTGL.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Dáilfear ceistneoirí ar rannpháirtithe agus coinneoidh an OPT taifead orthu sa dóigh is go bhféadfáí éifeacht an bhirt seo a phlé ag cruinnithe CPTGL.		

### 6.12.3 Comhairle Contae Dhún na nGall

<b>An Beart:</b>	Comhairle Contae Dhún na nGall		
<b>Réimsí:</b>	K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	1, 3, 17, 18

<b>Aidhm:</b>	Comhordú a dhéanamh idir feidhmiú phlean teanga na Gaeltachta Láir agus cur chuige na Comhairle Contae i leith na Gaeilge.
<b>Cur síos:</b>	Iarrfar cruinniú bliantúil le Comhairle Contae Dhún na nGall ina bpléifear cur i bhfeidhm an phlean teanga agus feiceálacht na Gaeilge sa LPT, chomh maith le polasaithe teanga na Comhairle.
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- Coistí Pleanála Teanga Dhún na nGall le chéile</li> <li>- Comhairle Contae Dhún na nGall</li> <li>- Údarás na Gaeltachta</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Foinse maoinithe:</b>	Ní bhaineann.
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshláin ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar líon na gcuinnithe agus glacfar miontuairisci.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

#### 6.12.4 Feachtas Feasacha dírithe ar Chainteoirí Laethúla Gaeilge

<b>An Beart:</b>	Feachtas feasacha dírithe ar chainteoirí laethúla Gaeilge		
<b>Réimsí:</b>	K	<b>Critéir pleanála teanga:</b>	2, 12, 16, 19
<b>Aidhm:</b>	Nósanna seanbhunaithe teanga nach bhfuil fabhrach do sheasamh na Gaeilge a athrú agus feasacht i measc an phobail ar cheist na teanga a ardú.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cuirfear feachtas ar bun a bheidh dírithe ar dhea-chleachtais teanga a chothaíonn seasamh na Gaeilge. Tarraingeofar aird ar thorthaí an taighde a rinneadh mar chuid den phlean le dul i bhfeidhm ar bhaill an phobail.</li> <li>- Rachaidh an feachtas seo chun sochair do na bearta uilig sa phlean.</li> <li>- D'fhéadfai sraith póstaí/comharthaí a dheardadh agus a chrochadh sa LPT ina leith seo.</li> <li>- D'fhéadfai ceangail isteach leis na tograí lárnacha a bheidh ar siúl ag na hOPT ar fud na Gaeltachta.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> </ul>		

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- Raidió na Gaeltachta</li> <li>- Nuachtáin áitiúla</li> </ul>
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 1 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,500
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,500 (ábhar poiblíochta)
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge
<b>Dúshláin chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Feachtas a chur ar bun a bheidh tarraingteach agus dearfach.
<b>Sárú na ndúshláin:</b>	Comhairle a lorg ó shaineolaithe margáiochta Údarás na Gaeltachta agus grúpaí fócais a reáchtáil (go háirithe leis an aos óg) le smaointí an phobail a fháil. Dearthóir gairmiúil a earcú leis an dearadh a dhéanamh.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT fillteán den ábhar poiblíochta go léir a chuirfear amach mar chuid den bheart seo.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

### 6.12.5 Cainteanna Poiblí

<b>An Beart:</b>	Cainteanna poiblí		
<b>Réimsí:</b>	D, J, K	<b>Critéir leanála teanga:</b>	2, 11, 19
<b>Aidhm:</b>	Pobal an LPT a chur ag machnamh ar cheisteanna teanga agus leanála teanga.		
<b>Cur síos:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Déanfar sraith cainteanna poiblí a reáchtáil sa LPT, ag díriú ar cheisteanna teanga agus sochtheangeolaíochta, dírithe ar shainspéiseanna phobal an LPT, ar spriocgrúpaí faoi leith amhail tuismitheoirí, foghlaimeoirí, cainteoirí dúchais, srl.</li> <li>- D'fhéadfaí na cainteanna seo a chur ar siúl mar chuid d'imeachtaí eile a bheadh ar siúl cheana féin, mar shampla imeachtaí spóirt nó teaghlaigh.</li> <li>- Níor cheart go mbeadh gné acadúil iontach lárnach sna cainteanna seo sa dóigh is go mbeidh spéis ag an phobal go léir iontu.</li> </ul>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An OPT (príomhúinéir)</li> <li>- CPTGL</li> <li>- An cheanneagraíocht</li> <li>- CLG áitiúil</li> <li>- Scoileanna an LPT</li> <li>- Coistí forbartha an LPT</li> <li>- Pobal an LPT</li> </ul>		
<b>Saolré an bhirt:</b>	<b>Bliain 2:</b> Socruithe agus ullmhúchán <b>Bliain 2 – 7:</b> Feidhmiú an bhirt		

<b>Costas measta iomlán:</b>	€6,000
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,000 (ábhar poiblíochta @ €100 + 6 aoichainteoir @ €150) <sup>26</sup>
<b>Foinse maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.
<b>Sárú na ndúshlán:</b>	Ní bhaineann.
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na daoine a bhíonn i láthair ag na cainteanna.
<b>Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:</b>	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinniú leathbhliana an Choiste Stiúrtha.

<sup>26</sup> Bunaithe ar mheastachán ó phlean teanga Ghaeltacht na Mí

## 7 Costais agus Maoiniú

### 7.1 Costais

Tá eolas maidir le costas iomlán na mbeart tugtha i mír 6 den phlean teanga (féach thuas).

Sa mhír seo déanfar coimriú ar chostais iomlána an phlean de réir bliana ar mhaithe le soiléiriú agus mar áis len iad a scrúdú go furasta.

I dtosach caithfear Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú go lánamearthá, duine a mbeidh eolas ar an phleanáil teanga acu agus na hinniúlachtaí cuí chun an pleán a chur i bhfeidhm thar na seacht mbliana (Beart 6.2.2). Chomh maith leis sin, beidh gá le ceanncheathrú lárnach ina mbeidh an OPT lonnaithe agus dá réir sin beidh costais cíosa, teasa, árachais, taistil, agus eile ag baint leis an chéim seo den phlean.

#### 7.1.1 Nótá maidir le Beart 6.2.2

Tá briseadh síos sna táblaí a leanann ar na costais a bhaineann le Beart 6.2.2<sup>27</sup>.

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastal	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00
Scéim Phinsin (10%)	€1,750.00	€3,750.00	€4,000.00	€4,250.00	€4,500.00	€4,750.00	€5,000.00
Cáin an Fhostóra (11%)	€3,850.00	€4,125.00	€4,400.00	€4,675.00	€4,950.00	€5,225.00	€5,500.00
Iomlán	€40,600.00	€45,375.00	€48,400.00	€51,425.00	€54,450.00	€57,475.00	€60,500.00

Tábla 7.1 Tuarastal an OPT

An tOifigeach Pleanála Teanga							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Earcaíocht	€1,000	-	-	-	-	-	-
Taisteal	€4,000	€4,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000
Stáiseanóireacht, prioritál agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000
Trealamh <sup>28</sup>	€2,000	€700	€700	€700	€700	€700	€700
Fo-ionmlán	€12,000	€9,700	€8,700	€8,700	€8,700	€8,700	€8,700
Tuarastal	€40,600.00	€45,375.00	€48,400.00	€51,425.00	€54,450.00	€57,475.00	€60,500.00
Iomlán (le tuarastal)	€52,600.00	€55,075.00	€57,100.00	€60,125.00	€63,150.00	€66,175.00	€69,200.00

Tábla 7.2 Clár caiteachais Bheart 6.2.2

<sup>27</sup> Costais bunaithe ar Phlean Teanga Ghaeltacht na Mí (Ní Dhoimhín, 2018: 125)

<sup>28</sup> Cuirfear isteach ar scéim trealamh aon-uaire na Roinne chun na costais seo a chlúdach.

## 7.2 Clár Caiteachais Phlean Teanga na Gaeltachta Láir

Beart	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Feidhmiú an Phlean Teanga</b>							
6.2.1	-	-	-	-	-	-	-
6.2.2	<b>€52,600.00</b>	<b>€55,075.00</b>	<b>€57,100.00</b>	<b>€60,125.00</b>	<b>€63,150.00</b>	<b>€66,175.00</b>	<b>€69,200.00</b>
6.2.3	€7,500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
6.2.4	-	-	-	-	-	-	-
6.2.5	€432.00	€432.00	€432.00	€432.00	€432.00	€432.00	€432.00
6.2.6	€3,000.00	-	-	-	-	-	-
<b>An Córás Oideachais</b>							
6.3.1	-	-	-	-	-	-	-
6.3.2	-	-	-	-	-	-	-
6.3.3	<b>€5,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>	<b>€2,000.00</b>
6.3.4	-	-	-	-	-	-	-
6.3.5	-	-	-	-	-	-	-
6.3.6	€800.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00
6.3.7	€200.00	€200.00	€200.00	€200.00	€200.00	€200.00	€200.00
6.3.8	€400.00	€400.00	€400.00	€400.00	€400.00	€400.00	€400.00
6.3.9	-	-	-	-	-	-	-
6.3.10	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
<b>Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh</b>							
6.4.1	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00
6.4.2	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00	€1,2500.00
6.4.3	-	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
6.4.4	-	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00
6.4.5	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
<b>Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrápaí eile</b>							
6.5.1	€5,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
6.5.2	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
6.5.3	€5,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
6.5.4	-	-	-	-	-	-	-
6.5.5	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
<b>Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais</b>							
6.6.1	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00

<b>6.6.2</b>	-	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00
<b>6.6.3</b>	-	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00
<b>An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>							
<b>6.7.1</b>	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
<b>6.7.2</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.7.3</b>	-	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
<b>6.7.4</b>	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
<b>Na Meáin Chumarsáide</b>							
<b>6.8.1</b>	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00
<b>6.8.2</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.8.3</b>	-	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
<b>6.8.4</b>	-	€1,500.00	-	€1,500.00	-	€1,500.00	-
<b>Seirbhísí Poiblí</b>							
<b>6.9.1</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.9.2</b>	-	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00	€300.00
<b>6.9.3</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach</b>							
<b>6.10.1</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.10.2</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>							
<b>6.11.1</b>	€4,300.00	€4,300.00	€4,300.00	€4,300.00	€4,300.00	€4,300.00	€4,300.00
<b>6.11.2</b>	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00	€1,800.00
<b>6.11.3</b>	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00
<b>6.11.4</b>	-	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00	€1,200.00
<b>6.11.5</b>	-	-	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
<b>Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith</b>							
<b>6.12.1</b>	-	€3,200.00	€3,200.00	€3,200.00	€3,200.00	€3,200.00	€3,200.00
<b>6.12.2</b>	-	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
<b>6.12.3</b>	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.12.4</b>	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00	€1,500.00
<b>6.12.5</b>	-	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
<b>Iomlán:</b>	€101,532.00	€104,607.00	€110,132.00	€114,657.00	€116,182.00	€120,707.00	€122,232.00

Tábla 7.3 Clár Caiteachais an Phlean Teanga de réir bliana

### **7.3 Maoiniú**

Is í An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, trí Údarás na Gaeltachta, a dhéanfas an pleán teanga seo a mhaoiniú.

## 8 Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

### 8.1 Forbairt Feasachta

Tuigtear don Choiste Pleanála Teanga go bhfuil an fheasacht teanga agus feasacht ar an phróiseas pleanála teanga trí chéile ina ghné lárnach agus ríthábhachtach de chur i bhfeidhm an phlean agus neartú na teanga i gcoitinne. Is maith is eol don Choiste go gcaithfear feasacht ar na nithe sin a ardú ar bhealach dearfach agus dá réir sin tá roinnt bearta san áireamh sa phlean atá dírithe air sin:

Beart	Teideal	Spriocghrúpa
<b>6.2.3</b>	Láithreacht ar líne	Pobal an LPT
<b>6.2.6</b>	Seoladh Plean Teanga na Gaeltachta Láir	Pobal an LPT
<b>6.3.8</b>	Modúl ar Fhéiniúlacht na Gaeilge don Idirbhliain	Daltaí meánscoile
<b>6.3.9</b>	Feasacht Teanga i measc Daltaí Scoile an LPT	Daltaí scoile
<b>6.3.10</b>	Gairmeacha le Gaeilge	Daltaí meánscoile
<b>6.4.4</b>	An Ghaeilge a chur chun sinn sa bhaile	Teaghlaigh an LPT
<b>6.4.5</b>	Acmhainní do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí an LPT	Tuismitheoirí/Caomhnóirí
<b>6.7.1</b>	Seirbhís Aistriúcháin agus Tacaíochta Teanga don Earnáil Ghnó	Úinéirí gnó an LPT
<b>6.8.1</b>	Nuachtlitir an LPT	Pobal an LPT
<b>6.8.4</b>	Sraith físeán faoin Phleanáil Teanga	Teaghlaigh an LPT
<b>6.10.2</b>	Comharthaíocht i nGaeilge	Pobal an LPT/Turasóirí
<b>6.12.4</b>	Feachtas Feasacha dírithe ar Chainteoirí Laethúla Gaeilge	Cainteoirí Gaeilge
<b>6.12.5</b>	Cainteanna Poiblí	Pobal an LPT

### 8.2 Poiblíocht

#### 8.2.1 Brandáil

Tuigtear go bhfuil gá le branda láidir sa lá atá inniu ann i ngach gné den saol, agus ní haon eisceacht í an phleanáil teanga. Dá réir sin molann an Comhairleoir Pleanála Teanga go gcuirfí comórtas ar bun nó go bhfostófaí dearthóir grafaice chun lógó úr agus branda inmharthana a chruthú a d'athneodh an pobal go héasca ar gach ábhar poiblíochta agus eile a chuireann an Coiste Stiúrtha amach. D'fhéadfaí tógáil ar an lógó reatha, ag cur san áireamh tírdhreach agus dúlra an cheantair ach é a dhéanamh níos tarraingtí agus níos nuaimseartha.

#### 8.2.2 Poiblíocht

Bainfear úsáid as modhanna éagsúla poiblíochta le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean le poiblíocht a dhéanamh ar bhearta an phlean nó ar an phlean féin, ina measc:

- Ábhar clóite, amhail bileoga, leabhráin, póstaeir, srl.
- Meán chlóite, amhail fógraí i nuachtáin agus nuachtlitreacha áitiúla.
- Raidió, amhail Raidió na Gaeltachta agus Highland Radio go háirithe.
- Idirlón agus na meáin shóisialta, amhail suíomh idirlín an choiste, cuntas Facebook, Twitter, srl., de chuid an choiste. (Ní Dhoimhín, 2018, p. 128)

## 9 Feidhmiú agus Monatóireacht

### 9.1 Feidhmiú an Phlean Teanga

#### 9.1.1 Struchtúr Feidhmithe

Leagtar struchtúr feidhmithe trí leibhéal amach i mBeart 6.2.1 agus Beart 6.2.2, rud a chinnteoidh gur ar bhealach éifeachtúil agus gairmiúil a chuirfear an plean teanga i bhfeidhm. Is iad an cheanneagraíocht, an coiste stiúrtha agus an OPT an trí leibhéal atá i gceist. Tiocfaidh an OPT, CPTGL agus an cheanneagraíocht le chéile ar bhonn míosúil chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

#### 9.1.2 Ról na Ceanneagraíochta

Is í Gleann Fhinne CTR a ainmníodh mar cheanneagraíocht ar an phróiseas pleanála teanga sa LPT, agus is í atá freagrach as cur i bhfeidhm an phlean. Feidhmeoidh an cheanneagraíocht mar fhostóir don OPT agus mar idirghabhálaí idir an coiste stiúrtha/an OPT agus Údarás na Gaeltachta. Tá an cheanneagraíocht luaite mar phríomhúinéir ar na bearta seo a leanas:

Beart	Teideal
6.2.1	Struchtúr Feidhmithe
6.2.2	Oifigeach Pleanála Teanga

#### 9.1.3 Ról an Oifigigh Pleanála Teanga

Beidh an OPT fostaithe ag an cheanneagraíocht, Gleann Fhinne CTR agus beidh sé/sí ag obair i gcomhar le CPTGL, an coiste stiúrtha. Is é an OPT atá ina phríomhúinéir ar gach beart sa phlean seachas na cinn atá lúaite thuas. Beidh saoirse áirithe ag an OPT leasuithe a dhéanamh ar bhearta sa phlean de réir agus é/í i mbun na hoibre, is é sin, imeacht ón chur chuige atá molta sa phlean nó bearta a bhaint den phlean má thagann sé chun solais nach bhfeidhmeoidh na bearta mar a bhí tuartha ach é a bheith pléite agus glanta leis an cheanneagraíocht agus le CPTGL roimh ré. Beidh sé de chead ag an OPT tograí/bearta nua a mholadh nach bhfuil sa phlean festa ach na bearta sin agus an buiséad a aontú le CPTGL, leis an cheanneagraíocht agus le hÚdarás na Gaeltachta roimh ré.

### 9.2 Monatóireacht

Aithníonn an Coiste Pleanála Teanga go bhfuil córas monatóireachta éifeachtúil chomh tábhachtach céanna le cur i bhfeidhm na mbeart agus go mbeidh gá le monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach i rith thréimhse chur i bhfeidhm an phlean le cinntíú go mbeidh rath air. Bainfear úsáid as torthaí an chórais mhonatóireachta chun cur leis an eolas atá ag an Choiste Pleanála Teanga ar staid na Gaeilge sa cheantar agus chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean. Tá struchtúr monatóireachta leagtha amach i mBeart 6.2.5. Sa chás go bhfeictear don OPT, do CPTGL nó don cheanneagraíocht,

nach bhfuil beart faoi leith ag feidhmiú mar is ceart nó go bhfuil fadhb nó constaic lena chur i bhfeidhm go héifeachtach, féadfar an beart a leasú, a bhaint, nó ceann nua a chur ina áit, le haontú CPTGL agus le dearbhú ón cheanneagraíocht agus ón Údarás go bhfuil an buiséad ar fáil chuige.

## Foinsí:

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2011a) ‘Census 2011 Sapmap area: Gaeltacht Area of Donegal’. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap\\_2011/](http://census.cso.ie/sapmap_2011/).

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2011b) ‘Census 2011 Small Area Population Statistics (SAPS)’. Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatisticssaps/>.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2017a) ‘Census 2016 Sapmap Area: Limistéir Pleanála Teanga An Ghaeltacht Láir’. Ar fáil ag:

[https://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog\\_Type=LPT2012&Geog\\_Code=864B7AC0-1B5E-4E27-AA20-EF415D4603F8](https://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=864B7AC0-1B5E-4E27-AA20-EF415D4603F8).

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2017b) ‘Census 2016 Small Area Population Statistics’. Ar fáil ag:

<https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/>.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2019) *Treoirínte Pleanála Teanga: Eagrán 5 - Fanáir 2019*. Na Forbacha: An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

ETB Dhún na nGall (2020) ‘Gairmscoil Chú Uladh’. Ar fáil ag:

<https://www.donegaletb.ie/ga/feature/iar-bhunscoileanna/gairmscoil-chu-uladh-7/>.

Laoise Ní Dhúda (2014) *Roghanna: Lámhleabhar eolais faoin bPleanáil Teanga*. An Mhí: Glór na nGael.

Mac Donnacha, S. (2000) ‘An Integrated Language Planning Model’, *Language Problems and Language Planning*, 24(1), pp. 11–35.

Mac Muirí, Dr. S. (2018) *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Dhún na nGall Theas*. Ar fáil ag: <https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-LPT-Dhu%CC%81n-na-nGall-Theas-cri%CC%81ochnaithe-19-12-2018.pdf>.

Mac Thréinfhir, F. (2017) *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola*. Ar fáil ag: <https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-do-Limistear-Pleanala-Teanga-Chloich-Cheann-Fhaola-leagan-chri%CC%81ochnu%CC%81il.pdf>.

Ní Dhoimhín, H. (2018) *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí*. Ar fáil ag: <https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-do-Limiste%CC%81ar-Pleana%CC%81la-Teanga-Ghaeltacht-na-Mi%CC%81-05.07.18-8-1.pdf>.

Ní Dhoimhín, H. agus Ó Baoill, D. (2016) *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir*. Ar fáil ag:

<https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-do-LPT-Ghaoth-Dobhair-Anagaire-Rann-na-Feirste-agus-Loch-an-lu%CC%81ir-Cri%CC%81och.pdf>.

Ní Dhoimhín, H. agus Uí Mhaoldomhnaigh, N. (2018) *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Árainn Mhór*. Ar fáil ag: <https://udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-LPT-A%CC%81rainn-Mho%CC%81r-Dre%CC%81acht-deiridh-1.pdf>.

Ó Giollagáin, C. et al. (2007a) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch a Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhtháth agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C. et al. (2007b) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch a Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Giollagáin, C. agus Charlton, M. (2015) *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2012) *Acht na Gaeltachta, 2012*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.  
SchoolDays.ie (2020a) *Scoil Náisiúnta An Choimín*. Ar fáil ag:  
<https://www.schooldays.ie/school/s-n-an-choimin-rollnumber-17564R> (Léite: 20 May 2021).

SchoolDays.ie (2020b) *Scoil Náisiúnta Cholmcille*. Ar fáil ag:  
<https://www.schooldays.ie/school/s-n-cholmcille-rollnumber-19260H> (Léite: 26 October 2020).

SchoolDays.ie (2020c) *Scoil Náisiúnta Dúchoraidh*. Ar fáil ag:  
<https://www.schooldays.ie/school/s-n-duchoraidh-rollnumber-16837V> (Léite: 26 October 2020).

SchoolDays.ie (2020d) *Scoil Náisiúnta Éadan Fhionn Fraoich*. Ar fáil ag:  
<https://www.schooldays.ie/school/sn-eadan-fionnfaoich-rollnumber-17122I> (Léite: 20 May 2021).

SchoolDays.ie (2020e) *Scoil Náisiúnta Taobhóige*. Ar fáil ag:  
<https://www.schooldays.ie/school/s-n-taodhbhog-rollnumber-17553M> (Léite: 26 October 2020).

Údarás na Gaeltachta (2020) ‘Dún na nGall’. Ar fáil ag: <https://udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht/dun-na-ngall/>.

## Aguisín I: Critéir Pleanála Teanga

Is iad seo a leanas na critéir pleanála teanga do limistéar pleanála teanga Gaeltachta atá forordaithe faoi alt 12 d'Acht na Gaeltachta, 2012:

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i gngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena náirítéar sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena náirítéar seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostáiochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i gngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

## Aguisín II: Ceistneoirí

Seo a leanas cóipeanna de na ceistneoirí a scaipeadh ar an phobal mar chuid den taighde a rinneadh le haghaidh an Phlean Teanga.

### Suirbhé Teanga na Gaeltachta Láir

1. Cá bhfuil tú i do chóinéar? (Where do you live?)

An Baile Fearainn (Townland): \_\_\_\_\_

2. Briseadh síos ar aoiseanna agus inscne na ndaoine sa teach

(Breakdown of ages and gender of people in your house)

Uimhir Baineann

Number of Females

0-17	<input type="checkbox"/>
18-25	<input type="checkbox"/>
26-60	<input type="checkbox"/>
61+	<input type="checkbox"/>

Uimhir Fireann

Number of Males

0-17	<input type="checkbox"/>
18-25	<input type="checkbox"/>
26-60	<input type="checkbox"/>
61+	<input type="checkbox"/>

3. Cá h-áit ar tógadh tú (sibh)?

Where were the people in your house reared?

Líon daoine  
No. of people

An áit inár tógadh tú (Area reared)

**Sa cheantar seo** (this area)

**Ceantar Gaeltachta eile i dTír Chonaill**  
(another Donegal Gaeltacht)

**Ceantar Gaeltachta eile sa tír** (a Gaeltacht elsewhere in the Country)

**Áit eile sna 26 Condae** (outside the Gaeltacht in the 26 counties)

**Sna Sé Condae** (in the Six Counties)

**Tír eile** (Another Country)

**4. Cén teanga a bhí á úsáid sa teach ar fhás sibh aníos ann? Cur tic i mbosca do gach duine.** (How much Irish was in use in the house you grew up in? tick a box for each person in your house.)

	Gaeilge Amháin (Irish only)	Tromlach Gaeilge (Mostly Irish)	Tromlach Béarla Mostly English	Béarla Amháin English only	Eile Other
Duine 1 (1st Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 2 (2nd Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 3 (3rd Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 4 (4th Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 5 (5th Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
An chuid eile (Rest of Household)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

**5. Cuir tic sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar an chaighdeán Gaeilge atá ag gach duine sa teach anois.** (Tick the box that best describes the standard of Irish that each person in the house has now.)

	Gaeilge Liofa (Fluent Irish)	Gaeilge Mheasártha (Reasonable)	Beagán Gaeilge (Little Irish)	Gaeilge ar bith (No Irish)
Duine 1 (1st Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 2 (2nd Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 3 (3rd Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 4 (4th Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Duine 5 (5th Person)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
An chuid eile (Rest of Household)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

- 6. Inis dúinn an lín daoine sa teach atá an-mhaith, maith, measartha, lag ag na scileanna teanga seo leanas.** (Tell us the number of people, in your house, that are excellent, good, reasonable, poor or have none of the following language skills.)

Scil Teanga (Language Skill)	An-mhaith (Excellent)	Maith (Good)	Measartha (Reasonable)	Lag (Poor)	Níl (None)
Labhairt (Spoken)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Tuigbhéal (Understanding)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Léamh (Reading)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Scriobh (Written)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

- 7. Inis dúinn an lín daoine sa teach ar mhaith leo feabhas a chur ar na scileanna seo.** (Tell us the number of people in your house who would like to improve each of the following skills.)

Scil Teanga (Language Skill)	Ba mhaith Would Like	Níor mhaith (Wouldn't Like)	Níl fios (Don't know)
Labhairt (Spoken)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Tuigbhéal (Understanding)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Léamh (Reading)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Scriobh (Written)	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

- 8. An lín daoine sa teach a labhraíonn Gaeilge.** (The number of people in your house who speak Irish.)

Go laethúil (Daily)	<input type="text"/>	Is annamh é (Rarely)	<input type="text"/>
Gach seachtain (Weekly)	<input type="text"/>	Ní minic (Not that often)	<input type="text"/>
Minic go leor (Fairly often)	<input type="text"/>	Riamh (Never)	<input type="text"/>

- 9. Caidé chomh minic is a labhraíonn sibh Béarla le duine a bhfuil fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtóil aige/aici? (How often do you speak English to a person who you know has Irish?)**

Go laethúil (Daily)	<input type="checkbox"/>	Is annamh é (Rarely)	<input type="checkbox"/>
Gach seachtain (Weekly)	<input type="checkbox"/>	Ní minic (Not that often)	<input type="checkbox"/>
Minic go leor (Fairly Often)	<input type="checkbox"/>	Riamh (Never)	<input type="checkbox"/>

- 10. Cén fáth a labhraíonn sibh Béarla má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh? (Why do you speak English to someone if both of you can speak Irish?)**

- Chuir muid aithne ar a chéile i mBéarla** (We got to know each other through English)
- Cleachtadh, faisean nó nós atá ann.** (It's usual practice, custom or habit)
